ROS COM MON

Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council

# 2021

## Tuarascáil Bhliantúil



# 2021

## Ár bhfís

***Ag obair leat, ag obair ar do shon.***

## Ár Misean

***Chun a chinntiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, go bhfuil Contae Ros Comáin ina áit tarraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus beoga é chun maireachtáil ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air.***



Thuas: Clársheoltóireacht ar Loch Rí

Clúdach Tosaigh: Droichead ag Béal Átha Liag

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach** **2**

**Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin** **4**

**Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)** **5**

**An Stiúrthóireacht um Thithíocht, Pobal & Fiontraíocht, Turasóireacht, Oidhreacht, na hEalaíona, an tSeirbhís Leabharlainne, Tionscadail Speisialta & Athnuachan agus Fiontar Áitiúil** **7**

- Tithíocht agus Tógáil 8
- Pobal agus Fiontraíocht 12
- Turasóireacht 16
- Oidhreacht 18
- Na hEalaíona 20
- An tSeirbhís Leabharlainne 24
- Tionscadail Speisialta agus Athghiniúint 26
- Oifig Fiontar Áitiúil 29

**An Stiúrthóireacht um Bóithre & Iompar, Seirbhísí Éigeandála, Rialú Foirgníochta agus Pleanáil** **31**

- Bóithre agus Iompar 32
- Seirbhísí Éigeandála 39
- Rialú Foirgníochta 41
- Dreasachtaí agus Rialú Forbartha 43

**An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce, Comhshaol & an Aeráid, Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha, Bainistíocht Sócmhainní & Fuinnimh, Sláinte & Sábháilteacht agus Acmhainní Daonna** **45**

- Seirbhísí Uisce 46
- Cosaint an Chomhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide 51
- Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha 54
- Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh 58
- Acmhainní Daonna 60

**An Stiúrthóireacht um Airgeadas, IS agus Bunathrú Digiteach** **63**

- Cúrsaí Airgeadais 64
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide 68

**Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil** **71**

**Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach** **73**

**Aguisíní**

- Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2021 75
- Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2021 81
- Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2021 82
- Aguisín 4: An Struchtúr Bainistíochta 2021 84

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

Is geal linn foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo mar tugtar deis don Chomhairle léi chun machnamh a dhéanamh ar a cuid éachtaí iomadúla ar feadh 2021 d'ainneoin na ndúshlán mór a bhí os ár gcomhair. Den dara bliain i ndiaidh a chéile, cuirtear Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle i láthair i gcoinne an chúlra de ghéarchéim sláinte gan fasach Covid-19 agus na n-iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha uafásacha a bhaineann léi. Leis an tuarascáil seo tugtar deis don Chomhairle aird a dhíriú ar an rath ollmhór a bhí uirthi agus freagairtí nuálacha á soláthar aici don ghéarchéim sin agus leanúnachas seirbhísí á chinntiú ag an am céanna do shaoránaigh agus do phobail Chontae Ros Comáin.

Ar feadh 2021, rinne Comhairle Contae Ros Comáin roinnt dá cuid idirghabhálacha a chomhdhlúthú agus a fheabhsú araon atá deartha go sainiúil chun tionchar Covid-19 a mhaolú. Tríd an *Líne Chabhrach Saorghlao 24/7 um Fhreagairt Tacaíochta Pobail* leanadh de chúnamh a chur ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine leochaileacha. Leithdháil an Chomhairle níos mó ná €150,000 mar *Mhaoiniú Éigeandála Covid-19*, arna chur ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, do ghrúpaí pobail agus deonacha a bhí rannpháirteach sa fhreagairt don ghéarchéim. Chuir an Roinn €266,602 breise ar fáil, faoin *gCiste Gníomhaíochtaí Pobail*, chun cuidiú leis an gComhairle tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na grúpaí sin. Áiríodh le tacaíochtaí do ghnólachtaí an *Scéim Chúnaimh do Ghnólachtaí Beaga maidir le Deontais COVID* de mhéid iomlán €654,000 mar aon le tarscaoileadh rátaí de mhéid iomlán €3 mhilliún. Lean Seirbhís Dóiteáin na Comhairle de fhreagairt ilghníomhaireachta de chuid an Ghrúpa Bainistíochta Mór-éigeandála Réigiún an Iarthair don ghéarchéim a chomhordú agus bhí oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta dá cuid rannpháirteach go gníomhach i gcuidiú leis an Ionad Vacsaínithe Covid-19 i mBaile Ros Comáin.

Theastaigh ó bhearta sláinte poiblí chun leathadh víreas Covid-19 a shrianadh, a oibríodh ar leibhéil éagsúla ar feadh 2021, gur leanadh de shocruithe cianoibre d'fhostaithe na Comhairle agus rinneadh rochtain ar a cuid oifigí ag an bpobal a theorannú. D'éirigh leis an gComhairle, áfach, leibhéil normálta seirbhísí a choimeád trí theicneolaíochtaí úrscothacha faisnéise agus cumarsáide a úsáid agus tríd an *gClár Bunathraithe Dhigitigh* dá cuid féin a chur i bhfeidhm ar bhonn níos mó. Lean fostaithe d'obair tháirgiúil a dhéanamh trí bhíthin rochtain shlán ar líonra na Comhairle agus bhain siad úsáid as ardáin chumarsáide go forleathan do chruinnithe gnó. Lean custaiméirí de leas a bhaint as seirbhísí na Comhairle trí áiseanna amhail *My Online Services*, tairseach dhigiteach trínar féidir le custaiméirí líon seirbhísí ar líne atá ag dul i méid a rochtain ó ghléas ar bith, áit ar bith agus ag am ar bith. Faoi dheireadh na bliana, bhí níos mó ná 3,300 duine cláraithe mar chustaiméirí féinfhreastail ar an ardán digiteach sin. Bhíothas in ann dearbhú a thabhairt do chustaiméirí mar sin, d'ainneoin dhúshláin throma Covid-19, go leanfaí de sheirbhísí na Comhairle a oibriú le cur isteach íosta.

Leanadh d'fhorbairt an bhonneagair go tapa le linn na bliana. Cuireadh mórthionscadail amhail bóithre, uisce, fuíolluisce agus tithíocht chun cinn go suntasach nó cuireadh i gcrích iad. Cuireadh tús le dearadh agus le hoibreacha ullmhúcháin ar *Thionscadal an Bhóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg*. Tionóladh próiseas an Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 2 (Roghanna agus Roghanna Eile) do *Thionscadal N4 ó Chora Droma Rúisc go Dromad*. Cuireadh tús le hoibreacha ar *Thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin* agus tá dearadh mionsonraithe molta do *Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín* ag leanúint ar aghaidh faoi láthair. Chuir Comhairle Contae Ros Comáin 106 aon tithíochta sóisialta ar fáil faoin *gClár um Éadáil agus Tógáil* dá cuid. Mar léiriú de cháilíocht na hoibre a rinneadh ar an gclár seo, bhuaigh ceann dá scéimeanna, forbraíocht tithíochta *Chluain Fraoigh* i mBaile Ros Comáin *Duais Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH)* agus ghearrliostaigh Institiúid Chairte na Tithíochta é don *Fhorbraíocht Tithíochta Náisiúnta* is fearr.

Leanadh den obair in 2021 chun *Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027* a ullmhú. Cuireadh dréacht den phlean sin ar taispeáint go poiblí ón 21ú Aibreán go dtí an 2ú Iúil 2021. Chomhaontaigh Comhaltaí Tofa le hAthruithe Ábhartha Molta ar an dréacht ag Cruinniú Speisialta na Comhairle an 16ú Samhain 2021 tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar 160 aighneacht ó bhaill an phobail. Cuireadh tús le céim dheiridh an phróisis ceaptha plean an 7ú Nollaig 2021 le comhairliúchán breise ar na hAthruithe Ábhartha Molta. Tá muid ag súil leis an ról ríthábhachtach a bheidh ag *Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027*, tar éis do na Comhaltaí Tofa é a ghlacadh, maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ár gcontae a chinntiú do na 6 bliana le teacht.


Leanadh d'iarmhairt dhíobhálach Covid-19 ar thurasóireacht as ar fháilteachas ar feadh 2021. Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin cé chomh tábhachtach agus atá na gníomhaíochtaí turasóireachta, oidhreachta, ealaíon agus athnuachana dá cuid maidir le téarnamh inbhuanaithe a chur chun cinn sna hearnálacha sin. Lean an Chomhairle lena tiomantas in 2021 chun tionscadail idirghníomhaireachta turasóireachta a fhorbairt lenar áiríodh *Croíthailte Ceilte na hÉireann* Lean an Oifig Oidhreachta dá cuid, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Ros Comáin, le cur i bhfeidhm *Phlean Oidhreachta Chontae Ros Comáin*.

Lena Oifig na nEalaíon de na healaíona a thacú, a spreagadh agus a chothú. Chuir Ionad Ealaíon Ros Comáin 43 thaibhiú bheo agus 5 thaispeántas ar fáil. Cuireadh oibreacha réimse phoiblí i gcrích ar bhonn suntasach faoin *gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach* ag an gCearnóg agus ar an bPríomhshráid, Ros Comáin. Trí *Thionscnamh na mBailte Stairiúla* cuidíodh le cuma agus beocht Shráid na Mainistreach agus Shráid Mhic Eochaidh, Ros Comáin, a athrú ó bhonn. Cuireadh tús le roinnt tionscadal ar fud an chontae faoin *gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe*. Áiríodh leo sin athfhorbairt láithreán an Óstáin Ríoga i Mainistir na Búille ina ionad fiontar agus ina spás don phobal. Cuireadh oibreacha trídhreachaithe, réimse phoiblí, comharthaíochta, moil ionad phobail agus ealaíne i gcrích ag roinnt láithreacha faoi *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*. Cuireadh oibreacha taitneamhachta i gcrích i roinnt limistéar faoin *Scéim um Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh*. Tá muid an-dóchasach go ndéanfar téarnamh iar-phaindéime mear a spreagadh lena leithéidí de thionscnaimh d'earnálacha turasóireachta agus fáilteachais cráite ár gcontae.


Bhí an Oifig Fiontar Áitiúil an-ghníomhach arís maidir le Contae Ros Comáin a chur chun cinn mar láthair le haghaidh infheistíochta sa ghnó. Lean an Oifig freisin de chuidiú le gnólachtaí áitiúla chun deacrachtaí nach beag a shárú a cruthaíodh ag Covid-19 agus ag Brexit. Áiríodh lena cuid tacaíochtaí faisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht airgeadais roghnaitheach a chur ar fáil do mhion-ghnólachtaí agus do ghnólachtaí beaga nua agus atá ann cheana. Trí thacaíochtaí amhail *Deontais Tionscnaimh* chun gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh, *Deontais um Leathnú Gnó* chun cuidiú le gnólachtaí atá ag fás agus *Deontais Féidearthachta* chun cuidiú le gnólachtaí inmharthanacht táirgí nó próiseas nua a thástáil, éascaíodh infheistíocht ag an Oifig Fiontar Áitiúil i 15 ghnólacht. Tugadh roinnt tionscnamh isteach freisin, lenar áiríodh na cláir *Green for Micro* agus *Costas Níos Ísle, Carbón Níos Ísle* chun gnólachtaí a spreagadh dul in oiriúint leis na dúshláin a chruthaítear ag an *gClár Oibre um an Athrú Aeráide* agus chun tabhairt fúthu.

Tá an tAthrú Aeráide thar a bheith chun tosaigh i dtosaíochtaí na Comhairle. Léiríodh go soiléir le Covid-19 cé chomh leochaileach agus neamhchosanta agus atá ár ndomhan maidir le teagmhais thubaisteacha. Sa *Phlean Gníomhaithe 2021 ar son na hAeráide* arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, tá Éire tiomanta do ghníomhaíochtaí cinntitheacha a dhéanamh d'fhonn laghdú 51% ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 agus astaíochtaí neodracha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Eisíodh treoir ón Rialtas maidir le *Pleananna Gníomhaithe Údarás Áitiúil ar son na hAeráide* a ullmhú le linn 2021. Trí na pleananna áitiúla sin treiseofar cumas na Comhairle chun freagairt réamhghníomhach a dhéanamh do na bagairtí a chruthaítear ag an athrú aeráide.






Mar fhocal scoir, aithnímid go raibh 2021 ina bhliain eile thar a bheith deacair arís. Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis na Comhaltaí Tofa, leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach; le cathaoirligh agus le comhaltaí de na Coistí Beartas Straitéiseach agus Coistí Ceantar Bardasach; leis an bhFoireann Bainistíochta agus le baill foirne Chomhairle Contae Ros Comáin as a gcuid athléimneachta, solúbthachta, ceannasaíochta, gairmiúlachta, fiontair agus as a gcuid iarrachtaí iontacha le linn na bliana. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla iomadúla agus leis na heagraíochtaí deonacha agus pobail lena ndearna an Chomhairle idirghníomhú as a rannchuidiú luachmhar agus as a gcomhoibriú ollmhór le linn 2021. Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun ár gcomhbhrón ó chroí a ghabhail leo siúd a chaill daoine muinteartha agus a d'fhulaing mar thoradh ar Covid-19. Ar an dea-uair, mar gheall ar fheidhmiú céimneach stairiúil an chláir vacsaínithe an-rathúil, táthar ag súil, as seo amach, nach dtiocfaidh ach tinneas éadrom nó measartha ar an gcuid is mó de dhaoine ionfhabhtaithe. Cé go n-aithnímid nach bhfuil Covid-19 imithe uainn go fóill agus go bhféadfadh athraithigh níos tromchúisí teacht chun cinn, ina dhiaidh sin is uile tá muid ag tnúth go mór, agus le méid iontaofachta, go bhfillfimid go normáltacht agus mar gheall air sin go leanfaidh an Chomhairle dá misean a chur i gcrích, eadhon ***'ag cinntiú trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal go mbíonn Contae Ros Comáin ina áit tharraingteach, ionchuimsitheach, rathúil agus bhríomhar chun cónaí agus infheistíocht a dhéanamh ann, chun oibriú ann agus chun cuairt a thabhairt air'***.



An Comhairleoir Joe Murphy
Cathaoirleach
Comhairle Contae Ros Comáin



An tUasal Eugene Cummins
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Ros Comáin

# Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin

## Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille


An Comhairleoir
Valerie Byrne
*Neamhpháirtí*



An Comhairleoir
John Cummins
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Tom Crosby
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Liam Callaghan
*Fine Gael*


An Comhairleoir
Michael Mulligan
*Sinn Féin*


An Comhairleoir
Joe Murphy
*Fianna Fáil*




## Ceantar Bardasach Ros Comáin


An Comhairleoir
Marty McDermott
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Anthony Waldron
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Nigel Dineen
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Paschal Fitzmaurice
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Orla Leyden
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Kathleen Shanagher
*Neamhpháirtí*

## Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain


An Comhairleoir
Emer Kelly
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Laurence Fallon
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
John Keogh
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Donal Kilduff
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
John Naughten
*Fine Gael*


An Comhairleoir
Tony Ward
*Neamhpháirtí*

An Comhairleoir Comhthoghadh Emer Kelly ar an gComhairle an 11ú Bealtaine 2021 in ionad an Clr. Ivan Connaughton a d'imigh ar scor ón gComhairle an 26ú Aibreán 2021.

# Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)

## CBS um Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair (lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr agus Leabharlanna)

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Keogh, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Orla Leyden
- An Comhairleoir Nigel Dineen
- An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- An Comhairleoir Tom Crosby
- An Comhairleoir Valerie Byrne
- An Comhairleoir Joe Murphy
- An Comhairleoir Emer Kelly
- An Comhairleoir Liam Callaghan

### Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal John Mee, Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Liam Murray, Forbairt/Tógáil
- An tUasal Susan Gaynor, Pobal/Deonach – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- An tUasal Alan Moran, PPN

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 10ú Feabhra, an 9ú Meitheamh, an 9ú Meán Fómhair agus an 2ú Nollaig 2021.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Nuashonruithe Oifig na Turasóireachta
- Clár na hOifige Fiontar Áitiúil
- Atosú Seirbhísí Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon agus leabharlainne (tar éis laghdú srianta Covid-19)
- Nuashonrú ar Aistriú Cóir
- Nuashonruithe na Seirbhíse Leabharlainne
- Nuashonruithe ón bhFoireann Athnuachana lena n-áirítear Tionscadail a Faomhadh faoin RRDF (Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe), URDF (Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach), na Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus ORIS (Scéim um Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh)
- Sceideal Gníomhaíochtaí Ionad na nEalaíon
- Clár Ionad na nEalaíon
- Plean Fiontar Réigiún an Iarthair
- Nuashonruithe ón Oifig Oidhreachta
- LECP (An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail) 2016-2021 Athbhreithniú agus Treoirlínte le haghaidh LECP a Fhorbairt

## CBS um Thithíocht, TFC agus Uisce Tuaithe

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Cummins, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Liam Callaghan
- An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- An Comhairleoir John Keogh
- An Comhairleoir Joe Murphy
- An Comhairleoir Tony Ward
- An Comhairleoir Marty McDermott
- An Comhairleoir John Naughten
- An Comhairleoir Anthony Waldron

### Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Bernard Kearney, Pobal/Deonach
- An tUasal Monica Mahon, Ceardchumann
- An tUasal Alex Connolly, Forbairt/Tógáil
- An tUasal Jim O'Connor, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
- An tUasal Margaret Mulligan, Ionchuimsiú Sóisialta

Tionóladh 3 chruinniú den CBS sin an 25ú Feabhra, an 20ú Bealtaine agus an 7ú Deireadh Fómhair 2021.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Scéim HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) do Dhaoine Gan Dídean
- Nuashonrú Thús Áite do Thithíocht
- Ról an Speisialtóir um Thithíocht Aoisbháúil
- Réimsí Athraithe is Rogha
- Ceisteanna Dlíodóirí
- Leathanbhanda
- Rialacháin Tithíochta Sóisialta 2021
- Tithíocht do Chách
- An Scéim Leithdháilte

# CBS um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Rialachas Corparáideach

## Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Naughten, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Tom Crosby
- An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- An Comhairleoir Orla Leyden
- An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- An Comhairleoir Anthony Waldron
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Donal Kilduff

## Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Ned O' Connor, Talmhaíocht/ Feirmeoireacht, an tUasal Gareth Scahill, Pobal/ Deonach, an tUasal Hannah Mole, Comhshaol
- An tUasal Ciaran King, Forbairt/Tógáil
- An tUasal Sean Mahon, Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Fiona Fallon, Ceardchumann

Tionóladh 5 chruinniú den CBS sin an 18ú Márta, an 2ú Meitheamh, an 10ú Lúnasa, an 30ú Meán Fómhair agus an 18ú Samhain 2021.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Próiseas an Phlean Forbartha
- Cáilíocht an Uisce i gContae Ros Comáin
- An tAcht um Thruailliú Bruscair - Fógraí um Pionós Socraithe
- Tionscnamh Frithdhumpála 2021
- An Crios Dícharbónaithe - Baile Ros Comáin
- Uasghráduithe ar Shoilsiú Poiblí
- Scéim Comharthaíochta Gaeilge Chomhairle Contae Ros Comáin
- Athbhreithniú ar Fhodhlíthe maidir le Corrthrádáil
- Plean Bainistíochta Abhantrach
- Moltaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

# CBS um Iompar de Bhóithre agus Seirbhísí Éigeandála

## Comhairleoirí


- An Comhairleoir Nigel Dineen, Cathaoirleach (February and May meetings)
- An Comhairleoir Tony Ward, Chairperson (September and December meetings)
- An Comhairleoir Valerie Byrne
- An Comhairleoir Ivan Connaughton
- An Comhairleoir John Cummins
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Donal Kilduff
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Marty McDermott

## Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Mary Clifford, Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Rebecca Dobson, Comhshaol
- An tUasal Trevor Hunt, Pobal/Deonach
- An tUasal Matthew Dwyer, Forbairt/Tógáil

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 24ú Feabhra, an 12ú Bealtaine, an 15ú Meán Fómhair agus an 1ú Nollaig 2021.
Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Fodhlíthe maidir le Reiligí
- Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- Cosc agus Forfheidhmiú Sábháilteachta Dóiteáin
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Rialú Foirgníochta
- Reiligí - An Clár Oiliúna Pobail



# An Stiúrthóireacht um Thithíocht, Pobal & Fiontar, Turasóireacht, Oidhreacht, na hEalaíona, an tSeirbhís Leabharlainne, Tionscadail Speisialta & Athnuachan agus Fiontar Áitiúil

Turas treoraithe go Ráth Chruacháin

# Tithíocht agus Tógáil



Tithíocht Shóisialta ag Cluain Fraoigh, Ros Comáin – Buaiteoir Ghradam Tithíochta Pobail ICSH 2021

## Clár um Éadáil agus um Thógáil

Rebuilding Ireland

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do na gníomhaíochtaí a bhaint amach atá leagtha amach faoin *Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020, Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus don Easpa Dídine* agus an *plean gníomhaíochta um* Thithíocht do Chách.



Tithíocht Shóisialta ag Sruthán na Cluana, Béal Átha Liag




An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le Comhaltaí Tofa ag Oscailt Oifigiúil Chluain Fraoigh, Ros Comáin

In 2021, chuir Comhairle Contae Ros Comáin an líon a leanas d'aonaid tithíochta sóisialta ar fáil faoin *gClár um Éadáil agus Tógáil dá cuid:*

- 3 aonad ag Cluain Fada ar láithreán FSS:
- 7 n-aonad ag Cluain Fraoigh, Ros Comáin;
- 16 aonad ag Sruthán na Cluana, Béal Átha Liag;
- 10 n-aonad ag Sráid Ail Finn, Béal na mBuillí;
- 53 aonad ag Céid Dúglais, an Siúlán,
- Ros Comáin (Comhpháirtíocht Phoiblí/ Phríobháideach);
- 17 n-éadáil i láithreacha éagsúla.

Bhuaigh Comhairle Contae Ros Comáin *Duais Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH)* faoi chatagóir tionscadal beag um *Thithíocht do Theaghlaigh* maidir le forbraíocht Chluain Fraoigh i mbaile Ros Comáin. Bhí meascán de thithe aon stór le 2 agus 3 sheomra leapa le rátáil fuinnimh foirgnimh "A" i gceist leis an tionscadal nuálach agus inbhuanaithe sin. Ghearrliostaigh Institiúid Chairte na Tithíochta an tionscadal céanna don *Fhorbraíocht Tithíochta Náisiúnta* is fearr.

## Áis Réamhléasaithe Caipitil (CALF) & an Scéim um Chúnamh Caipitil (CAS)

Tá príomhról ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i dtithíocht shóisialta a sholáthar. Is ceann de na príomhshruthanna maoinithe caipitil í an *Áis Réamhléasaithe Caipitil (CALF)* agus an *Scéim um Chúnamh Caipitil (CAS)* le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Faoi láthair, tá 35 aonad á dtógáil le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta i bhFearann na Manach, Béal Átha Luain. Táthar ag súil go gcuirfear na haonaid sin ar fáil in 2022.

## Roghanna Léasaithe

### Scéim Deisithe agus Léasaithe (SDL)

Tá an scéim seo dírithe ar úinéirí réadmhaoine foilmhe nach bhfuil na hacmhainní acu na deisithe a dhéanamh chun a réadmhaoin a chur ar chaighdeán a theastaíonn chun é a ligean ar cíos. Tá 4 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Ros Comáin faoi láthair i mbaile Ros Comáin ar an *SDL*.

### Léasú Fadtéarmach

Leis an gcineál sin soláthair tithíochta sóisialta leathnaítear na roghanna chun soláthar na tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá socruithe léasaithe fhadtéarma ag Comhairle Contae Ros Comáin le húinéirí príobháideacha maidir le 5 réadmhaoin i Mainistir na Buille agus i mbaile Ros Comáin. D'éirigh 16 aonad bhreise gníomhach faoi chomhaontuithe léasaithe de chineál SCC (Scéim Cóiríochta Cíosa) le linn 2021.

### Morgáiste go Cíos (MTR)

Leis an scéim sin cuirtear ar chumas úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú ó úinéireacht a mbaile go tógáil a mbaile ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta. Tugadh faomhadh ón roinn do 24 iarratas go dtí seo. Cuireadh tionóntachtaí i gcrích trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus trí *Home for Life*.

**Tábla 1: Iarratais ar Mhorgáiste go Cíos**

| Iarratais go dtí seo | Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | Tionóntachtaí *Home for Life* |
|---|---|---|
| 24 | 6 | 0 |
| Iarratais in 2021 | Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | Tionóntachtaí *Home for Life* |
| 0 | 2 | 8 |

## Folúntais Ócáideacha

Rinneadh 59 n-aonad folmha gearrthéarmacha a athchóiriú ar chostas thart ar €650,000. Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 41 aonad a mhaoiniú a raibh luach €529,246 orthu faoi *Chlár na dTithe Folmha 2021*.

## Measúnuithe agus Tithíocht Leithdháiltí

Tugadh an Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta chun críche ar an 15 Meitheamh 2021. Ag an am sin bhí 231 iarratasóir (gan aistrithe san áireamh) ar an liosta tithíochta ceadaithe. Bhí 507 iarratasóirí ar aistriú ar an liosta, a bhfuil an chuid is mó díobh ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí *HAP* agus *RAS*.




**Tábla 2: Comhaontuithe Tionóntachta 2021**

| | |
|---|---|
| Comhaontuithe Tionóntachta Údarás Áitiúil a Síníodh | 111 |
| Comhaontuithe Tionóntachta Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | 60 |
| Ráta Diúltaithe Tairiscintí | 20% |

## Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag leanúint le tacaíocht airgeadais a sholáthar do chóiríocht phríobháideach ar cíos dóibh siúd a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu tríd an *RAS*. Bhí tacaíocht á tabhairt do 388 dteaghlach mar chuid den scéim seo ag deireadh 2021. Bhí 283 theaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus 105 theaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

**Fíor 1: Tionóntachtaí Príobháideacha Cíosa**



## Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Táthar ag leanúint de thacaíocht tithíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil gá le tithíocht ar bhonn fadtéarmach acu faoi Scéim *HAP*. Tugadh cóiríocht do 103 iarratasóirí mar chuid den scéim in 2021. Fágann sé sin gur 819 líon iomlán na n-iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh mar chuid den scéim ó tugadh isteach i mí na Nollag 2016.

## Na caighdeáin le haghaidh Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Bhí iniúchtaí fós á ndéanamh in 2021 ar theaghaisí príobháideacha ar cíos faoi Rialacháin na dTithe (Caighdeáin le haghaidh Tithe Príobháideacha ar Cíos), 2017. Tá na sonraí leagtha amach i **dTábla 3**.

**Tábla 3: Iniúchtaí ar Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos**

| | |
|---|---|
| **Líon na nIniúchtaí a Cuireadh i gcrích** | **266** |
| **Líon na dTeaghaisí a Measadh Comhlíontach** | **59** |
| **Líon na Litreacha um Fheabhsú arna n-eisiúint do Thiarnaí Talún** | **207** |

## Easpa dídine

**78**
**LÁITHREOIREACHT UM EASPA DÍDINE**

Cuireann Comhairle Contae Ros Comáin réimse freagairtí ar fáil don easpa dídine i gcomhréir le *Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair*. Tháinig 78 dteaghlach chugainn le haghaidh seirbhísí easpa dídine in 2021, agus bhí cóiríocht sa ghearrthéarma de dhíth ar 41 acu. Bhain 20 teaghlach gan dídean leas as tacaíocht um thithíocht shóisialta trí shásraí éagsúla amhail tithíocht údarás áitiúil, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, *HAP* agus *Scéimeanna HAP um Easpa Dídine* agus léasanna de chineál *RAS*.

Thug Comhairle Contae Ros Comáin *Scéim HAP um Easpa Dídine* isteach i mí na Nollag 2020. Fuair 8 gcliant gan dídean cóiríocht tríd an scéim go dtí seo.

In 2021, cuireadh Foireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine ar bun chun comhordú seirbhísí tacaíochta Thús Áite do Thithíocht agus treoraithe ag Tithíocht a éascú. Go dtí seo, cuireadh 7 n-atreorú ar aghaidh chuig an bhFoireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine le breithniú. Glacadh le 2 atreorú le haghaidh seirbhísí treoraithe ag Tithíocht agus glacadh le 4 atreorú le haghaidh seirbhísí Thús Áite do Thithíocht. Cuireadh tús le 3 thionóntacht Thús Áite do Thithíocht. Tá aonaid chóiríochta eile á sainaithint faoi láthair maidir le tionóntachtaí Thús Áite do Thithíocht agus treoraithe ag Tithíocht a chruthú.

## Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Foilsíodh *an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí* faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 32 iarratas in 2021.

**Tábla 4: Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí**

| | |
|---|---|
| **Iarratais a Fuarthas in 2021** | **32** |
| **Tairiscintí Díola** | **28** |
| **Díolacháin a Cuireadh i gCrích** | **11** |

## Iasachtaí Tithíochta

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 17 n-iarratas ar iasachtaí baile um Atógáil na hÉireann in 2021. Rinneadh 11 iarratas ar iasachtaí a fhaomhadh le linn 2021 agus tarraingíodh anuas 10 n-iasacht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

**Tábla 5: Iasachtaí Tithíochta**

| | |
|---|---|
| **Iarratais a Fuarthas** | **31** |
| **Iasachtaí a Faomhadh** | **16** |
| **Tarraingt Anuas Iasachtaí** | **7** |

## Díol Láithreán Príobháideach agus Tithe Tuaithe

Rinneadh 11 láithreán ar Radharc na Foraoise, Mainistir na Búille a fhógairt arís i mí Aibreáin 2021 ar phraghas laghdaithe €10,000. Ní bhfuarthas iarratais ar bith in 2021 chun láithreáin a cheannach. Díoladh 4 theach tuaithe thréigthe in 2021.

## Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024

Ar aon dul leis an *gClár Cóiríochta do Thaistealaithe*, tá roinnt tionscadal idir lámha ag Comhairle Contae Ros Comáin ag céimeanna éagsúla lena n-áirítear forbraíochtaí ag Brí Chaoilinne, Cluain Salach, An Caisleán Riabhach; Cluain Airne, Bóthar Bhéal Átha Liag, Ros Comáin agus an Torpán Beag, Béal Átha Feorainne. Cuireadh 9 dteaghlach Taistealaithe i gcóiríocht i dtithíocht shóisialta chaighdeánach agus cuireadh 9 dteaghlach i sain-chóiríocht do Thaistealaithe in 2021.

## An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh

Faoi *Chlár Iarfheistithe Lár Tíre*, rinne Comhairle Contae Ros Comáin 50 aonad a uasghrádú go rátáil fuinnimh foirgnimh íosta 'B'. Rinneadh 26 aonad eile a uasghrádú i *gClár Iarfheistithe Fuinnimh 2021*. Bhí téitheoirí stórála leictreacha sna haonaid uile agus baineadh iad agus cuireadh teaschaidéil atá tíosach ar fhuinneamh ina n-áit. Áiríodh le hoibreacha eile simléir a bhlocáil, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, insliú agus aerú.

## Cothabháil Tithe

Fuair Roinn Tithíochta na Comhairle 1,327 nglaoch cothabhála agus chaith sí €533,126.76 ar oibreacha freagartha cothabhála in 2021. Is ionann é sin ar an meán agus €401.75 in aghaidh an ghlaoigh amach.




## Deontais Tithíochta

Ba ionann an maoiniú (do theaghaisí príobháideacha) a leithdháileadh ar Chontae Ros Comáin do 2021 agus €1,190,393.00 (80% arna mhaoiniú ag an Roinn agus 20% arna mhaoiniú ag an gComhairle). D'ainneoin srianta Covid-19, rinne an Chomhairle 90% den leithdháileadh iomlán a phróiseáil.


**Tábla 6: Scéimeanna Deontais Tithíochta**

| Scéim | Líon na nDeontas a Faomhadh | Luach na nDeontas a Faomhadh |
|---|---|---|
| **Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** | 56 | **€650,310.55** |
| **Deontas Tithíochta um Áis Shoghluaisteachta** | 38 | **€181,509.58** |
| **Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta** | 75 | **€432,233.40** |

## Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2019 (fadaithe)

Bhí 3 chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Míchumas in 2021. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do 68 duine faoi mhíchumas in 2021 trí thithíocht údarás áitiúil, trí thithíocht le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, *HAP, RAS, MTR*, trí chomhpháirtíocht phoiblí/phríobháideach le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta agus trí réadmhaoine léasaithe.

**Fíor 2: Miondealú ar Leithdháiltí Míchumais**




## Bainistíocht ar Eastáit

Déanann an Roinn Tithíochta dea-chleachtais i leith na bainistíochta ar eastáit a chur chun cinn i gcónaí a chothaíonn bród sa cheantar agus bíonn pobail bhríomhara inbhuanaithe mar thoradh air sin. Tharla na rudaí seo a leanas in 2021:

- Tuairiscíodh 62 theagmhas d'iompraíocht fhrithshóisialta agus deonaíodh 1 Ordú Sealbhaithe mar thoradh air sin. Réitíodh fadhbanna áirithe agus tá roinnt acu fós ar siúl;
- Eisíodh 4 Rabhadh um Thionóntachtaí do thionóntaí údaráis áitiúil;
- Leanann an tOifigeach Idirchaidrimh um Thithíocht de theagmháil a dhéanamh le maoir bhruscair, le TUSLA, le seirbhísí meabhairshláinte, le Gardaí Pobail agus leis an bpobal i gcoitinne d'fhonn dea-bhainistíocht eastáit a chinntiú.

# Pobal agus Fiontraíocht

Soláthraíonn an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta tacaíocht do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae Ros Comáin. Stiúrann sí rannpháirtíocht Chomhairle Contae Ros Comáin chomh maith i tdionscnaimh phobail, sna healaíona, agus san oidhreacht ar fud an chontae agus spreagann sí na tionscnaimh sin.

## Comhchoiste Póilíneachta (CP)

Tá CP Ros Comáin comhdhéanta de 25 comhaltaí lena gcuimsítear 13 comhaltaí na Comhairle, 2 comhaltaí an Oireachtais, 6 ball ón earnáil phobail, 2 ionadaithe ón nGarda Síochána agus 2 oifigigh an údaráis áitiúil. Bhí 4 chruinniú den CP ar siúl in 2021 agus cuireadh plean oibre láidir i gcrích. Ní raibh deis ann cruinniú poiblí a thionól mar gheall ar thionchar Covid-19.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Is é PPN Ros Comáin an t-aon nasc trína gceanglaíonn an Chomhairle Contae leis na hearnálacha pobail, ionchuimsithe shóisialta agus comhshaoil gan dochar do na próisis chomhairliúcháin eile. Is é is aidhm leis na struchtúir agus leis na próisis dá cuid an pobal agus eagraíochtaí a éascú agus a chur ar a gcumas dearcthaí agus leasanna éagsúla a chur in iúl laistigh den chóras rialtais áitiúil. Tá ionadaíocht ag an PPN ar Choistí LCDC, CP agus Beartais Straitéisigh.

## Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí 2021

Leithdháileadh €60,000 ar an iomlán ar an *Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí* in 2021. Dámhadh deontais idir €500 agus €1,500 do 89 dtionscadal.

## Comórtas Mórtais Cheantair 2021

D'ainmnigh Comhairle Contae Ros Comáin dhá Ghrúpa Pobail do *Chomórtas Uile-Oileáin Mórtas Ceantair 2021* Is iad na grúpaí a rinne ionadaíocht ar son Chontae Ros Comáin Forbairt agus Bailte Slachtmhara Chluain Tuaiscirt agus Bailte Slachtmhara Chnoc an Chrochaire. Bhí sé sceidealta torthaí an chomórtais a fhógairt ag searmanas duaiseanna i mí Bealtaine 2022.



Bailte Slachtmhara Chluain Tuaiscirt



Bailte Slachtmhara Chnoc an Chrochaire

# Deontais Phobail faoi Shainchúram an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

## Ciste Éigeandála Covid

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a leithdháil *Ciste Éigeandála Covid-19* trí gach údarás áitiúil d'fhonn eagraíochtaí pobail agus deonacha a mhaoiniú a bhí ag freagairt do ghéarchéim Covid-19.

Faoi bhabhta 1 leithdháil Comhairle Contae Ros Comáin méid iomlán de €106,692 ar 46 iarratas. Leithdháil LCDC Ros Comáin €43,815.00 breise faoi bhabhta 2 den scéim ar 32 ghrúpa.

## Clár Feabhsúcháin Phobail 2021

Is í an *Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail* a mhaoiníonn an Clár Feabhsúcháin Phobail agus is iad na LCDCanna i ngach ceantar údaráis áitiúil a dhéanann é a riar. Leithdháileadh €133,301 ar Chomhairle Contae Ros Comáin agus fuarthas 77 n-iarratas. Dhámh LCDC Ros Comáin maoiniú do 66 ghrúpa pobail.

## An Ciste um Chuntais Dhíomhaoin - Scéim Deontais Caipitil um Fhiontar Sóisialta

D'fhaomh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú €1 mhilliún don *Chiste um Chuntais Dhíomhaoin/Scéim Deontais Caipitil um Fhiontar Sóisialta 2021*. Leithdháileadh an maoiniú sin ar fhiontair shóisialta amháin. Dámhadh €20,635.12 do LCDC Ros Comáin. Fuarthas 15 iarratas. Dámhadh maoiniú do 5 ghrúpa.

## An Ciste um Ghníomhaíochtaí Pobail

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries, TD, an *Ciste um Ghníomhaíochtaí Pobail* an 11ú Samhain 2021. Cuireann an Rialtas an ciste €9 milliún sin ar fáil chun tacú le grúpaí pobail agus deonach a bhí buailte ag Covid-19. Leithdháileadh €266, 602 ar Chomhairle Contae Ros Comáin. Cuireadh feachtas mór agus láidir feasachta agus fógraíochta i bhfeidhm go céimneach agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2021. Osclaíodh an scéim le haghaidh iarratas i mí Eanáir 2022.

# Clár Leader 2014-2020

Tá *Clár LEADER 2014-2020* maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin *gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020* agus ag an AE faoin *gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Infheistíocht na hEorpa i Limistéir Tuaithe*. Trí LEADER tacaítear le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail a fheabhsaíonn cailíocht na beatha agus gníomhaíocht eacnamaíoch i limistéir tuaithe. Tháinig *Clár Idirlinne LEADER* i bhfeidhm an 1ú Aibreán 2021. Líonfaidh sé an bearna idir críochnú *Chlár LEADER 2014-2020* agus tosú an chéad chlár AE eile.

# Foirne Bhailte Chontae Ros Comáin

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin an tionscnamh *Foirne Bailte* mar chuid den ról méadaithe nua d'údaráis áitiúla i réimsí amhail forbairt phobail, eacnamaíoch agus fiontraíochta, de réir mar a bhí réamh-mheasta faoi *Straitéis Earnála Rialtais Áitiúil chun Tacú le Téarnamh Eacnamaíoch agus le Poist (2012), faoin gClár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach (Tús Áite do Dhaoine) (2012)* agus faoin Acht Rialtais Áitiúil 2014.

Tá *Foirne Bailte* comhdhéanta d'ionadaithe earnálacha éagsúla an phobail. Oibríonn siad le miondíoltóirí, le gnólachtaí áitiúla, leis an earnáil phobail/dheonach, le príomhghníomhaireachtaí agus le soláthraithe seirbhísí chun tionscnaimh nuálacha nua a fhorbairt d'fhonn na bailte dá gcuid a athnuachan.

Tugann Comhairle Contae Ros Comáin tacaíocht airgeadais do chlár *Foirne Bailte* ar bhonn bliantúil. Tá cead ag foirne maoiniú eile a chuardach agus a fhoinsiú. Caithfear na cistí uile ar fhás agus ar rathúnas a mhéadú laistigh de cheantar gach foirne.

# Líne Chabhrach um Fhreagairt Tacaíochta Pobail

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus le Cuideachta Leader Ros Comáin, *Líne Chabhrach Shaorghlao 24/7 um Fhreagairt Tacaíochta Pobail* in 2020 chun cuidiú le tacaíochtaí agus cúnamh cúraim shóisialta spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpaí agus do dhaoine leochaileacha le linn phaindéim Covid-19, agus leanadh dá hoibriú in 2021.




Tionscadal *CLÁR* a cuireadh i gcrích ag Limistéar Taitneamhachta Dhroim Baolláin in 2021

## CLÁR 2021

Leithdháileadh €268,012 ar an iomlán ar 7 scoil agus bpobal faoi chlár *CLÁR* 2021. Sa tábla a leanas cuirtear sonraí ar fáil faoin maoiniú a leithdháileadh.

| Ainm an Ghrúpa | Maoiniú |
|---|---|
| Scoile Náisiúnta Mhuire, Béal na mBuillí | €47,593.00 |
| Fiontar Chill Ultach CTR | €29,213.00 |
| Scoil Náisiúnta Chamchluana | €50,000.00 |
| Scoil Náisiúnta Chluain Eamhain | €20,106.00 |
| Scoil Náisiúnta Chruacháin | €50,000.00 |
| Iontaobhas Baile Bhaile an Chaisleáin | €48,600.00 |
| Scoile Náisiúnta Bhríde, an Daingean | €22,500.00 |

## Aonad Ionchuimsithe Shóisialta Ros Comáin

Leanann an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta le hionchuimsiú sóisialta a leabú i gcomhlacht comparáideach na Comhairle agus leanann sé ag comhoibriú le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha eile trí struchtúir amhail LCDC Ros Comáin agus Comhpháirtíocht Leader Ros Comáin.

### Caitheamh Aimsire agus Ionchuimsiú

Den dara bliain i ndiaidh a chéile, chuir an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta feidhmiú céimneach na n-imeachtaí ionchuimsithe shóisialta dá chuid in oiriúint in 2021 chun cur chuige ar líne a chorprú. Áiríodh le himeachtaí ar líne *Lá Súgartha Fíorúil Náisiúnta, Seachtain na hEolaíochta, Lá na hAfraice agus Seachtain an Ionchuimsithe Shóisialta*. Cuireadh *an tSeachtain Rothaíochta* bhliantúil in oiriúint chomh maith i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin.

### Aoisbháúil

Tá an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta freagrach as an *Straitéis Aoisbháúil* a chur i bhfeidhm agus as tacú le hobair an Ghrúpa Oibre Aoisbháúil, na Comhghuaillíochta Contae agus Chomhairle Daoine Scothaosta Ros Comáin. Le linn 2021, cuireadh roinnt tionscnamh aoisbháúil chun cinn. Áiríodh leo sin oiliúint Dhigiteach agus na Meán sa Leabharlann do bhaill Líonra Daoine Scothaosta Ros Comáin. Le cúnamh ó mhaoiniú faoi *Fheachtas Coinnigh Slán* an Rialtais, leithdháileadh táibléid leictreonacha aoisbháúla ar thithe altranais i gContae Ros Comáin agus seachadadh níos mó ná 400 Paca Cúraim Aoisbháúla do chuid de na daoine scothaosta is leochailí agus is scoite ar fud an chontae.

### Comhairle na nÓg

Éascaíonn an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta Comhairle na nÓg i Ros Comáin. Is é ceann de ghnéithe is tábhachtaí Chomhairle na nÓg ná go ligtear do dhaoine óga ábhair thábhachtacha a roghnú agus obair a dhéanamh orthu a théann i bhfeidhm orthu go háitiúil. Ba é an t-ábhar is déanaí ar díríodh air ná saincheisteanna a thabhairt chun suntais a théann i bhfeidhm ar mheabhairshláinte daoine óga. Trí mheán na healaíne amhairc d'fhorbair baill Chomhairle na nÓg siombail atá nasctha leis an gCónocht, an lá den bhliain nuair a bhíonn an lá agus an oíche go díreach ar comhfhad. Tá an píosa ealaíne deiridh bunaithe thart ar chothromaíocht na meabhairshláinte, ar an dúlra agus ar an éiceachóras agus tá sé san áit is feiceálaí in Áras an Chontae, ceanncheathrú na Comhairle i mbaile Ros Comáin.










## Oifigigh Forbartha Spóirt

Lean Comhairle Contae Ros Comáin in 2021, tríd an Aonad Ionchuimsithe Shóisialta, le tacú le hobair Oifigeach Forbartha an FAI, Oifigeach Forbartha an CLG, Oifigeach Forbartha Chumann Pheil na mBan agus le hobair an Oifigigh Forbartha Rugbaí. Is é cuid de phríomhchuspóirí na nOifigeach Forbartha Spóirt ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí spórt trí obair a dhéanamh le scoileanna, le clubanna, le grúpaí ionchuimsithe shóisialta agus le grúpaí pobail agus cláir a fhorbairt le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin i réimse an mhíchumais.

## Ros Comáin Sláintiúil

Lean Comhairle Contae Ros Comáin den chlár *Éire Shláintiúil/Ros Comáin Sláintiúil* a chur i gcrích. Rinneadh 17 gclár sláinte agus folláine a mhaoiniú mar phríomhghníomhaíochtaí faoi *Chiste Éire Shláintiúil*. Tá siad á soláthar i gcomhar le 12 eagraíocht chomhpháirtíochta.





# Turasóireacht

**Bhí tionchar ollmhór ag paindéim Covid-19 ar earnáil na turasóireachta go fóill in 2021. Lean Turasóireacht Ros Comáin, áfach, chun obair a dhéanamh le gnó na turasóireachta chun an contae a chur i láthair mar cheann scríbe don turasóir intíre le linn na bliana.**

## Margaíocht agus na Meáin

Rinne Turasóireacht Ros Comáin infheistíocht i bhfeachtas margaíochta intíre ar feadh 2021 agus ardáin amhail na meáin chlóite (nuachtáin réigiúnacha), na meáin shóisialta ar líne agus raidió (i Radio, Shannonside, Highland Radio agus Ocean FM) á n-úsáid.

## Físeáin agus Grianghrafadóireacht Margaíochta Ros Comáin

Táirgeadh 4 fhíseán maidir le conairí Ros Comáin mar aon le físeán gníomhaíochtaí chun Conairí Rochtana Éasca, *Conairí Oiriúnach do Theaghlaigh, Conairí don Samhradh, Conairí don Earrach a thabhairt chun suntais mar aon le gach rud atá le breathnú agus le déanamh sa chontae*. Leanadh den fhorbairt leanúnach ar phunann íomhánna chun an turasóireacht a chur chun cinn in 2021 agus íomhánna an gheimhridh san áireamh léi.

## Líonrú Turasóireachta

Reáchtáladh imeachtaí líonraithe turasóireachta sa chontae le linn na bliana trí TEAMS agus fuair páirtithe leasmhara nuashonruithe maidir le turasóireacht agus ar fhorbairtí maidir le Tascfhórsa Téarnaimh um Cheann Scríbe Chroíthailte Ceilte na hÉireann.

## Croíthailte Ceilte na hÉireann

Tionóladh cruinnithe fíorúla in 2021 maidir le Croíthailte Ceilte na hÉireann (An tSionainn Uachtair, Láir agus Íochtair). Chuir an Tascfhórsa Téarnaimh um Cheann Scríbe do gach ceann de na 3 chrios feachtas margaíochta i gcrích maidir le Croíthailte Ceilte na hÉireann.

## Forbairt Idirghníomhaireachta

Lean Comhairle Contae Ros Comáin lena tiomantas in 2021 chun tionscadail idirghníomhaireachta a fhorbairt lenar áiríodh Loch Rí, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Coillte.





Físeáin chonairí Ros Comáin




I láthair ag Oscailte Ionad Dhubhghlas de hÍde do Shéasúr an tSamhraidh bhí - Michelle McKenna, Treoraí Turais, an Comhairleoir Joe Murphy, Cathaoirleach, Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach agus Eiméar Dowd, Oifigeach Turasóireachta

## Ionad Léirmhínitheach Dhúghlas de hÍde agus Teach King

Seoladh an taispeántas nua in Ionad Dhubhghlas de hÍde i Mí Iúil 2021 agus athosclaíodh Teach King in 2021 ó Iúil go Meán Fómhair. Reáchtáladh go leor imeachtaí sa dá ionad le linn na bliana.

## Maoiniú

Deonaíodh maoiniú deontais do Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhair na dtionscadal seo a leanas in 2021:



I láthair ag Oscailt Theach King do Shéasúr an tSamhraidh - an Comhairleoir Joe Murphy, Cathaoirleach agus Patricia Golden, Coimeádaí Theach King

| Scéim | Láthair | Méid |
|---|---|---|
| Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (Beart 1) | Baile na hUamha, Loch Eirid, Suíocháin, Comharthaíocht agus Cuan Judy | €96,200 |
| Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (Beart 3) | Páirc Fionnachtana Ionchuimsithí Arigna Energy | €500,000 |
| Bia Lasmuigh Fháilte Éireann | 92 iarratas | €171,000 |

# Oidhreacht

**Oibríonn an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Ros Comáin, chun *Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin* a chur chun feidhme ina leagtar amach na spriocanna oidhreachta straitéiseacha don chontae.**

Tacaíodh leis an gClár Oibre Oidhreachta do 2021 trí mhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta, ó *Chiste na Séadchomharthaí Pobail* agus ó Chiste um Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó *Chlár Éire Ildánach*.

Chuir an Oifig Oidhreachta tionscadail iomadúla i gcrích le linn na bliana lenar áiríodh gné seandálaíochta pobail *Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (EIP) Fheirmeoireacht Ráth Cruachan*; *Mianliosta Oidhreachta an Earraigh*, an *Sparánacht Taighde Oidhreachta*; cúrsa saor in aisce ar líne *Faigh Eolas ar do Dhúiche*; an tionscnamh *#KnowYour5K*; tionscnamh *#natureisgoodforyou* mar thaca leis an bhfeachtas *Coinnigh Slán* agus feachtas um *Gharraíodóireacht Gheimhridh don Bhithéagsúlacht*. Ghlac an tOifigeach Oidhreachta páirt freisin i nGrúpa Stiúrtha Láithreáin Ríoga na hÉireann.

Tá Comhairle Contae Ros Comáin cláraithe mar chomhpháirtí le *Plean Pailneoirí Uile-Éireann*. Ceiliúradh *Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta 2021* le sraith postálacha faisnéiseacha ar na meáin shóisialta. Tacaíodh le tionscnaimh chun cuidiú le bainistíocht agus rialú ar speicis choimhthíocha ionracha i gCeantair Bhardasacha Bhaile Átha Luain agus Mhainistir na Búille. D'éirigh go mór le *Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2021*. Is é a bhí cuimsithe sa taispeántas *'Drawing on our Heritage'* taispeántas ar líne de bhailiúchán na Comhairle de líníochtaí atógála tuairimeacha. Bhí searmanas ar siúl chun *Atiomnú Dhroichead Cuimhneacháin an Athar Uí Fhlannagáin a chomóradh*. Comhroinneadh sraith físeán seandálaíochta agus léarscáil scéalta arna dtáirgeadh ag Archaeological Management Solutions le linn na réamhoibreacha seandálaíochta don N5 nua.




Mianliosta Oidhreachta an Earraigh



*Lomadh laghdaithe ag oifigí Fhearann na Manach dá cuid mar gheall ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae Ros Comáin ar son pailneoirí*

D'óstáil EIP Fheirmeoireacht Ráth Cruachan siúlóidí feirme ag na Muclaigh ar Ráth Cruachan le linn *Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta*




**Suíomh gréasáin nua Láithreáin Ríoga na hÉireann https://www.royalsites.ie**




An Comhairleoir Joe Murphy Cathaoirleach, Comhairle Contae Ros Comáin agus Frank Feighan, TD, Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus plaic á nochtadh acu chun *atiomnú Dhroichead an Athar Uí Fhlannagáin* sa Caisleán Riabhach a cheiliúradh le linn *Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta*




Rinneadh *Machnamh ar 20 bliain d'Oifig Oidhreachta Ros Comáin* a chomóradh le leathanach gréasáin agus feachtas ar na meáin shóisialta

Bhí *Machnamh ar 20 bliain d'Oifig Oidhreachta Ros Comáin* ar siúl in 2021. *Foilsíodh 'Rathra a Royal Stronghold of Early Medieval Connacht'* le Joe Fenwick. Cuireadh *Ciste na Séadchomharthaí Pobail* i gcrích agus 4 thionscadal maoinithe aige. Cuireadh tús le céim oibreacha ar *Thionscadal Caomhnaithe* Eaglais Ráth Ara. Trí chobhsú agus trí chaomhnú an tséadchomhartha oibre cloiche leochaileach seo cuirfear lena athléimneacht i gcoinne iarmhairtí an athraithe aeráide. Cuireadh an *Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha* agus an *Ciste um Struchtúir Stairiúla* i gcrích agus tacaíodh le 14 thionscadal.

Trí *Óenach Scoileanna Ros Comáin* ceiliúradh an Táin agus scéalta faoi laochra na hÉireann agus ghlac níos mó ná 450 páiste 19 scoil páirt ann. Tá 3 fhíseán lena ndírítear aird ar an tionscadal ar fáil ar Youtube.




An t-údar Joe Fenwick ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus a threoirleabhar nua aige, Rathra a *Royal Stronghold of Early Medieval Connacht*



Ag cur le hathléimneacht i gcoinne iarmhairtí an athraithe aeráide trí *Thionscadal Caomhnaithe Eaglais Ráth Ara*



Deisiúcháin ar fhuinneog dhaite in Ionad Ginealais Ros Comáin, arna maoiniú ag an *Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha*

## An Oifig Ealaíon

**In 2021, lean an Oifig Ealaíon leis na healaíona a thacú, a spreagadh agus a chothú trí chláir reatha agus nua lena dtugtar tús áite d'ealaíona na n-óg, trína bhforbraítear comhpháirtíochtaí agus trína ndéantar obair chomhoibritheach le healaíontóirí, le gníomhaireachtaí agus le pobail i réimsí amhail ceol, scannáin, amharcealaíona, litríocht, amharclannaíocht, ealaín phoiblí agus níos mó eile.**



Léiriúchán *The Snow Queen* de chuid Amharclannaíocht Óige Chontae Ros Comáin ag *Féile Nollag Ros Comáin*

D'atosaigh ealaíontóirí an Clár um Ealaíontóirí i Scoileanna tar éis na Cásca, agus chuir scoileanna fearadh na fáilte roimh ealaíontóirí ar ais sa seomra ranga ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí. Méadaíodh iarratais ó scoileanna ar chlár 2021/22 faoi dhó nó níos mó ná sin.

Tar éis bliain dhúshlánach eile do Music Generation Ros Comáin agus d'Amharclannaíocht Óige Chontae Ros Comáin cuireadh ceardlanna agus léiriúcháin ar fáil go hiomlán ar líne go dtí an Samhradh. Seoladh suíomh gréasáin nua www.roscommoncountyyouththeatre.ie.

*Bhí The Snow Queen* ag *Féile Nollag Ros Comáin*, seó mórthaibhseach an-taitneamhach i gcomhar le Scoil Bailé McDermott agus Grúpa Ealaíon Pobail Gliondar, ar siúl i Mí na Nollag 2021.

San áireamh leis an *gClár Forbartha Litríochta* an-rathúil bhí bronnadh ar Neil Tully, buaiteoir *Ghradam Scríbhneoireachta Nua Ros Comáin* ag Dún Mhig Eachráin, Uachtar Thíre ar *Oíche an Chultúir 2021*.




Neil Tully, buaiteoir Ghradam Scríbhneoireachta Nua Ros Comáin ag Dún Mhig Eachráin, Uachtar Thíre, le Louise G. Cole, Moltóir, Rhona McGrath, Oifigeach Ealaíon agus Gerry Boland, Comhordaitheoir an Chláir Litríochta

Ba é an Dr. Ryan Molloy an chéad fhaighteoir de *Choimisiún Pianó Theach King 2020/21*.



*Coimisiún Pianó Theach King*




*Ag an gCaisleán,* Caisleán Ros Comáin*, Oíche an Chultúir 2021*

Is é a bhí cuimsithe le *Ag an Mainistir* agus *Ag an gCaisleán* 2 imeacht lasmuigh ilmheán ar an mórchóir, ar láithreáin shainiúla, a reáchtáladh ar láithreáin Oifig na nOibreacha Poiblí. Leis na himeachtaí sin, fostaíodh 2 ealaíontóirí ceannródaíocha áitiúla Emma Brennan (scannánóir agus cumadóir) agus Mintesinot Wolde (cóiréagrafaí agus damhsóir) chun saothar a chruthú le taibheoirí áitiúla agus le Algorithm Productions. Cuireadh iad sin ar fáil faoi choimirce na *Scéime Cláreagraithe um Thaibhiú Áitiúil Beo* trína gcuireadh ar chumas na Comhairle taibhithe ag taibheoirí áitiúla, foirne teicniúla agus eagraithe imeachtaí a bhainistiú agus a thacú agus chun taibhithe ardchaighdeáin lasmuigh a thabhairt don phobal ar bhealach sábháilte.

Rinne an Oifig Ealaíon 21 imeacht a chomhordú agus a chur chun cinn *d'Oíche an Chultúir 2021* agus bhí 100 taibheoir/ealaiontóir agus 8 n-ionad cultúrtha ar fud na tíre i gceist léi. D'fhreastail 1,900 duine ar imeachtaí beo. D'amharc 3,600 duine ar imeachtaí ar líne.

D'fhonn tacú le healaíontóirí ag gach céim dá ngairmeacha agus i raon leathan de chomhthéacsanna agus d'fhoirmeacha ealaíon, dhámh an Oifig Ealaíon sparánachtaí ealaíontóirí, d'eagraigh sí agus sholáthair sí oiliúint agus imeachtaí líonraithe d'ealaíontóirí agus thacaigh sí le raon éagsúil de thionscadail le healaíontóirí.


In 2021, d'eagraigh an Fhoireann Cultúir níos mó ná 30 imeacht agus tionscadal do Chlár Éire Ildánach lenar áiríodh *Folach Bíog le Leipreacháin Ros Comáin* agus *An Ant Called Amy* do Chruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann de ghníomhaíocht chruthaitheach do pháistí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh iomlána.

Is é a bhí i gceist le *Ignite the Spark* tionscadal cruthaitheach lena ndearnadh daoine óga agus daoine fásta a cheiliúradh agus a nascadh trí chomhráití, trí chuimhní agus trí gháire. Rinne baill d'Amharclannaíocht Óige Chontae Ros Comáin teagmháil le cónaitheoirí Ospidéal agus Theach Cúraim an Chroí Rónaofa, Ros Comáin. Faoi choimeád ag Catherine Sheridan agus a comh-ealaíontóir Julie Sharkey, tháinig *Bright Sparks* (Amharclannaíocht Óige Chontae Ros Comáin) agus *Dazzling Sparks* (cónaitheoirí an Ospidéil agus an Tí Chúraim) le chéile i sraith cruinnithe seachtainiúla nuair a rinneadh grianghraif, amhráin, brionglóidí, mianta agus níos mó eile a dhíghlasáil.



*Hide & Seek with Roscommon Leprechauns* by Franziska Leinberger for *Cruinniú na nÓg*

Tar éis don Oifig Ealaíon iarratas rathúil ar mhaoiniú a chur isteach chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, in éineacht leis an bhFoireann Athnuachana, forbróidh sí *Spás Taibhithe Phoiblí Lasmuigh* ag Pairc Somers, an Diméin, an Caisleán Riabhach.




*An Ant Called Amy* le Julie Sharkey *do Chruinniú na nÓg*



*Ignite the Spark* ag Ospidéal an Chroí Rónaofa, Ros Comáin

# An tIonad Ealaíon

**In 2021, d'ainneoin na dtréimhsí ina raibh sí dúnta mar gheall ar Covid-19, chuir Ionad Ealaíon Ros Comáin clár ilghnéitheach ar fáil lenar áiríodh 43 thaibhiú bheo, 5 thaispeántas agus 1 taibhiú inmheánach agus spriocluchht de níos mó ná 90,000 duine i gceist.**

Trí mhaoiniú méadaithe ó Chomhairle na nEalaíon agus trí thacaíocht ó *Éire Ildánach* cuireadh ar chumas an ionaid raon tacaíochtaí a fhorbairt agus a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha trí shraith de chónaitheachtaí, coimisiúin, taibhithe, tionscadail agus deiseanna rannpháirteachais a raibh beagnach €170,000 ina thoradh orthu mar íocaíocht dhíreach d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí in 2021.

Áiríodh le buaicphointí suntasacha in 2021 clár Earraigh ar líne ar tugadh cuireadh do 18 ealaíontóirí áitiúla chuige chun rannchuidithe a dhéanamh leis. Cuireadh fáilte roimh athfhilleadh an ghrianghrafadóra chlúitigh Martin Parr chuig an ngailearaí lena thaispeántas *40 Years of Photography in Ireland*, a cumasaíodh le tacaíocht ó *Éire Ildánach*. Leis an saothar sin pléadh éagsúlacht de théamaí agus d'imeachtaí lena mbaineann tábhacht stairiúil agus shóisialta in Éirinn lenar áiríodh cuairt an Phápa, aontaí capall agus eallaigh traidisiúnta na hÉireann, bálseomraí tuaithe, carranna Morris Minor tréigthe míchlúiteacha Iarthar na hÉireann, laethanta saoire cois farraige agus athrú eacnamaíocht na hÉireann.



An taispeántas *40 Years of Photography in Ireland* le Martin Parr

Don aisteoireacht, thacaigh an t-ionad le healaíontóirí a raibh saothar amharclannaíochta nua á chruthú acu lenar áiríodh an chéad taibhiú dá chomhléiriú le compántas amharclannaíochta Fregoli de *Cross Street* leis an drámadóir ó Mhainistir na Búille Jarleth Tivnan agus *An Ant Called Amy*, saothar nua do luchtanna féachana óga leis an gcleachtóir amharclannaíochta ó Bhealach an Doirín Julie Sharkey, a dhéanfaidh camchuairt náisiúnta in 2022 le tacaíocht ón ionad.



Taibhiú Chompántas Amharclannaíochta Fregoli *Cross Street* le Jarleth Tivnan ag an gcéad taibhiú ag Ionad Ealaíon Ros Comáin i mí na Samhna 2021



Julie Sharkey ag cleachtadh ar an stáitse ag Ionad Ealaíon Ros Comáin do thaifeadadh *An Ant Called Amy*



Aisteoirí áitiúla Con Connolly agus Marie Conroy i radharc ó *The Tinkers Curse/Playing on the Radio*



*Shimmer* le Anna Newell, arna chruthú le tacaíocht ó Ionad Ealaíon Ros Comáin tríd an Líonra le haghaidh Spriocluchtanna Neamhghnácha agus a cuireadh i láthair mar chuid *d'Fhéile Lollipops 2021*

Trí dheireadh a chur le srianta Civid-19 san Fhómhar, ligeadh don Ionad Ealaíon dul isteach sna scoileanna agus teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh trí *Fhéile Páistí Lollipops*. Chuir an tIonad tús freisin le tionscadal pobail nua *Playing on the Radio* le baill Ghrúpa Drámaíochta Ros Comáin agus le haisteoir/stiúrthóir as Ros Comáin Enda Oates.

Thosaigh Compántas Amharclannaíochta Fregoli ar an dara bliain dá chónaitheacht ag an ionad. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí *Share*, clár ceardlainne trína ndearnadh obair le 50 duine óg ag an Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála (EROC) i mBealach an Doirín agus taibhiú amharclannaíochta sráide nua *Angels* agus *Castle Tales*, sraith saothar fuaime lena ndearnadh sainchomharthaí Ros Comáin a shamhaltú an athuair mar shuíomhanna do scéalta fantaiseacha, agus téamaí an bhaile agus eachtraí á bplé. Trí ghairm oscailte, le freagairtí ó níos mó ná 30 ealaíontóirí, dámhadh *Cónaitheacht 'Wings' de chuid Éire Ildánach 2021* do chleachtóir amharclannaíochta Veronica Dyas.

Agus iad á gcoimeád ag Naomi Draper, chuir 4 ealaíontóirí a coimisiúnaíodh roimhe seo seónna i láthair i spás an ghailearaí agus coimisiúnaíodh 43 ealaíontóirí amhairc breise ó ar fud na hÉireann do chlár 2022.

Trí chlár *Studio 21* bhain 8 ealaíontóirí leas as spás stiúideo don Samhradh. Bhain 25 ealaíontóirí breise leas as raon tacaíochtaí maidir le taighde, forbairt agus cleachtaí i spásanna ceardlainne, halla éisteachta agus stiúideo an ionaid.

Lean Ionad Ealaíon Ros Comáin le hobair a dhéanamh le comhpháirtithe ionaid ar feadh 2021 ar fud roinnt líonraí léiriúcháin lenar áiríodh Nomad (amharclannaíocht); LIVE (litríocht) agus an Líonra le haghaidh Spriocluchtanna Neamhghnácha agus Meitheal (amharclannaíocht páistí/na luathbhlianta). Áiríodh leis an obair a rinneadh leis na líonraí sin maoiniú a aimsiú agus tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí chun saothar nua a fhorbairt, a chruthú, a chur i láthair agus a thabhairt ar chamchuairt ar feadh 2021.

In 2021 seoladh *Kaleidoscope* de chuid Ionad Ealaíon Ros Comáin, clár foghlama cruthaithí ilfhoirme ealaíne nua. Agus é curtha ar fáil ag 14 ealaíontóirí agus éascaitheoirí gairmiúla, ghlac beagnach 900 duine leis na deiseanna chun páirt chruthaitheach a ghlacadh i ndamhsa, litríocht, ceol, ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic)agus amharc-ealaín.

In 2021, dhámh an Chomhairle Ealaíon deontas cláreagraithe de €141,000 d'Ionad Ealaíon Ros Comáin, méadú 27% ar mhaoiniú 2020. In éineacht leis sin, fuarthas dhá *Dhámhachtain Maoinithe Straitéisigh* freisin chun tacú le tionscnaimh chláreagraithe agus le *Plean Straitéiseachnua* a fhorbairt. Leis an maoiniú sin tabharfar tacaíocht do cheapadh Speisialtóra um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (EDI) chun *Straitéis EDI* nua a fhorbairt i gcomhairliúchán le pobail áitiúla agus chun clár píolótach de thionscnaimh dírithe ar EDI. Mar chuid dá hobair le Líonra Amharclannaíochta Nomad, aimsíodh tríú *Deontas Forbartha Acmhainne na Comhairle Ealaíon* ionas gur féidir leis an líonra *Pleananna Forbartha Luchtanna Éisteachta* nua a fhorbairt.



# An tSeirbhís Leabharlainne

**Chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin raon d'acmhainní agus de sheirbhísí ar fáil le linn 2021. Trí líonra de leabharlanna brainse, tríd an tseirbhís leabharlainne móibílí agus trí sholáthar seirbhísí ar líne, thacaigh an tSeirbhís le riachtanais úsáideoirí ar fud an chontae, agus í ag oibriú i gcónaí ar aon dul le bearta sláinte poiblí. Bhí ról tábhachtach ag seirbhísí leabharlainne ar líne maidir le seirbhísí a sholáthar ar feadh na bliana agus bhí brainsí na leabharlainne ar oscailt don phobal ó Bhealtaine go Nollaig.**

## Soláthar Seirbhísí

Athraíodh soláthar na seirbhísí leabharlainne le linn na bliana ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí. Áiríodh le seirbhísí seirbhísí ar líne amháin, seirbhísí iasachta iomlána, spásanna staidéir agus rochtain ar ríomhairí agus ar an idirlíon. Chuir an tSeirbhís Leabharlainne clár leathan imeachtaí ar fáil a soláthraíodh ar líne.

Baineadh úsáid as feithicil na leabharlainne móibílí chun seirbhísí leabharlainne a sholáthar i mBealach an Doirín, i mBéal na mBuillí, in Ail Finn agus i bhFearann na Manach.

## Straitéisí Forbartha Leabharlainne

Bhí seachadadh seirbhísí leabharlainne in 2021 ar aon dul le riachtanais *Athléimneacht agus Téarnamh Covid-19 2021: An Bealach ar Aghaidh* agus le straitéisí agus moltaí um príomhsheirbhísí atá san áireamh le *Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Thabhairt Le Chéile agus a Chumasú*. Déanfar *Plean Forbartha Leabharlainne 5 Bliana* nua a sholáthar in 2022.

## Tacaíochtaí Maoinithe

Trí thacaíochtaí maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó Chiste na gCuntas Díomhaoin tugadh tacaíocht do sholáthar tionscadail chomhoibrithigh nua le Seirbhísí Leabharlainne Shligigh agus Liatroma. Is é aidhm an tionscadail sin, ar a dtugtar *Sense-Ability*, seirbhísí leabharlainne atá báúil le céadfaí a chur ar fáil do dhaoine néara-éagsúla sa phobal. Le linn 2021, cuireadh cochall céadfach ar fáil trí *Sense-Ability* i Leabharlann Bhrainse Ros




An Cochall Céadfach i Leabharlann Bhrainse Ros Comáin

Comáin, mar aon le sraith seimineár gréasáin ar líne le cainteoirí saineolaíocha agus an-chuid oiliúna don fhoireann. Forbraíodh agus aimsíodh bailiúchán iasachta d'earraí céadfacha le tabhairt ar iasacht leis freisin.

Dámhadh maoiniú de mhéid €95,250 do Leabharlann Bhealach an Doirín. Leis an maoiniú sin ligfear d'fhorbairt na chéad seirbhíse *My Open Library* i gContae Ros Comáin. Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe beidh an leabharlann ar oscailt ó 8am go 10pm, 365 lá sa bhliain ar bhonn féinfhreastail.

Tríd Chiste na gCuntas Díomhaoin tacaíodh le soláthar cláir chomhoibrithigh le Foróige ar a dtugtar *Exploring Stem (ETIM a Phlé)*. Tríd an gclár sin ligeadh do 77 duine óg cad is ETIM ann a phlé (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus conas atá ról aige ina saolta laethúla.



Taifid á n-ullmhú le haghaidh digitithe



Bailíonn an buaiteoir de Chomórtas *Summer Stars* a dhuais ón leabharlann mhóibíleach

## Acmhainní Ar Líne

Ba rud tábhachtach é maidir le seachadadh seirbhísí ná infhaighteacht raon leathan d'acmhainní ar líne le linn tréimhsí nuair a bhí leabharlanna dúnta. Bhí rochtain ag úsáideoirí leabharlann ar ríomhleabhair, ar chúrsaí ar líne, ar fhoghlaim teangacha ar líne, ar ríomhnuachtáin agus ar ríomhirisí. Méadaíodh úsáid ríomhleabhar faoi 16% in 2021. Méadaíodh úsáid ríomh-chlosleabhar faoi 45%.

Chuir an tSeirbhís Leabharlainne rochtain ar fáil ar 100 cheadúnas Touch-type, Read and Spell (TTRS) in 2021. Is cúrsa clóscríofa ar líne TTRS atá deartha chun tairbhe iad siúd a bhfuil deacrachtaí litrithe, léitheoireachta nó scríbhneoireachta acu. Bhí an-tóir ar an tseirbhís sin ó bhunscoileanna go háirithe.

Trí thacaíocht ón Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain, chuir an tSeirbhís Leabharlainne tús le digitiú taifead lenar áiríodh leabhair miontuairiscí. Cuireadh taifid scanta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí Leabharlainne

Le linn 2021 lean an tSeirbhís Leabharlainne le himeachtaí ar líne a chur ar fáil trí ardáin na meán sóisialta agus trí Crowdcast a úsáid.

Trí *Éire Shláintiúil ag do Leabharlann*, in éineacht le tionscnaimh *Cúrsaí Oibre ag an Leabharlann*, cuireadh 2 sheimineár gréasáin ar líne ar fáil ar ábhair an mheanapáis agus an andrapáis. Chláraigh 100 duine don dá imeacht.

Le linn Mhí Dhomhanda na Meabhairshláinte, spreagadh daoine le comórtas grianghrafadóireachta ar líne le dul amach ar shiúlóid agus chun grianghraf den tsiúlóid is ansa leo i gContae Ros Comáin a sheoladh isteach. Bhí freagairt iontach ar an gcomórtas agus fuair an buaiteoir duais fhoriomlán de Fitbit.

## An Ceart chun Léitheoireachta

Cuirtear tacaíocht litearthachta agus forbairt léitheoireachta ar fáil leis an gclár seo do pháistí, do thuismitheoirí agus do dhaoine fásta. Cuireadh ar fáil é i gcomhpháirtíocht le BOOGRC, le Coiste Cúraim Leanaí Ros Comáin, le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh, le TUSLA agus le Foróige.

Cuireadh an clár *An Ceart chun Léitheoireachta* ar fáil ar líne le linn 2021 agus comhroinneadh na scórtha físeán ar ardáin na meán sóisialta. D'amharc níos mó ná 1,000 duine ar fhíseáin *Scéalaíocht an Earraigh* . Ghlac beagnach 600 páiste páirt i ndúshlán léitheoireachta an tSamhraidh mar chuid de chlár *Summer Stars* ar a mbíonn an-tóir i gcónaí. Bhuaigh paiste ádhúil amháin a ghlac páirt sa dúshlán léitheoireachta duais de rothar nua. Trí thacaíocht ó *Éire Ildánach, mar chuid d'Fhéile Leabhar Ros na nÓg*, rinneadh teagmháil le níos mó ná 400 páiste i mbailte agus i seomraí ranga ar fud na tíre agus ghlac níos mó ná 130 páiste páirt i gcomórtas filíochta. I mí Dheireadh Fómhair, chruthaigh an fhoireann málaí ceardaíochta na Samhna le bailiú ó leabharlanna áitiúla mar aon le físeáin treoracha ag gabháil leo.

## Bearta Feidhmíochta

In 2021, tugadh líon iomlán de 31,456 chuairt ar phointí seirbhíse leabharlainne. Ghlac úsáideoirí leabharlainne níos mó ná 70,000 earra ar iasacht, go pearsanta agus ar líne.

# Tionscadail Speisialta agus Athghiniúint



Margadh na Nollag, An Chearnóg, Ros Comáin

**Is é ról Aonad Tionscadal Speisialta agus Athghiniúna Chomhairle Contae Ros Comáin tionscadail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm chun forbairt eacnamaíoch agus tuaithe a éascú ar fud an chontae. Bhí an t-aonad rannpháirteach go gníomhach i roinnt tionscnamh agus tionscadal le linn 2021.**

## Tionscnamh na mBailte Stairiúla (HTI): Sráideanna Stairiúla Ros Comáin a Athbheochan

Ba cheann amháin de 10 mbaile é baile Ros Comáin a bhí rathúil ar bhonn náisiúnta sa scéim *HTI* atá dírithe ar athghiniúint arna treorú ag caomhnú.

Bhain 15 áitreabh tairbhe as an scéim, agus rinneadh cuma agus beocht Shráid na Mainistreach uachtair agus Sráid Mhic Eochaidh, Ros Comáin, a athrú ó bhonn. Áiríodh leis na hoibreacha bearta cothabhála coiscthí agus feabhsuithe ar aghaidheanna ar an tsráid.

## An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (URDF)

Áiríodh an méid a leanas le gníomhaíocht in 2021:

- Cuireadh tús le hoibreacha ar Chearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin agus le *Tionscadal Réimse Phoiblí na Príomhshráide* sa 1ú ráithe de 2021. Tá oibreacha réimse phoiblí ar an bPríomhshráid críochnaithe a bheag nó a mhór agus an spás cathartha poiblí ag dul isteach anois sa chéim dearaidh.
- Ceadaíodh iarratas de mhéid €12.3 milliún, dar teideal *Roscommon Town – Putting the Spokes Back into the Hub* (lena nasctar tailte cúil na Príomhshráide, na páirceanna miondíola agus an Cuarbhóthar chun tacú le croí lárnach an bhaile agus bealach rothaíochta ar an imeall), sa 1ú ráithe de 2021.
- Ceapadh sainchomhairleoirí dearaidh. Rinneadh comhairliúcháin maidir leis an dearadh tosaigh le páirtithe leasmhara áitiúla agus cuireadh an dearadh tosaigh chun cinn.



Léaráid Ailtire den Óstán Ríoga, Mainistir na Búille



Scéim Feabhsúcháin na Sráid-dreacha

## An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (RRDF)

Áiríodh an méid a leanas le gníomhaíocht in 2021:

- Cuireadh tús le hoibreacha ar athfhorbairt láithreán an Óstáin Ríoga i Mainistir na Búille ina ionad fiontar agus ina spás don phobal.
- Cuireadh dearadh mionsonraithe i gcrích de Mhol Bia an Chaisleáin Riabhaigh. Cuireadh tairiscintí tógála chun cinn.
- Cuireadh dearadh mionsonraithe de Spás Eolaíochtaí na Beatha agus Bogthuirlingthe Fhearann na Manach i gcrích a bheag nó a mhór agus cuireadh tús le pacáiste an dearaidh.
- Cuireadh iarratas isteach faoi Bhabhta 3 de Chatagóir 1 maidir le *Lár Bhaile Mhainistir na Búille* agus Teach King a athbheochan agus é dírithe ar uasghráduithe ar Theach King agus taispeántais, éifeachtúlacht fuinnimh agus saoráidí campais san áireamh leis. Áirítear leis freisin feabhsuithe réimse phoiblí ar Shráid an Droichid agus ar Shráid na Siopaí mar aon le feabhsú an charrchlóis in aice le Sráid na Siopaí.
- Ceadaíodh Pleanáil Chuid 8 don fheabhsú réimse phoiblí i mBealach an Doirín mar chuid de Chatagóir 2 RRDF agus cuireadh an dearadh mionsonraithe chun cinn tríd is tríd.
- Ullmhaíodh iarratais rathúla faoi Chatagóir 2 RRDF do Bhéal na mBuillí *(Acmhainn Bhéal na mBuillí a Athbheochan)* agus d'Fhearann na Manach araon *(An Croí a chur ar ais i bhFearann na Manach)* trína ndéanfar tionscadail bhunathraitheacha a dhearadh don dá bhaile.

## Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte 2021

Áiríodh leis na sráidbhailte a bhí rathúil faoi *Scéimeanna Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte 2020* a cuireadh i bhfeidhm go céimneach arís ar feadh 2021 Cnoc an Chrochaire, an Leathcheathrú, an Díseart, Tigh Sratha, Cruachan, Tearmann Bearaigh agus Rúscaigh Bhí go leor gníomhaíochta ar siúl sna sráidbhailte sin. Áirítear le samplaí de na hoibreacha tírdhreachú, feabhsuithe réimse phoiblí, comharthaíocht nua ar bhealaí isteach, moil ionaid phobail agus suiteálacha ealaíne. Cuimsíodh le tionscadail rathúla faoi scéim 2021 Fearann na Manach, Cluain Fada, Baile an Tobair agus *Roscommon Bound (Ag Triall ar Ros Comáin)*. Cuirfear tús le hobair ar na tionscadail sin in 2022.

## Scéim Feabhsúcháin Shráid-dreacha Sráidbhailte agus Bailte 2021

Mar thoradh ar *an Scéim Feabhsúcháin Shráid-dreacha Sráidbhailte agus Bailte*, a maoiníodh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2021, roghnaíodh na 5 bhaile agus sráidbhaile a leanas le breithniú maidir le scéim péintéireachta, aghaidheanna siopaí nua agus feabhsuithe glasa:

- Ros Comáin;
- Mainistir na Búille;
- Bealach an Doirín;
- Cnoc an Chrochaire;
- Áth Liag.

## Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS)

Bhí an tAonad Athghiniúna gnóthach agus é ag cur na dtionscadal a leanas chun cinn le linn 2021:

- Oibreacha a chur i gcrích ag Lúb Rinn Dúin agus ag Cuan Judy, an Leathcheathrú, lenar áiríodh rian rothaíochta/siúil lúbtha agus feabhsuithe ar an limistéar taitneamhachta in aice le Cuan Judy;
- Oibreacha a chur i gcrích ar Shiúlóid Lúbtha Chluain Láir, Cill Taobháin;
- Fánán a chur i gcrích ag Bá Phort Reanna, Loch Rí, agus oibreacha breise ar pháirceáil agus ar fheabhsuithe le teacht;
- Oibreacha dearaidh thosaigh agus soláthar maidir le tionscadail áineasa lasmuigh ag Cladach an Dúin agus ag Páirc an Mhóta.

## Pleananna Pobail agus Eacnamaíocha

D'oibrigh an tAonad Athghiniúna le Comhaltaí Tofa agus le pobail in Ail Finn, Cnoc an Chrochaire, an Leathcheathrú agus Ráth Ara chun pleananna pobail agus eacnamaíocha a ullmhú. Leanadh le comhairliúcháin ar líne agus go pearsanta nuair ab fhéidir le rannpháirtíocht iontach ón bpobal.

## An Tionscnamh um Thús Áite do Láir Bailte

Is é aidhm an tionscnaimh nua seo de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail láir bailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine chun cónaí agus obair a dhéanamh iontu agus cuairt a thabhairt orthu. Ainmníodh Béal na mBuillí ar son Chontae Ros Comáin chun *Máistirphlean um Thús Áite do Láir Bailte* a fhorbairt, lena gcuirfear fís ar fáil le haghaidh an baile a fhorbairt, ag díriú ar lár an bhaile agus an timpeallacht máguaird.

## Ag Obair Le Muintir Dhomhanda Ros Comáin trí Thriall ar Ros Comáin

Leanann cainéil meán sóisialta *Thriall ar Ros Comáin* chun dul i méid ar Linkedin, Twitter, Instagram agus Facebook agus fóram á sholáthar acu le haghaidh scéalta dearfacha agus imeachtaí ina bhfuil spéis ag daoine a bhfuil nasc acu le Ros Comáin sa chontae agus thar lear. Cruthaíodh ábhar speisialta ar na meáin shóisialta don Nollaig agus don Athbhliain chun teagmháil agus nasc a dhéanamh le diaspóra Ros Comáin ar fud an domhain. Tríd an tionscnamh sin, lenar aimsíodh maoiniú de €100,000 trí *Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte 2021*, forbrófar próifíl náisiúnta agus idirnáisiúnta Ros Comáin agus cuirfear an contae chun cinn mar láthair do chianoibrithe agus do chumas móibíleach.

## Maoiniú faoi Thionscadal Éireann 2040

Tá achoimre ar an maoiniú a fuarthas in 2021 faoi *Thionscadal Éireann 2040* le fáil sa tábla a leanas:

**Tábla 1: Maoiniú a Fuarthas in 2021 faoi *Thionscadal Éireann 2040***

| Scéim | Láthair | Méid |
|---|---|---|
| Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte | Éagsúil | €487,257 |
| Scéim Feabhsúcháin Shráid-dreacha Sráidbhailte agus Bailte | Éagsúil | €220,000 |
| An Tionscnamh um Thús Áite do Láir Bailte | Béal na mBuillí | €75,000 |
| Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2021 | Baile Ros Comáin | €114,105 |
| An Ciste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe | Éagsúil | €337,870 |
| Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh | Páirc an Mhóta, Cladach an Dúin agus Port Reanna | €472,312 |
| Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach | Baile Ros Comáin | €3,610,223 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | Port Reanna | €15,850 |

# Oifig Fiontar Áitiúil

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office
Roscommon

**Gníomhaíonn an Oifig Fiontar Áitiúil (LEO) mar 'Ionad Ilfhreastail' do dhuine ar bith a bhfuil faisnéis agus tacaíocht á lorg aige/aici maidir le gnólacht a chur ar bun nó a fhás. Is é ról LEO Ros Comáin forbairt fiontair a spreagadh, agus micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga á gcur ag croílár chruthú na fostaíochta. Tacaíonn OFÁ le gnólachtaí nuathionscanta agus oibríonn sé chun acmhainn fostaíochta micreaghnóthas agus gnólachtaí beaga agus na gceann atá ann cheana a mhéadú le faisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais roghnach.**

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2021 do LEO Ros Comáin mar gheall ar iarmhairtí leanúnacha phaindéim Covid-19 agus Brexit ar ghnólachtaí. Tacaíodh le 167 ngnólacht ina bhfostaítear 940 duine mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh do ghnólachtaí úra agus reatha agus baill foirne bhreise á bhfostú acu i gContae Ros Comáin.

Áiríodh le cuid de na mór-thacaíochtaí airgeadais a soláthraíodh *Deontais Tionscnaimh* chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta, *Deontais um Leathnú Gnó* chun tacú le gnólachtaí atá ag fás agus *Deontais Féidearthachta* chun cuidiú le gnólachtaí indéantacht thráchtála nó theicniúil táirgí nó próiseas nua athástáil. Trí na tacaíochtaí sin d'infheistigh an Oifig Fiontar Áitiúil i 15 ghnólacht in 2021 agus réamh-mheasadh go gcruthódh siad 69 bpost bhreise.

Tháinig méadú in 2021 ar líon na rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, i dtascanna meantóireachta agus i gclinicí meantóireachta. Cuireadh na tacaíochtaí uile sin ar fáil go cianda agus saincheapadh iad go sainiúil do ghnóthais bheaga, do mhicreaghnóthas agus do ghnólachtaí nuathionscanta i Ros Comáin.

D'oibrigh an LEO le 7 meánscoil chun an fhiontraíocht a chothú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal an chontae agus ar leibhéal náisiúnta.

Thug an LEO roinnt tionscnamh isteach in 2021 chun cuidiú le gnólachtaí dul in oiriúint agus dul i ngleic leis na dúshláin a cuireadh i láthair mar thoradh ar an *gClár Oibre um an Athrú Aeráide*. Cuireadh iniúchtaí fuinnimh agus comhairle ar fáil do ghnóthais bheaga agus do mhicreaghnóthais faoi na cláir *Green for Micro* agus *Costas Níos Ísle, Carbón Níos Ísle* a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le IT Shligigh agus le hOifigí Fiontar Áitiúla i Maigh Eo.

Bhí an-éileamh arís ar *Dhearbháin chun Trádáil Ar Líne* ag a raibh cúnamh deontais de mhéid 50% agus cuidíodh le 42 ghnólacht eile chun aistriú go samhail ríomhthráchtála.

Lean an LEO le tacaíochtaí paindéime a chur ar fáil do ghnólachtaí Ros Comáin. Chuir sí 100 lá de chomhairleacht ar fáil do 38 gcliant faoin *Scéim Spreagtha Cliant* lena ligtear dóibh réimsí criticiúla gnó a neartú.

Cuidíodh 15 chliant LEO freisin le hiarratais ar iasachtaí Microfinance Ireland.



Buaiteoirí *Gradaim Fócais Thodhchaíoch Fiontar Náisiúnta 2021* - Lidan Designs

Lean an OFÁ le sármhaitheas a bhaint amach i gcúram custaiméirí agus is é mar aidhm aici forbairt a dhéanamh air sin trí sheirbhísí agus tacaíochtaí ardcháilíochta a sholáthar dá mboinn custaiméirí agus cliant atá ag méadú de shíor ar fud Ros Comáin. Leanadh le rannpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an GFT le linn 2021 agus Ros Comáin á chur chun cinn mar shuíomh le haghaidh gnó agus infheistíocht isteach.



Buaiteoirí *Gradam Fiontar Daltaí Sinsearacha 2021* - Katelyn Drury agus Holly Connolly daltaí ag Coláiste Pobail an Chaisleáin Riabhaigh





# An Stiúrthóireacht um Bóithre & Iompar, Seirbhísí Éigeandála, Rialú Tógála agus Pleanála

# Bóithre agus Iompar

**Tá an Roinn Bóithre agus Iompair freagrach as cláir a sholáthar lena n-áirítear Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta; Cláir Sábháilteachta Bóithre; Oibreacha Cothabhála agus Feabhsaithe ar Dhroichid; an Clár Infheistíochta i dTaisteal Gníomhach; an Clár um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide; Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach, Oibreacha Maolaithe Tuilte; Reiligí; Ceadanna Ualaí Neamhghnácha; Bóithre Poiblí a Dhearbhú; Cearta Slí Poiblí a Chealú; Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil; Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail; Dúnadh Sealadach Bóithre; Láithreacha Stadanna Bus a Fhaomhadh; Teorainneacha Luais; Flít agus Meaisínre; Ceadúnais Oscailte Bóithre; Páirceanna agus Taitneamhachtaí.**

## Líonra Bóithre

Tá Comhairle Contae Ros Comáin freagrach as an líonra bóithre sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Bhí na hoibreacha seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh in 2021: tógáil agus cothabháil bóithre; athshlánú droichead; oibreacha draenála; bearta bainistithe sábháilteachta agus tráchta a chur i bhfeidhm; bearta taistil ghníomhaigh; oibreacha um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir le h-athrú aeráide; Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail agus Feabhsaithe Áitiúil a chur i bhfeidhm  agus deisithe ar chosáin. Tá achoimre ar aicme agus ar fhad bhóithre Ros Comáin le fáil i **dTábla 1**.



**Tábla 1: Aicmiú agus Fad Bhóithre Ros Comáin**

| Aicmiú Bóthair | Fad (Méadair) |
|---|---|
| Mótarbhealach | 20,220 |
| Príomhbhóthar náisiúnta | 83,492 |
| Bóthar náisiúnta den Dara Grád | 148,056 |
| Réigiúnach | 375,780 |
| Bóithre Áitiúla | 3,414,430 |
| **Iomlán do na Bóithre ar fad** | **4,041,978** |

# Maoiniú

Leithdháileann Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú d'fhonn an Líonra Príomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád sa chontae a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú. Leithdháileann an Roinn Iompair maoiniú le haghaidh na nithe a leanas: Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a atógáil agus a chothabháil; athshlánú droichead; cláir draenála; scéimeanna sábháilteachta; scéimeanna um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir le h-athrú aeráide agus oibreacha faoi *Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail*. Cuireann an an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú ar fáil don *Chlár Taistil Ghníomhaigh* .

Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil do bhóithre neamhphoiblí - Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil óna cuid acmhainní féin chun iarratais ar dheontais a fhorlíonadh. Cuirtear maoiniú ar fáil d'oibreacha maolaithe tuilte ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó acmhainní féin na Comhairle. Tá achoimre ar fáil ar na leithdháiltí maoinithe náisiúnta agus neamhnáisiúnta le haghaidh 2021 i **dTábla 2**.

**Tábla 2: Leithdháiltí Maoinithe do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Neamhnáisiúnta Chontae Ros Comáin 2021**

| Foinse Maoinithe | Oibreacha | Maoiniú 2021 |
|---|---|---|
| An Roinn Iompair | Atógáil agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Droichid, Oibreacha Draenála, Scéimeanna Sábháilteachta, Oibreacha um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail | €19,886,968.00 |
| Bonneagar Iompair Éireann (TII) | Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád | €29,221,968.00 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach | €2,397,000 |
| Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe na mBóithre nach Bóithre Poiblí iad | €445,495.00 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla / Soilsiú Poiblí | €2,082,600.00 |
| **Iomlán** | | **€54,034,031.00** |

# Tionscadail Bóithre Náisiúnta

Tá an **Tionscadal Bóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg** thart ar 34km ar fad agus síneann sé ó phointe ceangail thoir de Sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín go Scramóg agus téann sé timpeall ar Dhún Gar, ar Bhéal Átha na gCarr, ar Thuislce agus ar Bhéal na mBuillí. Tá an trasghearradh ar chaighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. D'fhaomh an Bord Pleanála an scéim agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) i mí Eanáir 2019. Rinneadh fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh a sheirbheáil ar na daoine ar fad atá ainmnithe san ordú ceannaigh éigeantaigh agus tá idirbheartaíocht talún ar bun. Fuarthas seirbhísí luachála talún agus maoine agus seirbhísí dlí chun cuidiú le fáil talún. Fuarthas conarthaí oibreacha agus seirbhísí roimh ré / cumasaithe roimh an bpríomhchonradh tógála lena n-áirítear, suirbhé aispeiste, fálú, leagan crann agus baint fál sceach, suirbhéanna topagrafacha agus iiúchtaí geoiteicniúla, agus cuireadh iad uile i gcrích. Cuireadh an coimisiún neamhspleách maidir leis an Maoirseoir Tionscadail do Chéim na Tógála (PSCS) i gcrích freisin. Tá atreorú HV (ardvoltas) BSL críochnaithe agus leantar le hatreorú fearas LV agus MV BSL go fóill. Tá na hoibreacha seandálaíochta ar an láithreán críochnaithe. Leantar le tuairisciú agus le scaipeadh. Ceapadh sainchomhairleoirí teicniúla chun cuidiú leis an tionscadal a chur chun cinn trí na céimeanna tairisceana agus tógála. Cuireadh tús le haimsiú conraitheora chun an scéim a dhearadh agus a thógáil i mí Eanáir 2020 agus fuarthas tairiscintí i mí na Nollag 2020. Ceapadh Roadbridge Ltd. i mí Meithimh 2021 agus cuireadh tús leis an dearadh mionsonraithe agus le hoibreacha ullmhúcháin sa dara leath den bhliain. Glac an Taoiseach, an tUasal Micheál Martin, TD, páirt in imeacht oifigiúil tiontaithe an chéad fhóid an 18 Deireadh Fómhair 2021.

Is é atá i gceist le **Tionscadal N4 Chora Droma Rúisc go Dromad** réiteach iompair a sholáthar lena bhféadfadh trasnú droichid nua a chuimsiú ar an tSionainn chun an cúngú tráchta suntasach a mhaolú ar an N4 trí Chora Droma Rúisc. Áirítear le méid an tionscadail cuid 20 km de Phríomhbhealach Náisiúnta N4 a shínfidh ó bhaile fearainn Dhroim hEatharlach i gContae Ros Comáin go baile fearainn na bhFálta i gContae Liatroma. Tá Comhaontú Alt 85 faoin Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm idir Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Liatroma. Faoin gComhaontú Alt 85 is í Comhairle Contae Liatroma an 'tÚdarás Príomhúil'. Cheap Comhairle Contae Liatroma Ove Arup & Partners Ireland Ltd. (Arup) chun an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 1 go 4 de *Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail TII* i mí Feabhra 2020. Cuireadh Céim 1 (Coincheap agus Indéantacht) i gcrích i mí Iúil 2020 agus tar éis faomhadh a fháil ó TII, chuir Arup tús le Céim 2, Srianta agus Roghnú na Rogha. Fuarthas sonraí um áirimh tráchta agus sonraí faoi réamh-iniúchadh talún chun an próiseas um roghnú rogha a threorú. Rinneadh áirimh tráchta i mí na Nollag 2020. Cuireadh tús le hoibreacha réamh-iniúchta talún i mí Aibreáin 2021 agus cuireadh i gcrích iad i mí Iúil 2021. Tionóladh Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 (Roghanna agus Roghanna Eile) idir an 19ú Bealtaine agus an 25ú Meitheamh 2021 agus cuireadh roghanna eile maidir le taisteal gníomhach, iompar poiblí agus bainistíocht éilimh i láthair mar aon le 8 rogha maidir le conairí bunaithe ar bhóithre. Mar gheall ar shrianta Covid-19, ní raibh imeacht aghaidh ar aghaidh indéanta. Tionóladh comhairliúchán poiblí fíorúil ar a raibh rochtain trí shuíomh gréasáin an tionscadail lenar áiríodh an áis chun cruinnithe ar líne a chur in áirithe le Foireann an Tionscadail. Fuarthas níos mó ná 2,300 aighneacht agus tionóladh líon iomlán de 189 gcruinniú fhíorúla ar líne mar chuid den chomhairliúchán. D'eisigh Comhairle Contae Liatroma admhálacha agus freagairtí tar éis d'Fhoireann an Tionscadail na haighneachtaí a athbhreithniú. Tá an measúnú ar roghanna na conaire bealaigh seo fós ar siúl.

Is é atá i gceist le **Tionscadal Athailínithe Bhóthar Óráin N60** thart faoi 3.4km den Bhealach Náisiúnta N60 den Dara Grád a athailíniú, lena n-áirítear 1.7 km d'fhoirgníocht as líne agus 1.7 km de leathnú ar líne go caighdeán carrbhealaigh aonair Chineál 1. Tá an próiseas fála talún ag leanúint ar aghaidh agus go dtí seo tá 95% de na cásanna socraithe. Chuir Irish Archaeological Consultancy Ltd. Conradh Réitithe Seandálaíochta Céim (ii) - (iv) i gcrích. Dámhadh an príomhchonradh tógála do Wills Bros Ltd. i mí Aibreáin 2019. Eisíodh an Deimhniú um Chríochnú Substaintiúil do Wills Bros Ltd. i mí Mheán Fómhair 2020, agus clabhsúr á chur ar oibreacha an phríomhchonartha thógála lenar áiríodh athruithe riachtanacha ar bith ar an Líonra Bóithre Áitiúla. Réitíodh gach fabht agus eisíodh an Deimhniú um Fhabhtanna i mí na Samhna 2021. Chríochnaigh Roughan & O'Donovan, Innealtóirí Comhairleacha, a fostaíodh chun an príomhchonradh tógála a riar thar ceann Chomhairle Contae Ros Comáin, na hÁbhair Insoláthartha de Cheim 7 TII a bhí le réiteach.

Mar chuid de **Thionscadal Bhóthar N61 ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí an Leithcheathrú (Cnoc an Chrochaire)**, déanfar thart faoi 14km de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád N61 a athailíniú agus a fheabhsú, a shíneann ón Leathcheathrú atá ó thuaidh ó Bhaile Uí Mhuirígh go dtí An Cilleachán agus An Gort, baile fearainn atá ó dheas ón Leithcheathrú. Sa tionscadal, beifear ag dul timpeall ar shráidbhaile Chnoc an Chrochaire agus cuirfear deighilt leibhéal i bhfeidhm ar an líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Cathair na Mart/Béal an Átha. Bhí próiseas tairisceana ann agus ina dhiaidh ceapadh Comhghuaillíocht idir Innealtóirí Comhairleacha Roughan & O' Donovan – AECOM (ROD-A) i mí Eanáir 2019 leis an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 1 go 4 de Threoracha Bainistíochta Tionscadal TII. Chuir ROD-A an tionscadal chun cinn trí chéimeanna na sriantaí agus roghnú na roghanna agus bhí an dara comhairliúchán poiblí maidir le Roghanna Bealaí Chéim 2 ar siúl i mí na Samhna 2019. Leanadh leis an measúnú ar roghanna chonair an bhealaigh le linn 2020 agus faoi dheireadh sainaithníodh Conair Bhealaigh C-3 mar an Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar. Rith próiseas comhairliúcháin fíorúil ar líne ó Nollaig 2020 go dtí deireadh mhí Eanáir 2021 agus an chonair sin á cur i láthair in éineacht le faisnéis ábhartha eile faoin tionscadal don phobal ar an suíomh gréasáin tiomnaithe www.N61Roscommon.ie. Tionóladh líon iomlán de 75 chruinniú chomhairliúcháin le húinéirí talún aonair le linn na tréimhse sin. Fuarthas níos mó ná 100 aighneacht ó úinéirí talún agus ó bhaill an phobail ar spéis leo an scéal. Tar éis an mheasúnaithe sin dearbhaíodh Conair C-3 mar an Chonair Bhealaigh Roghnaithe. Foilsíodh an Tuarascáil ar Roghnú na Rogha i mí Lúnasa 2021 agus eisíodh ábhair insoláthartha uile Chéim 2 do TII.

Is é a bhí i gceist le **Tionscadal Bhóthar Chéim 1 N61 Chúil Taidhg**, thart faoi 3km de chuid de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád ar imeall thuaidh bhaile Ros Comáin a athailíniú agus a fheabhsú, den chuid is mó go caighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. Tá an próiseas faighte talún ar siúl faoi láthair de bhun an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Cuireadh oibreacha seandálaíochta allamuigh i gcrích i mí na Samhna 2016 agus tá ullmhúchán mhonagraf an tionscadail lena sonraítear tochailt coimpléisc imfhálaithe il-bhalla a bhí suite ag Raghnallach ar siúl go fóill. Tá an príomhchonradh tógála arna chur i bhfeidhm ag Wills Bros. Ltd. curtha i gcrích.

Is tionscadal feabhsaithe Bóthair Náisiúntaáisiúnta beag é **Tionscadal Athailínithe Bhóthar N61 Thuilsce go Clais an Ghainimh** lena ndéantar iarracht chun tabhairt faoi chuid den N61 atá easnamhach go tromchúiseach idir Tuilsce agus Clais an Ghainimh atá timpeall 4km ar fad. Go dtí seo cuireadh Céimeanna 1 agus 2 den tionscadal i gcrích agus tá Céim 3 (Dearadh agus Measúnú Comhshaoil) ar siúl faoi láthair. Go ginearálta, leanann ailíniú an réamh-dhearaidh aitheanta an chonair bhealaigh reatha agus seachnaíonn sí srianta seandálaíochta, geoiteicniúla agus hidreolaíocha suntasacha. Críochnaíodh conradh an iniúchta talún mhionsonraithe, chun próiseas an réamh-dhearaidh a threorú, in 2021.

## Tionscadail um Chosáin Bhóthair Náisiúnta

Le linn 2021, críochnaíodh oibreacha ar Fhorluí Chosán N60 an Chaisleáin Riabhaigh (Céim 2) agus ar an N63 ag Forluí Chosán Acomhal an R357. Tá conarthaí a dámhadh i leith cosán don N5 an Mhuine Léith go Carrowntoosan agus don N61 Bhaile Átha Luain Thuaidh (Céim 1) in 2021 sceidealaithe chun tosú in 2022.

## Clár Oibreacha Bóithre - Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Cuireadh níos mó ná 400 tionscadal ar leith maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i gcrích faoi na 3 Scéim Oibreacha Bóithre de chuid an Cheantair Bhardasaigh 2021 agus fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair agus ó acmhainní féin na Comhairle.

## An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach


Áiríodh le *Clár an Rialtais* a foilsíodh i mí Meithimh 2020 spriocanna uaillmhianacha agus suntasacha le haghaidh scéimeanna siúil agus rothaíochta a fhorbairt. In 2021, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair €72.8 milliún mar mhaoiniú do 19 n-údarás áitiúla maidir le taisteal gníomhach i dtuathlimistéir. Ba é sin an chéad chlár infheistíochta riamh maidir le taisteal gníomhach d'Éirinn tuaithe. Fuair Comhairle Contae Ros Comáin leithdháileachán de €2,397,000. Baineann an maoiniú le haghaidh 2021 le Bliain 1 de *Chlár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach* 5 bliana, rud a bheidh bunathraitheach i réimse roghanna an iompair inbhuanaithe ghlais maidir leo siúd lasmuigh de lárionaid uirbeacha mhóra. Trí shaoráidí siúil agus rothaíochta ardchaighdeáin a fhorbairt spreagfar níos mó daoine chun aistriú go taisteal gníomhach agus cuirfear le dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide. Beidh an maoiniú sin ina chuidiú le pobail a nascadh agus le siúl agus rothaíocht a dhéanamh tarraingteach, sábháilte agus inrochtana do chách. in 2021, cuireadh tús le tionscadail sna háiteanna a leanas: an Chríoch, Bealach an Doirín, Corr an Tobair, Uachtar Thíre, Ail Finn, an Caisleán Riabhach agus Ros Comáin.




Corr an Tobair - roimh na hoibreacha



Corr an Tobair - oibreacha críochnaithe



Ail Finn - roimh na hoibreacha



Ail Finn - oibreacha críochnaithe



Lios na Molt, Ros Comáin - roimh na hoibreacha



Lios na Molt, Ros Comáin - oibreacha críochnaithe

## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Chuir an Roinn Iompair leithdháileachán de €166,000 ar fáil in 2021 faoi *CIS* (Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail). In 2021, rinneadh an cúnamh deontais a chómhaoiniú le 15% ar a laghad ón bpobal le haghaidh oibreacha incháilithe lenar áiríodh cothabháil ghinearálta, oibreacha draenála, oibreacha cosáin agus cosáin ar bhóithre poiblí. Cuireadh 2 thionscadal chun cinn faoin scéim sin in 2021.

I mí Lúnasa 2021, rinne an Chomhairle fógraíocht faoi Léirithe Spéise ó shealbhóirí tithe agus ó úinéirí talún ar Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha ar mian leo páirt a ghlacadh sa scéim do na blianta 2022 agus 2023. Beidh *CIS 2022/2023* bunaithe ar ranníocaíocht íosta ón bpobal de 10% nó de 20%. Ní ceadmhach níos mó scéim arna maoiniú faoi *CIS* a chur chun feidhme nuair is ionann rannchuidiú ón bpobal áitiúil agus comhcheangal d'airgead agus d'oibreacha. Tá na téarmaí a leanas infheidhme maidir le scéim 2022/2023:

- Nuair is ionann an rannchuidiú ón bpobal áitiúil agus airgead beidh ráta ranníocaíochta íosta de 10% infheidhme;
- Nuair is ionann an rannchuidiú ón bpobal áitiúil agus oibreacha beidh ráta rannchuidithe íosta de 20% infheidhme.

## An Scéim Feabhsaithe Áitiúil (LIS)

Oibríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) an *LIS* le haghaidh bóithre áitiúla nach bóithre náisiúnta iad a fheabhsú. Tá an ranníocaíocht áitiúil ina dlúthchuid den scéim feabhsaithe áitiúil. Tá an ranníocaíocht áitiúil socraithe ag 10% maidir le bóithre incháilithe agus suas le 5 thairbhí i gceist leo agus tá sí socraithe ag 15% dóibh siúd lena mbaineann 6 thairbhí nó níos mó. Rinne an RFTP an scéim tosaíochtaí do 30 bóthar a fhaomhadh in 2021 le maoiniú deontais dar luach €445,495.00.

## Scéim chun Cosáin a Dheisiú

Mar chuid de na *Bearta Maolaithe Riosca*, fuarthas maoiniú ó Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann. Tá lochtanna agus contúirtí á dtaifeadadh i rith an ama agus tá cosáin lochtacha ar fud an chontae á ndeisiú ar bhonn leanúnach Tá an Roinn Bóithre ag comhoibriú le soláthraithe fóntas chun seomraí faoi thalamh lochtacha etc a aimsiú. In 2021, lean Comhairle Contae Ros Comáin chun conraitheoirí pábhála a fhostú chun codanna lochtacha de chosáin a athchur agus pábháil thadhlach a shuiteáil nuair ba ghá léi. Cuireadh oibreacha i gcrích i mBaile Átha Luain, i Mainistir na Búille, sa Chaisleán Riabhach agus i Ros Comáin.

## CFRAM (Clár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantrach)

Is é is cuspóir don *Chlár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú* (CFRAM) scéimeanna chun faoisimh tuile a shainaithint agus a dhearadh chun priacal tuile a mhaolú. Faoin gclár, rinneadh Baile Átha Luain, Ros Comáin, Áth Liag, An Caisleán Riabhach, Mainistir na Búille agus Corr an Tobair a mheas i ndáil le priacal tuile. Tá oibreacha á moladh sna bailte móra ar fad ach amháin an Caisleán Riabhach.



Droichead Chorr an Tobair

Ar thaobh Chontae na Iarmhí de Bhaile Átha Luain, tá oibreacha á dtógáil agus tá ceapadh sainchomhairleoirí á bhreithniú maidir le hoibreacha cosanta ar thuile ag an mBogán Fionn, Baile Átha Luain ar thaobh Chontae Ros Comáin. In 2021, fuair an Chomhairle tairiscint de mhaoiniú ó Oifig na nOibreacha Poiblí de mhéid €350,000 don tionscadal sin. Eiseofar an Treoir Dhearaidh i ráithe a haon de 2022.

Tá *Scéim Cosanta Tuilte Chora Droma Rúisc* á cur chun cinn ag Comhairle Contae Liatroma, an príomhúdarás, i gcomhar le Comhairle Contae Ros Comáin agus le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is bailte iad Cora Droma Rúisc agus Corr an Tobair ina bhféadfadh tuilte a tharlú ón tSionainn agus óna craobh-aibhneacha. Tá iniúchadh an láithreáin beagnach críochnaithe agus tá obair allamuigh atá fós le réiteach beartaithe. Tá suirbhéanna comhshaoil séasúracha críochnaithe, a bheag nó a mhór, agus tá réimse amháin fós le réiteach. Tá dréacht na *Tuarascála Hidreolaíche* faoi athbhreithniú, agus tá an samhaltú agus anailís hidreolaíoch ar siúl faoi láthair.

Níor áiríodh Ros Comáin, Mainistir na Búille agus Áth Liag sa chéad sciar de na scéimeanna draenála a bhí á gcur chun cinn ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Reiligí

### Oibreacha Caipitil sna Reiligí

Tugadh pleananna chun Reilig Bheaglaoich a shíneadh chun críche in 2021. Leis an bhforbairt atá molta déantar foráil do shíneadh na saoráidí adhlactha atá ann cheana féin sa reilig chun thart ar 188 spás nua a chruthú d'uaigheanna, agus soláthrófar ballaí teorann nua, rochtain nua do choisithe agus d'fheithiclí agus cosáin. I mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhréir le riachtanais Chuid 8 de Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), foilsíodh fógra faoin bhforbairt mholta agus cuireadh pleananna agus sonraí ar taispeáint go poiblí le haghaidh thréimhse 4 seachtaine ón 19ú Deireadh Fómhair 2021. Glacadh le haighneachtaí nó le tuairimí suas go dtí an 2ú Nollaig 2021 agus an dáta sin san áireamh. Cuirfear tuarascáil ar phróiseas Chuid 8 faoi bhráid chruinniú Cheantar Bardasach Bhaile Átha Luain go luath in 2022.

### An Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí

Leithdháileadh €70,000 don *Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí* in 2021. Dámhadh deontais do 93 ghrúpa dheonacha.

## Ceadanna le haghaidh Ualaí Neamhghnácha

Caithfidh oibreoirí a bhfuil feithicil nó ualach faoi stiúir acu a thiteann taobh amuigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag na Rialacháin um thrácht ar bhóithre (Trealamh Tógála agus Úsáid Feithiclí), 2003, cead a fháil don ghluaiseacht. Tá córas ceadanna á fheidhmiú ag Údaráis áitiúla le haghaidh ualaí neamhghnácha nuair atá coinníollacha maidir le meáchan, airde agus toisí i bhfeidhm ar achair ina n-iomláine nó i bpáirt a tharlaíonn ar bhealaí nach bhfuil clúdaithe ag scéim an Gharda Síochána. Eisíodh 73 Chead le haghaidh Ualaí Neamhghnácha in 2021.

## Ceadúnais chun Bóthar a Oscailt

Tá Ceadúnas chun Bóthar a Oscailt riachtanach do gach tochailt a dhéantar i mbóthar poiblí nó cosán. Déantar gach iarratas ar an mbóthar poiblí a oscailt a chur isteach sa tairseach lárnach den Oifig um Bainistiú Bóithre (www.rmo.ie). Déanann an Roinn Bóithre na ceadúnais do Contae Ros Comáin a phróiseáil ón tairseach sin agus coinníollacha agus táillí a cheangal den cheadúnas. Cuireadh líon iomlán de 470 iarratas nua isteach ar cheadúnas isteach chuig Comhairle Contae Ros Comáin in 2021.

## Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain

Tá an tionscadal sin á chur ar fáil ag údaráis áitiúla na hIarmhí, na Gaillimhe agus Ros Comáin. Ceapadh sainchomhairleoirí dearaidh, RPS, in 2020.. Cuireadh oifig thionscadail thiomnaithe ar bun i mBéal Átha na Sluaighe, áit ar féidir leis an bpobal idirchaidreamh a dhéanamh le foireann an tionscadail. In 2021, cheap Comhairle Contae Ros Comáin Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail.

Bhí an chéad cheann de 4 thréimhse de chomhairliúchán poiblí ar siúl i mí Lúnasa 2020 agus bhí an dara tréimhse de chomhairliúchán poiblí ar siúl i mí Feabhra/mí Márta' 2021. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí Uimh. 3 an 8ú Nollaig 2021 agus lean sé go dtí an 28ú Feabhra 2022. Is féidir breathnú ar an gConair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar sa Seomra Comhairliúcháin Fhíorúil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (www.galwaytoathlonecycleway.com).





# Sábháilteacht ar Bhóithre

## Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal

In 2021, cuireadh 13 *Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta* i gcrích ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae ó dheontas sonrach ón Roinn Iompair de €377,000 do bhearta sábháilteachta ísealchostais. Fuair an Chomhairle maoiniú breise le haghaidh scéimeanna ar leith ar bhealaí náisiúnta.

## Comórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

Bhí searmanas duaiseanna an *Chomórtais Bhliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre* ar siúl an 9ú Meán Fómhair 2021 in Áras an Chontae. Comhthionscnamh atá ansin idir Oifig Sábháilteachta ar Bhóithre Chomhairle Contae Ros Comáin agus an tAonad Póilíneachta Pobail ag Ceantar Ros Comáin an Gharda Síochána. Is é is aidhm don chomórtas feasacht a chruthú agus a chur chun cinn i measc pháistí bunscoile maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre. Fuarthas 42 iontráil ar an iomlán ó dhaltaí i rang 5 agus rang 6 ag ionadú 12 bhunscoil i gCeantar an Gharda Síochána i Ros Comáin.





Sa ghrianghraf, ag Searmanas na nDuaiseanna do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, tá buaiteoirí duaiseanna, Caoimhe White, Scoil Náisiúnta Choill Naomh Comán, Ros Comáin, Caitlin Kelly, Scoile Náisiúnta Bhéal Átha Feorainne agus Cara Harrington, Scoil Náisiúnta Lios an Uisce. Sa ghrianghraf freisin tá an Comhairleoir Joe Murphy, Cathaoirleach, An tUasal Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach, Mairead McKeon-Moore, Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, Shane Tiernan, Stiúrthóir Seirbhísí, Jacinta White, Ann Marie Kelly, Alan Harrington, Garda John O'Connor agus Cigire Kieran Hanley.



# Seirbhísí Éigeandála

**An tSeirbhís Dóiteáin, Bainistíocht Éigeandálaí agus Cosaint Shibhialta**

Móibíleach go dtí an Teagmhas – Briogáid Dóiteáin Ail Finn

## Seirbhísí Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandálaí

**Bainistíonn Comhairle Contae Ros Comáin seachadadh seirbhíse dóiteáin agus tarrthála 24 uair a chloig do Chontae Ros Comáin. Soláthraíonn sí raon de sheirbhísí sábháilteachta dóiteáin, forfheidhmithe agus éigeandála freisin.**

### Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Soláthraítear oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin trí *Chóras um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO 45001* creidiúnaithe ag NSAI.

Cuireadh aonaid briogáide dóiteáin ina bhfostaítear 45 comhraiceoirí dóiteáin coimeádta páirtaimseartha ó Bhaile Ros Comáin, ó Bhealach an Doirín, ó Mhainistir na Búille, ó Ail Finn agus ó Bhéal na mBuillí ar a n-airdeall 255 huaire le linn 2021. Cuireadh briogáidí ó Bhéal Átha na Sluaighe, ón gCreagán agus ó Bhaile Átha Luain ar a n-airdeall 51 uair maidir le teagmhais i Ros Comáin Theas. D'fhreastail aonaid briogáide dóiteáin ó Chontae Liatroma agus ó Chontae an Longfoirt freisin ar 26 theagmhas éigeandála bhreise i gContae Ros Comáin le linn 2021.

D'fhreastail Seirbhísí Dóiteáin Ros Comáin ar roinnt teagmhas tromchúiseach ag teaghaisí príobháideacha agus ag áitribh thráchtála araon le linn 2021. De mhí-ádh, fuair 3 dhuine bás in 2 dhóiteán tí thromchúiseacha. D'fhreastail seirbhísí dóiteáin freisin ar phléascadh gáis ag teach amháin ach go hámharach d'éalaigh na háititheoirí cé go raibh gortuithe acu.

Mar gheall ar dhóiteán tráchtála tromchúiseach ag Stáisiún Aistrithe Dramhaíola gar do bhaile Ros Comáin bhí sé riachtanach Fógra Dúnta a fhorfheidhmiú agus Fógra um Shábháilteacht Dóiteáin a sheirbheáil faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin.

### Gníomhaíocht Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Fiontraíochta

Rinneadh iniúchtaíí um shábháilteacht dóiteáin ar raon áitreabh lenar áiríodh áitribh cheadúnaithe, saoráidí cúraim chónaithe, réamhscoileanna, ionaid phobail, stáisiúin pheitril agus fiontair thráchtála eile.

Stáisiún Aistrithe Dramhaíola Dóiteáin faoi smacht ag Briogáid Dóiteáin Ros Comáin



Déileáladh le hatreoruithe pleanála le haghaidh forbairtí tráchtála, clárú siopaí arm tine agus pléascán agus ceadúnais Rialachán Substaintí Contúirteacha (siopaí peitril) chom maith.

### Ceadúnú Tráchtála agus Pobail Áiteanna Siamsaíochta

Déantar foráil le haghaidh fógra iarratas ar cheadúnas nó ar dheimhnithe clárúcháin faoi reachtaíocht um sheirbhísí dóiteáin agus ceadúnú. Rinne Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin cigireachtaí ar shábháilteacht dóiteáin ar 55 réadmhaoin phoiblí le linn 2021. Éilítear ar an tSeirbhís Dóiteáin tuairiscí sábháilteachta dóiteáin a sholáthar tar éis iniúchtaí le haghaidh iarratas ar cheadúnas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche le haghaidh áitribh siamsaíochta poiblí agus clárú stóras pléascán ag an nGarda Síochána.

### Bainistíocht Éigeandálaí

Éascaíonn an tAonad Dóiteáin agus Cosanta Sibhialta ullmhú an *Phlean um Móréigeandálaí* agus an fhreagracht ghaolmhar ó Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhar le gníomhaireachtaí freagartha eile (an Garda Síochána agus Seirbhís Otharcharranna FSS).

Tá Comhairle Contae Ros Comáin i gceannas freisin ar chomhordú Ghrúpa Bainistíochta Éigeandálaí Réigiún an Iarthair ar fhreagairt an FSS, an Gharda Síochána agus Chomhairlí Contae Ros Comáin, Mhaigh Eo agus Chathair & Chontae na Gaillimhe maidir le géarchéim Covid-19.


Foireann Cuardaigh agus Tarrthála Tír-raoin Ghairbh na Cosanta Sibhialta


Baill Fhoireann Báid na Cosanta Sibhialta

# Cosaint Shibhialta

## Oiliúint ar Phíolótaí Drón

D'fhreastail Oibrithe Deonacha ar oiliúint athdheimhnithe maidir le hAerárthaí Beaga Gan Foireann ag Campa Bhaile Mhic Gormáin, Contae na Mí. Rinneadh 3 píolótaí cáilithe Aonad na Cosanta Sibhialta a athdheimhniú go rathúil dá nDeimhniú Inniúlachta Píolóta atá creidiúnaithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

## Oiliúint maidir le Cuardach Daoine ar Iarraidh

Fuair grúpa beag d'oibrithe deonacha ag a bhfuil seantaithí oiliúint mar Cheannairí Grúpa Cuardaigh (SGLanna) le linn 2021. Tá na SGLanna sin freagrach as foirne cuardaigh le hoibrithe deonacha a bhainistiú le linn oibríochtaí cuardaigh daoine ar iarraidh.

## Oiliúint Báid

Bhí Samhradh gnóthach ag criú báid Aonad na Cosanta Sibhialta agus roinnt iarratas ó Ionad Comhordaithe an Gharda Cósta ag Cionn Mhálanna chun cuidiú le cúrsóirí i ndeacracht ar an tSionainn. Ní mór do bhaill an chriú báid cúrsa oiliúna um Theicnící Pearsanta Chun Teacht Slán ag an gColáiste Muirí Náisiúnta, Rinn an Scídigh, Co. Chorcaí.

## Oiliúint um Thacaíocht Mhíochaine

Is iad na Teicneoirí Míochaine Éigeandála an grúpa is gnóthaí d'oibrithe deonacha oilte a chuidíonn le himeachtaí seachtainiúla ar fud an chontae trí chumhdach otharchairr a sholáthar.

Chríochnaigh 8 oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta oiliúint an Chéad Fhreagróra Éigeandála agus críochnaíodh athdheimhniú maidir le Céad Fhreagróirí Cairdiacha freisin. Cuireadh oiliúint athdheimhnithe um Fhreagróir Garchabhrach ar fáil freisin do 30 oibrí deonacha.

## Tacaíocht Phobail agus Covid

D'fhreastail oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta Ros Comáin ar 73 dhualgas ar feadh 2021 lenar áiríodh cuardaigh daoine ar iarraidh, cuardach agus aisghabháil corp agus cumhdach míochaine le haghaidh imeachtaí pobail agus spóirt.

Chuaigh Cosaint Shibhialta Ros Comáin agus Liatroma i gcomhar le chéile i mí Lúnasa 2021 chun cumhdach míochaine a chur ar fáil ag Camino Chora Droma Rúisc 2021 ina raibh níos mó ná 600 rannpháirtí. Chuidigh Cosaint Shibhialta Ros Comáin le cumhdach míochaine ag 9 gcruinniú de Rásaí Ros Comáin le linn mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2021. Cuireadh iompar ar fáil d'othair le linn na bliana d'othair a bhí ag freastal ar choinní ar fud Réigiún an Iarthair. Sa bhreis air sin, chuidigh criúnna oibrithe deonacha le hIonad Vacsaínithe Covid-19 san Óstán Abbey, Sligeach.

## Pleananna Cheanncheathrú Nua na Cosanta Sibhialta

Cuireadh iarratas pleanála isteach agus ceadaíodh é faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 le haghaidh saoráid riaracháin agus oiliúna nua a thógáil do Chosaint Shibhialta ag Páirc Ghnó agus Thionsclaíoch, Ballyboughan, Ros Comáin.

# Rialú Foirgníochta

**Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta reachtúil do Chontae Ros Comáin agus déanann sí an Córas Rialaithe Foirgníochta a riar.**

Déantar foráil sna Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta 1997 - 2015 i leith cúrsaí nós imeachta, riaracháin agus rialaithe chun chur chun feidhme cheanglais na Rialachán Foirgníochta agus a gcomhlíonadh a chinntiú. Tá feidhm ag Rialacháin Rialaithe Foirgníochta go ginearálta maidir le foirgnimh úra agus foirgnimh atá ann cheana lena gcuirtear síneadh, ar a ndéantar athrú ábhartha nó a ndéantar athrú ábhartha ar a n-úsáid.

## Fógraí um Thosach Feidhme

In 2021, phróiseáil an tAonad Rialaithe Foirgníochta 230 Fógra um Thosach Feidhme le haghaidh 251 fhoirgneamh. Cuirtear Fógraí um Thosach Feidhme isteach i 4 chineál éagsúla (ag brath ar na hoibreacha) mar a leanas:

- Fógraí um Thosach Feidhme um Rogha an Diúltaithe (121);
- Fógraí um Thosach Feidhme le Doiciméid (32);
- Fógraí um Thosach Feidhme Gearrfhoirme (67);
- Fógra 7 Lá (10).

Tá leibhéal na dtithe cónaithe aonuaire a ghlac 'rogha an diúltaithe' maidir leis an deis Deimhniú um Chomhlíonadh ar Chur i gCrích a chlárú leis an Údarás Rialaithe Foirgníochta fós ard ag 121 (53% de na Fógraí um Thosach Feidhme uile).

# Cigireachtaí

B'ionann an céatadán de chigireachtaí ar fhoirgnimh nua do 2021 agus 13.2%. Tugadh 97 chuairt ar láithreáin roimh thosach feidhme in 2021. Mar thoradh air sin laghdaíodh go suntasach méid na n-oibreacha a thosaigh roimh eisiúint Fógra um Thosach Feidhme. Rinneadh 13 chigireacht bhreise nuair a bhí riosca suntasach i gceist agus eisíodh comhfhreagras i bhfoirm litreacha comhairleacha nó iarratais alt 11 nuair ba ghá leo. Eisíodh 9 n-iarratas alt 11 in 2021 lenar éilíodh go gcuirfí faisnéis isteach chun a thaispeáint gur comhlíonadh na Rialacháin Foirgníochta.

## Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú

In 2021, cuireadh 36 iarratas isteach ar Dheimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú. Rinneadh líon iomlán de 25 chigireacht theoranta amhairc ar láithreáin maidir leis na hiarratais sin ag brath ar thosaíocht measúnaithe riosca.

## Díolúine/ Maolú 2021

Ceadaíodh 1 iarratas ar dhíolúine/ maolú in 2021.

## Comhairle um Rialú Foirgníochta

Taifeadadh 170 fiosrúchán foirmiúla in 2021 maidir le hathruithe ar róil reachtúla Rialachán Foirgníochta, Fógraí um Thosach Feidhme, Rialacháin Leasaithe um Rialú Foirgníochta, saincheisteanna íocaíochta etc.



Cigireacht Tacaíochta Foirgníochta
- Ag Tacú le Cultúr Comhlíontachta

## Deimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin

Mar Údarás Rialaithe Foirgníochta, fuair Comhairle Contae Ros Comáin 38 n-iarratas úra ar Dheimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin faoi reachtaíocht um Rialú Foirgníochta le linn 2021.



## Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is ionann Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus teastas a dheonaíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta lena ndeimhnítear comhlíonadh deartha oibreacha áirithe (e.g. foirgnimh úra seachas tithe cónaithe), roinnt símtí ar fhoirgnimh agus roinnt athruithe ábhartha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe)] maidir le ceanglais Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta.

Teastaíonn Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas i ndáil le hoibreacha forordaithe áirithe ar fhoirgnimh seachas áiteanna cónaithe (ach foirgnimh árasán san áireamh), a mhéid is atá feidhm ag ceanglais Chuid M agus a cuireadh tús leo nó a bhí ar siúl an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin. I gcás go dteastaíonn Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin le haghaidh oibreacha ar bith, teastóidh Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas chomh maith. Cuireadh 28 n-iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus 2 iarratas ar Theastas Rochtana Athbhreithnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2021. Rinneadh 22 chigireacht ar láithreáin maidir leis na hiarratais sin.

## Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Eile

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an t-údarás forfheidhmiúcháin ainmnithe maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a leanas a chinntiú:

- Táirgí foirgníochta a mhargú i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta)
- 2013 (IR Uimh. 225 de 2013); Aguisín I.
- Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh le haghaidh foirgneamh ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (I.R. Uimh. 243 de2012); Aguisín II.
- Clárú foirgneamh ilstórach chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóracha) 1988.

# Dreasachtaí agus Rialú Forbartha

**Mar an tÚdarás Pleanála reachtúla, cinntíonn an Chomhairle pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe i gContae Ros Comáin.**

Áirítear an méid a leanas le príomhfhreagrachtaí na Roinne Pleanála: bainistíocht forbraíochtaí (lena n-áirítear comhairle réamhphleanála a chur ar fáil agus iarratais ar phleanáil a mheasúnú agus a shocrú), forfheidhmiú pleanála maidir le forbraíochtaí neamh-údaraithe nó nach gcomhlíonann pleanáil agus pleanáil ar aghaidh.

Pléann an Chomhairle freisin le forbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe mar chuid den phróiseas den Chomhairle a bheith i gceannas amach anseo ar na forbraíochtaí sin agus ar fhorbraíochtaí tithíochta eile. I gcomhréir leis an reachtaíocht, is é cuspóir na bpleananna agus na mbeartas arna gceapadh ag an Údarás Pleanála chun forbairt pobal inbhuanaithe agus fiontair a chur chun cinn agus a éascú agus chun cosaint an oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus thaitneamhacht an chontae a chinntiú.

## Development Management

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 573 iarratas ar phleanáil in 2021. Tá sonraí maidir le torthaí na n-iarratas sin curtha i láthair i **dTábla 1**:

**Tábla 1: Iarratais ar Phleanáil 2016-2021**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 511 | 526 | 665 | 671 | 573 | 723[1] |
| Cinntí maidir le Deonú | 333 | 340 | 433 | 410 | 331 | 417 |
| Cinntí maidir le Diúltú | 33 | 32 | 34 | 46 | 51 | 60 |
| Ráta Diúltaithe | 9% | 8.6% | 7.8% | 11.2% | 15.4% | 12.6% |
| Líon na nAchomharc | 7 | 16 | 13 | 16 | 17 | 17 |
| Achomhairc ar sheas an Bord Pleanála leo | 4 | 7[2] | 6 | 9[3] | 11[4] | 8[5] |

1 Áirítear leis sin iarratais bhailí agus neamhbhailí ar phleanáil; ní áirítear leis iarratais um shíneadh ar fhad de chuid Alt 42 agus tograí um fhorbairt Chuid 8 Chomhairle Contae Ros Comáin.

2. Tá na figiúirí le haghaidh 2016 agus 2017 de réir na dTuarascálacha Bliantúla roimhe sin agus léiríonn siad líon na gcinntí ar seasadh leo tráth a raibh an Tuarascáil Bhliantúil á hullmhú.
3. Rinneadh staitisticí achomhairc 2018 agus 2019 a nuashonrú chun gach cinneadh achomhairc a léiriú.
4. Rinneadh staitisticí achomhairc 2020 a nuashonrú chun gach cinneadh a léiriú. Rinneadh 2 de na 17 n-achomharc a taisceadh in 2020 a tharraingt siar ina dhiaidh sin. As na 15 chás eile, seasadh le cinneadh Chomhairle Contae Ros Comáin in 11 chás (85%).
5. Cinneadh 12 de na 17 n-achomharc a taisceadh in 2021 go dtí seo, agus seasadh le cinneadh Chomhairle Contae Ros Comáin in 8 gcás.

Tionóladh líon iomlán de 278 gcruinniú réamhphleanála in 2021.

# Forfheidhmiú Pleanála

Cuimsítear i bhforfheidhmiú pleanála gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, réiteach forbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha.

## Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

Is cion é forbairt neamhúdaraithe a dhéanamh. San fhaisnéis thíos léirítear na céimeanna éagsúla de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar tugadh fúithi in 2021 i ndáil le forbairt neamhúdaraithe líomhnaithe, i gcomhréir le Cuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

- **Litir Rabhaidh:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin 89 Litir Rabhaidh.
- **Fógra Forfheidhmiúcháin:** Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin 5 Fhógra Forfheidhmiúcháin.
- **Caingean Dlí:** Thionscain Comhairle Contae Ros Comáin caingean dlí i 5 chás forfheidhmiúcháin.

## Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Réiteach

Bhí thart ar 125 fhorbraíocht tithíochta i Ros Comáin nár tugadh faoi chúram in 2021, agus bhí formhór díobh sin neamhchríochnaithe go pointe áirithe.

Tá Foireann na bhForbraíochtaí Tithíochta Neamhchríochnaithe ag obair chun forbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach sa chontae trí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe ábhartha chun pleananna réitigh láithreán a aontú agus a chur chun feidhme. Glacadh 7 bhforbraíocht tithíochta faoi chúram in 2021. Sa bhreis air sin, bhí 37 bhforbraíocht eile críochnaithe ach níor tugadh ar aghaidh iad go dtí an bpointe nuair a glacadh faoi chúram iad.


## Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha ar iarratais ar phleanáil i gcomhréir leis an *Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2014 (arna leasú 2020)* arna glacadh. Tá sonraí maidir le 2020 agus 2021 curtha i láthair i **dTábla 2.**.

**Tábla 2: Ranníocaíochtaí Forbartha**

| | 2020 | 2021 |
|---|---|---|
| **Ranníocaíochtaí a sonrascadh** | €770,886.50 | €1,098,906.00 |
| **Ranníocaíochtaí a fuarthas** | €506,354.26 | €657,693.42 |

# Pleanáil Ar Aghaidh - Ullmhúchán Phlean Forbartha Chontae Ros Comáin




Próiseas leanúnach a bhí in ullmhúchán *Phlean Forbartha nua an Chontae* ar feadh 2021, a chuaigh trí chéimeanna reachtúla éagsúla i gcomhréir le forálacha reachtaíochta Alt 11 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Tar éis do Chomhaltaí Tofa plé foirmiúil a dhéanamh ar a ábhair an 7ú Aibreán 2021, cuireadh *Dréacht-phlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027* ar taispeáint go poiblí ón 21ú Aibreán go dtí an 2ú Iúil 2021.

Sa bhreis ar an bhfógra reachtúil i nuachtáin faoin gcomhairliúchán poiblí, cuireadh an próiseas ceaptha plean chun cinn trí shuíomh gréasáin tiomnaithe Phlean Forbartha Chontae Ros Comáin de chuid na Comhairle (www.rosdevplan.ie) agus ar mheáin shóisialta.

Fuarthas líon iomlán de 160 aighneacht (agus cuireadh an mhórchuid díobh sin isteach ar líne tríd an suíomh gréasáin). Leanadh le Céim 2 den phróiseas ceaptha plean le heisiúint thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haighneachtaí a fuarthas i dtaca leis an dréachtphlean i mí Mheán Fómhair 2021 agus le plé foirmiúil ag na Comhaltaí Tofa ar an tuarascáil agus iad ag comhaontú chun Athruithe Ábhartha Molta a dhéanamh ar an dréachtphlean ag Cruinniú Speisialta an 16ú Samhain 2021. Cuireadh tús leis an tríú céim, an chéim dheiridh, den phróiseas ceaptha plean an 7ú Nollaig 2021 nuair a cuireadh tús le comhairliúchán poiblí breise ar na hAthruithe Ábhartha Molta, rud a bhí ar siúl go dtó go luath i mí Eanáir 2022.



# An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce, Comhshaol & an Aeráid, Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha, Bainistíocht Sócmhainní & Fuinnimh, Sláinte & Sábháilteacht agus Acmhainní Daonna

# Seirbhísí Uisce

**Cuireann an Roinn Seirbhísí Uisce tacaíocht ar fáil do Líonraí Soláthair Poiblí agus Príobháideacha Uisce agus Fuíolluisce.**

Tacaítear leis an Líonra Poiblí Uisce/Fuíolluisce trí Chomhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann. Ón 1Ú Eanáir 2014, rinneadh feidhmeanna uisce phoiblí agus fuíolluisce a aistriú ó údaráis áitiúla go hUisce Éireann. Gníomhaíonn Comhairle Contae Ros Comáin mar ghníomhaí de chuid Uisce Éireann anois chun seirbhísí uisce phoiblí agus fuíolluisce a sholáthar faoin gComhaontú Seirbhíse (SLA).

Tacaítear leis an Líonra Príobháideach Uisce/ Fuíolluisce faoin *gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil* lena gcuimsítear fóirdheontais/uasghráduithe don earnáil grúpscéimeanna uisce agus deontais um thoibreacha príobháideacha a chuirtear ar fáil go díreach do bhaill an phobail trí chúnamh airgeadais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Cuireann an Roinn Seirbhísí Uisce tacaíocht ar fáil freisin le haghaidh leithris phoiblí a oibriú.

## Plean Seirbhíse Bliantúil le hUisce Éireann

Déantar *Plean Seirbhíse Bliantúil* ina bhfuil spriocanna feidhmíochta a chomhaontú gach bliain. Bhí spriocanna feidhmíochta i *bPlean Seirbhíse Bliantúil 2021* le haghaidh scéimeanna uisce agus fuíolluisce reatha a fheidhmiú agus chun cothabháil a dhéanamh orthu, agus tionscadail chaipitil a chur i gcrích, faoi mar a comhaontaíodh ag deireadh 2020 mar chuid den idirbheartaíocht maidir le líon na mball foirne agus an buiséad. Rinneadh buiséad iomlán de €8.4 milliún a leithdháileadh ar Ros Comáin. Bhí 69 dtáscaire feidhmíochta sa phlean.

## Scéimeanna Caipitil

Tá an phleanáil agus an tógáil i ngach scéim caipitil á ndéanamh anois faoi stiúir Uisce Éireann. Tá *Clár Caipitil* ar siúl sa chontae faoi láthair

### Punann an Bhonneagair

#### Príomhdhraenáil Bhaile Ros Comáin

Is é is cuspóir do Thionscadal *Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin* aghaidh a thabhairt ar na tosca do Cheirtleán Ros Comáin agus iad a bhaint atá liostaithe ar Litir Fógra Fhoirmiúil Choimisiún AE 2015 faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Ceapadh Tobin Consulting Engineers mar Ionadaithe an Chliaint don tionscadal. Eisíodh faomhadh ón Aire an 26ú Bealtaine 2021. Dámhadh an conradh do GMC Utilities Ltd. Cuireadh tús le hoibreacha an 15ú Meitheamh 2021. Rinne Darragh O'Brien, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, searmanas oifigiúil tiontaithe an chéad fhóid an 29ú Samhain 2021.

#### Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín

Ghlac an conraitheoir Veolia an tionscadal faoi chúram ó Eanáir 2020. Tá Veolia ag dul ar aghaidh faoi láthair le dearadh mionsonraithe molta i gcomhairliúchán le páirtithe uile.

Áirítear na nithe a leanas le codanna príomhúla na hoibre atá le soláthar mar chuid den tionscadal um Rannpháirtíocht Luath an Chonraitheora (ECI):

- An críoch-stáisiún caidéalaithe a uasghrádú trí thoilleadh an umair ar an láithreán a mhéadú mar aon le hoibreacha láithreáin gaolmhara;
- Teorainneacha an láithreáin a uasghrádú trí scaradh an bhealaigh isteach a úsáidtear faoi láthair mar bhealach isteach coiteann comhroinnte ag Uisce Éireann agus ag Comhairle Contae Ros Comáin;
- An próiseas cóireála tánaistí a uasghrádú d'fhonn toilleadh an phróisis reatha a fheabhsú;
- Oibreacha láithreáin coimhdeacha gaolmhara lena n-áirítear uasghrádú Chóras SCADA (rialú maoirseachta agus aimsiú sonraí).



Tiontú Oifigiúil an Chéad Fhóid de thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin



Oibreacha ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Comáin

## Punann an Chláir Chaipitil

### Clár Cóireála Uisce

Rinneadh athbhreithniú aláraim agus coisc i mí na Nollag 2021. Críochnaíodh *Plean Sábháilteachta Uisce Óil* agus *Plean Feabhsaithe um Bainistíocht Sócmhainní* sa 4ú ráithe de 2021.

### Clár Glanta Taiscumar

Rinneadh gach taiscumar agus umair uisce ghlain a ghlanadh cothrom le dáta. Beidh an clár maidir le hoibreacha glanta fós i bhfeidhm in 2022.

### Clár Cosanta um Rochtain ar Ard agus ar Imill

Is é aidhm an chláir réigiúnaigh seo chun dul i ngleic le nithe meánriosca agus ardriosca a sainaithníodh le linn iniúchtaí Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Timpeallachta (HSQE). D'iarr Uisce Éireann go ndéanfaí athbhreithniú ar nithe HSQE nár comhlíonadh go dtí seo a d'fhéadfadh a bheith faoi bhreithniú le haghaidh soláthair faoin gclár sin.

Críochnaíodh oibreacha ag umair phoileitiléine Ionad Cóireála Uisce Ros Comáin Thuaidh, ag gléghlantóirí Ionad Cóireála Fuíolluisce an Chaisleáin Riabhaigh agus ag Ionad Cóireála Uisce Mhun Talbóid sa 4ú ceathrú de 2021.

### Clár Athchóirithe Taiscumar

Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ag Taiscumar Bhaile Uí Fhíne sa 4ú ráithe de 2021 agus rinneadh coigilteas suntasach uisce mar thoradh orthu.



Oibreacha ar Líonra Séarachais Bhaile Ros Comáin



Oibreacha ar Thaiscumar Bhaile Uí Fhíne

## Clár Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh

Tá *Clár Náisiúnta Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Déantar foráil sa chlár sin go ndéanfar fostáisiúin teiliméadrachta a shuiteáil ag stáisiúin caidéalúcháin fuíolluisce d'fhonn réamhrabhadh a thabhairt i gcás doirte go huiscí íogaire agus chun sonraí a fháil le haghaidh uasghrádaithe, iarratais ar naisc, etc. amach anseo. Beidh na láithreáin uile a bheidh mar chuid den chlár seo ceangailte leis an *gCóras Náisiúnta Teiliméadrachta* eatramhach (iNTS).

## Clár Measúnaithe na bPíobán Forsceite Uisce Stoirme

Cheap Uisce Éireann Jacobs/Tobin chun an clár réigiúnach sin a chur i gcrích. Críochnaíodh athbhreithniú ar an liosta reatha d'ionaid cóireála fuíolluisce agus ar phíobáin fhorsceite uisce stoirme. Táthar ag súil le tuarascálacha ar mheasúnú láithreán maidir le gach láithreán go luath in 2022.

## Clár Cothabhála Caipitil na bPríomhphíobán Aníos agus na Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce

Cheap Uisce Éireann Jacobs chun an clár réigiúnach sin a chur i gcrích. Tugadh tús áite do Stáisiún Caidéalaithe Fuíolluisce Bhéal Átha Fearnáin faoin gclár. Chríochnaigh Jacobs an dearadh coincheapa don stáisiún caidéalaithe sin. Tá an tuarascáil ag Pleanáil Sócmhainní faoi láthair a choimeádann clár de stáisiúin caidéalaithe ar bhonn náisiúnta agus molann siad na cinn dá dtabharfar tús áite le haghaidh oibreacha breise.

## Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte

Tá sé molta go mbeidh Clár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte ar siúl lena dtacófar le roinnt de na Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta faoin gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP) (e.g. cur chuige nua um lonnaíochtaí tuaithe a fhorbairt faoi Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta den CNP). Tá sé beartaithe le Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte go soláthrófar acmhainn fáis maidir le hionaid cóireála uisce agus fuíolluisce i lonnaíochtaí níos lú nach ndéanfar soláthar ina leith ar shlí eile sa phlean infheistíochta.

Roghnaíodh Ionad Cóireála Fuíolluisce na Leathcheathrún le haghaidh oibreacha uasghrádaithe. Bhí 3 cheardlann ar siúl sa 4ú ráithe de 2021. Tá oibreacha ar ionraonta, feabhsuithe ar umair stoirme agus ar bhainistíocht sloda san áireamh leis an raon feidhme. Reáchtálfar an chéad cheardlann eile i mí Feabhra 2022.

## Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce

Tar éis tréimhse chomhairliúcháin reachtúil 13.5 seachtaine, glacadh le Céim 1 de *Chreatphlean an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (PNAU)* i mí Bealtaine 2021 mar aon leis an *Tuarascáil um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)* a bhí ag gabháil leis agus *an Ráiteas ar Thionchar Natura*. Tá an *Creatphlean PNAU* ar fáil ag **www.water.ie/nwrp**.

Tá an Chomhairle i *gCéim 2 den PNAU - Pleananna Réigiúnacha um Acmhainní UIsce (PRAU)* lena gcuimsítear forbairt 4 PRAU lena gclúdaítear Réigiúin an Iarthuaiscirt, an Iardheiscirt, an Oirdheiscirt agus an Oirthir agus Lár Tíre. Is é *PRAU an Oirthir agus Lár Tíre (PRAU-OLT)* an chéad cheann a fhorbrófar.

Tá Uisce Éireann ag iarraidh aiseolais maidir leis an dréacht den *PRAU-OLT* agus an Tuarascáil MST *ghaolmhar* agus *Ráiteas Tionchair Natura*. Rithfidh an comhairliúchán poiblí ón 14ú Nollaig 2021 go dtí an 14ú Márta 2022 agus le linn na tréimhse sin beifear in ann breathnú ar an dréacht den *PRAU-OLT* agus ar na tuarascálacha gaolmhara agus iad a íoslódáil ag **www.water.ie/rwrp/easternmidlands** agus ag oifigí pleanála na n-údarás áitiúil. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach sa phost nó le ríomhphost.

## Comhlíontacht Uisce Óil

Bhí chomhlíontacht fhoriomlán ar an iomlán le Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil do Ros Comáin 99.03%. Tógadh 114 shampla seiceála agus iniúchta ó sholáthairtí uisce phoiblí in 2021. Níor eisíodh Fógra Fiuchta Uisce ar bith. Ní raibh aon Ordú ann a bhain le Saoráidí Cóireála Uisce Ros Comáin. Níl Criosanna Soláthair Uisce poiblí ar bith i Ros Comáin ar Chlár Liosta *Beartaíochta Ceartaithí* an GCC.

Tá clár monatóireachta i bhfeidhm faoi láthair maidir le hAil Finn. Baintear úsáid as na sonraí chun tacú le faisnéis a chuirtear isteach chuig an GCC.

## Comhlíontacht Fuíolluisce

Bhí ionaid cóireála fuíolluisce ar fad i Ros Comáin i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach le haghaidh 2021. Bhí 5 ionad cóireála fuíolluisce i Ros Comáin i gcomhréir le ceanglais na gceadúnas sceite fuíolluisce agus bhí 7 n-ionad ann nach raibh i gcomhréir leis na ceanglais. Tá imscrúduithe ar siúl faoi láthair chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh.

Tuairiscíodh 32 theagmhas fuíolluisce in 2021, agus tuairiscíodh iad uile faoi spriocanna sonraithe. Cuireadh 2 iniúchadh GCC i bhfeidhm in 2021. Táthar ag dul i ngleic le moltaí na n-iniúchtaí.

## Punann na Líonraí Uisce

### Creatchlár na Líonraí Uisce

Tá *Punann na Líonraí Uisce* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil 2017 go 2021 mar a *leanas*.

### Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

Ceapadh Farrans Ltd. mar chonraitheoir réigiúnach chun oibreacha a dhéanamh ar son Uisce Éireann. Críochnaíodh oibreacha ag na láithreacha a leanas in 2021:

- Baile Ros Comáin in éineacht le hoibreacha réimse phoiblí;
- Tigh Baoithín - críochnaíodh oibreacha ar 4.8km de phríomhphíobán trunca nua;
- Willsbrook - críochnaíodh oibreacha ar 300m de phríomhphíobán a athsholáthar;
- Ard an Iúir - dearadh amháin. Cuireadh an réamh-dhearadh chun feidhme.

### Oibreacha Bainistithe Brú

Rinneadh oibreacha chun comhlaí laghdaithe brú a uasghrádú, trí mheascán de chonraitheoir agus de shaothar díreach, ag Cluain Tuaiscirt, Cluain Mór 1 agus 2, Naomh Eoin agus an Charraigín, an Leathcheathrú sa 4ú ráithe de 2021.

### Clár 'Aimsigh agus Deisigh'

Bhí an clár sin ina cheathrú bliain de dhíriú ar Limistéir Mhéadraithe Ceantair ina raibh figiúirí úsáide uisce arda gan tásc in 2021. Is é atá i gceist leis an gClár Aimsigh agus Deisigh, Limistéir Mhéadraithe sa Cheantar a bhfuil aird dírithe orthu a dheimhniú trí limistéir ina bhfuil úsáid uisce ard gan tásc a leithlisiú agus ansin oibreacha braite sceite a dhíriú chun sceitheadh ar bith a aimsiú agus a dheisiú sna limistéir sin. Trí mhonatóireacht ar laghduithe gaolmhara ar úsáid déantar úsáid laethúil a threorú laistigh de Limistéir Mhéadraithe Ceantair i dtreo sprice um leibhéil sceite eacnamaíoch inbhuanaithe do gach limistéar. Tá an clár ag cur go fóill le laghduithe a bhaint amach ar uisce gan tásc agus ar sceitheadh ar fud an chontae.

### Leigheas Roimh Ré

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Beidh fad an chláir ag brath ar líon na gcustaiméirí a bhainfidh leas as an scéim.

### Méadair Thráchtála a Athsholáthar

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Cuireadh tús le suirbhéanna mar chéad chéim den athsholáthar ar mhéadair.



Oibreacha ar Phríomhphíobán Trunca nua ó Thigh Baoithín go Bealach an Doirín.

## Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021

Tá 8 mbeart i dtimthriall maoinithe 2019-2021 den *Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil* (MARWP). Léiríonn na bearta sin na dúshláin is mó atá roimh an earnáil uisce tuaithe faoi láthair i dtaca le tacaíocht mhaoinithe. Tá na bearta dírithe go sonrach níos mó thart ar chur chuige um 'bacainní iomadúla', ón abhantrach go tomhaltóirí (foinse – cóireáil - dáileadh), chun éilliú uisce a chosc agus chun a chinntiú go mbíonn an t-uisce óil sábháilte agus go ndéanann sé paraiméadair cháilíochta na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn seasmhach fadtéarmach.

Fuarthas faomhadh maidir le scéimeanna/tionscadail faoi 8 mbeart de *MARWP 2019-2021* ón Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2019 lena soláthraíodh ciste deontais iomlán de €2,861, 263 thar an tréimhse 3 bliana 2019 go 2021.

- **Beart 1 – Cosaint Foinsí Uisce Óil (Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce):** *Maoiniú €303,000 faofa don tréimhse 2019-2021.*

  Tá an beart sin dírithe ar fhoinse amhuisce na ngrúpscéimeanna uisce atá ann cheana féin agus ar an mbealach sin ag cur le sábháilteacht na n-úsáideoirí uisce trí bhíthin chumas na scéime paraiméadair cháilíocht an uisce de chuid na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn fadtéarma. Is é atá i gceist le Treoirthionscadal um Chosaint Foinsí Uisce na nGrúpscéimeanna Uiscepleananna iomlána um chosaint foinsí a fhorbairt lena n-áirítear bearta sainiúla chun sábháilteacht agus sláine uisce óil grúpscéimeanna uisce a fheabhsú. Tá ról suntasach ag pobal na feirmeoireachta sa tionscadal sin. Ach tá ról ag cách maidir leis sin, áfach. Cuirfear béim ar fheasacht a ardú, ar oideachas agus ar ionchuimsiú. Is é ceann amháin d'aidhmeanna an tionscadail obair a dhéanamh i dtreo cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chruthú ar a mbeidh foinsí uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe agus níos mó feasachta faoin aeráid ina dtoradh. Beidh an tionscadal dírithe ar thairbhí feirmeoireachta lena mbainfidh torthaí do chomhshaol. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag Comhairle Contae Ros Comáin maidir le gníomhaíochtaí maolaithe spriocdhírithe agus iomchuí sainiúla mar a leanas:

- Rinneadh dobharlaigh a theorannú;
- Forbraíodh *Creat le haghaidh Foinsí Uisce Óil a Chosaint* mar aon le *Lámhleabhar de Ghníomhaíochtaí Cosanta agus Maolaithe Foinsí don Fheirmeoireacht*;
- Cuireadh feachtas meán i bhfeidhm d'fhonn feasacht an phobail a ardú maidir le cosaint foinsí uisce i Ros Comáin lena gcuimsíodh bithéagsúlacht;
- Cuireadh *'I've Planted a Tree and My Garden is Pesticide Free'* - feachtas chun an pobal a spreagadh déanamh réidh le lotnaidicídí ina ngairdíní - i bhfeidhm go céimneach;
- Bhuaigh an tionscnamh 'Let It Bee', trína n-oibríonn feirmeoirí le chéile chun an fhoinse áitiúil uisce dá gcuid a chosaint agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú, an Duais Eorpach um Beacha *do Chontae Ros Comáin sa chatagóir Cleachtais Bainistíochta Talún as a rannchuidiú sármhaith le cosaint pailneoirí.*.

Rinneadh oibreacha sa tréimhse 2019 go 2021 ar chostas €357,596 agus aisíocadh 100% den chostas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

- **Beart 2 - Comhlíontacht Sláinte Poiblí – (Earnáil Grúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú €814,000 don tréimhse 2019-2021.*

  Is é is aidhm don bheart seo cáilíocht uisce a fheabhsú sna grúpscéimeanna uisce atá ann cheana, trí na saoráidí cóireála dá gcuid a uasghrádú, sa dóigh is gur féidir leis na scéimeanna comhlíontacht na Rialachán maidir le hUisce Óil a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe fadtéarma. Cuireadh na hoibreacha iomlána faoi Bheart 2 i gcrích ar chostas €599,324 agus maoiníodh 100% de ó dheontas.

- **Beart 3 - Scéimeanna atá ann Cheana a Fheabhsú, Caomhnú Uisce san áireamh (Earnáil Grúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú de mhéid €1,431,000 don tréimhse 2019-2021.*

  Leis an mbeart seo tugtar tacaíocht do thionscadail le go mbeidh grúpscéimeanna uisce atá ann cheana níos éifeachtúla ina bhfeidhmiú (e.g. caomhnú uisce agus uasghrádú an líonra, stóráil san áireamh) agus go mbeidh siad ag cur le cáilíocht mhaith uisce ar bhonn seasmhach inbhuanaithe fadtéarmach. Íocadh maoiniú de mhéid €790,315 leis na scéimeanna ar 85% de na costais.

- **Beart 5 - Grúpscéimeanna uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann cheana a aistriú chuig an Earnáil Phoiblí Uisce (Uisce Éireann):** *Faomhadh maoiniú de mhéid €247,000 don tréimhse 2019-2021.*

  Leis an mbeart seo cuirtear ar chumas grúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna séarachais, nuair is mian leo agus nuair a chomhaontaíonn Uisce Éireann leis, aistriú chun na hearnála poiblí uisce (Uisce Éireann). Tá pléití ar siúl faoi láthair le 4 ghrúpscéim uisce chun dul ar aghaidh chuig sealbhú ag Uisce Éireann. Tugadh cúnamh deontais de mhéid €168,261 do na hoibreacha.

- **Beart 6 –** Cruthaíodh Ceangal Uisce Phobail ag Cnoc na Croise, an Airgnigh, faoi chlár 2019- 2021 agus fuair sé tacaíocht airgeadais de mhéid €22,314 arbh ionann é sin agus 85% de chostas na n-oibreacha.
- **Beart 8 - Soláthar Uisce Príobháideach - Deontais le haghaidh Soláthar Uisce Phríobháidigh chuig Teach a Fheabhsú.**

  Rinneadh an scéim deontais reatha chun tacú le hoibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach lena soláthraítear uisce atá beartaithe le hól ag daoine agus chun críocha tí do theach, (ar a dtugtar toibreacha príobháideacha nó tí de ghnáth), a athbhreithniú le héifeacht ón 4 Meitheamh 2020 faoi na Rialacháin Tithíochta (Cúnamh Airgeadais um Sholáthar Uisce Príobháideach) 2020. Ba é an deontas uasta a bhí ar fail roimhe sin ná €2,031.58 nó 75% de chostas na hoibre, cibé ceann acu ba lú. Go dtí deireadh na chéad ráithe de 2021, fuarthas líon iomlán de 18 n-iarratas ar uasghrádú soláthairtí príobháideacha uisce. Íocadh deontais le 10 n-iarratas de mhéid €21,000. Tá *an Scéim Deontais um Thoibreacha Aonair* dúnta anois agus ba ionann na híocaíochtaí deiridh le hiarratasóirí in 2021 agus €7,815.

## Fóirdheontas faoi chomhair Costais Oibriúchán Grúpscéimeanna Uisce a dhéanann Uisce a Sholáthar don Úsáid Tís

Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2018, méadaíodh agus cuíchóiríodh na fóirdheontais agus tugadh dreasachtaí úra isteach do scéimeanna níos lú. Tá sé sin beartaithe chun cothrom na Féinne níos mó a chruthú d'fhonn a áirithiú go bhfaigheann úsáideoirí tí ar ghrúpscéimeanna uisce tairbhí mar an gcéanna leo siúd a fhaigheann a soláthar uisce ó Uisce Éireann.

- **Fóirdheontas bliantúil** - Tá fóirdheontas bliantúil in aghaidh gach tí ar fáil do ghrúpscéimeanna as an gcostas oibriúcháin a bhaineann le soláthar uisce tí. Íocadh fóirdheontais de mhéid €452,048.51 le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh 2021.
- **Fóirdheontas Oibríochta agus Cothabhála** – Tá an fóirdheontas seo iníoctha as costais oibriúcháin agus chothabhála (O&M) a bhaineann le conarthaí Dearaidh/Tógála/Oibrithe (DBO) bona *fide* le grúpscéimeanna. le haghaidh grúpscéimeanna a bhfuil a saoráidí cóireála féin acu. Íocadh fóirdheontais O&M de mhéid €467,408 le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh 2021.

Íocadh méid iomlán de €919,457 mar fhóirdheontais le grúpscéimeanna uisce in 2021.

## Deontas Leasúcháin Luaidhe

Tá scéim deontais ar fáil chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh le seirbhísí nua a chur in áit seirbhísí luaidhe sa bhaile, d'fhonn an teacht faoi lé luaidhe in uisce óil a laghdú. Bunaíodh an scéim deontais sin ar bun ar aon dul leis an *Straitéis Náisiúnta Luaidhe*.

# Cosaint an Chomhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide

Clúdaíonn Rannóg Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Ros Comáin raon éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí. Seo a leanas a príomhréimsí freagrachta:

- **Rialú Truaillithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce;**
- **Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola;**
- **Bainistíocht ar Líonadh Talún;**
- **Bainistíocht Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág *Anseo*;**
- **Bainistíocht Bruscair;**
- **Feasacht faoin gComhshaol;**
- **Seirbhísí Samplála agus Tástála Saotharlainne Uisce;**
- **Gníomhú ar son na hAeráide;**
- **Corrthrádáil.**

## River Basin Management Plan 2022-2027

Clúdaítear i reachtaíocht um rialú truaillithe réimsí amhail truailliú uisce, aerthruailliú, núis agus torann. Áirítear le gníomhaíochtaí sonracha i ndáil le rialú truaillithe imscrúdú a dhéanamh theagmhais truaillithe uisce, ceadúnú agus monatóireacht ar sceitheadh in uiscí agus séaraigh, ceadúnú astaíochtaí san aer agus monatóireacht ar uisce óil, ar fheidhmíocht ionad cóireála fuíolluisce uirbigh agus ar aibhneacha agus ar lochanna. Eisíodh dréacht de *Phlean Bainistíochta Abhantrach 2022-2027* do chomhairliúchán poiblí ó Mheán Fómhair 2021 go dtí deireadh Mhárta 2022. Léirítear le staidéir nach bhfuil cáilíocht an uisce á feabhsú go gasta go leor, d'ainneoin iarrachtaí le blianta beaga anuas. Baineann brúnna suntasacha arna sainaithint i Ros Comáin le talmhaíocht agus le hidreamoirfeolaíocht. Tá rialuithe níos déine ar ionchur nítrigine molta in éineacht le hoibreacha maolaithe athshlánaithe agus rialacháin nua chun athruithe fisiceacha a rialú.

## Saotharlann

Cuirtear seirbhís theicniúil/anailíseach agus samplála araon ar fáil sa tsaotharlann agus tá sí creidiúnaithe de réir chaighdeán ISO 17025. Lean an tSaotharlann le seirbhís chomhroinnte samplála agus tástála a chur ar fáil do 5 údarás áitiúla eile. Bhain sé sin le sampláil agus tástáil uiscí óil, fuíolluisce, eisiltigh thrádála, láisteáit líonta talún, uiscí dromchla agus screamhuisce etc. Cuireann an tsaotharlann seirbhís tástála ar fáil freisin don phobal maidir le samplaí uisce. Aimsíodh conradh nua chun seirbhísí samplála/tástála a chur ar fáil do Chomhairle Contae na Gaillimhe sa 4ú ráithe de 2021. Tá acmhainní a theastaíonn chun tabhairt faoi mhéid méadaithe na hoibre lena bhfuiltear ag súil in 2022 á soláthar.

## Plean Náisiúnta Cigireachta

Is é is cuspóir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go hairithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais nach bhfuil ag obair i gceart. Leanfaidh Comhairle Contae Ros Comáin le tús áite a thabhairt do chigireacht ar dhabhcha séarachais in 2022. Déanfar athbhreithniú ar bhonn náisiúnta ar ghlacadh na scéimeanna deontais chun córais chóireála ar an láithreán a uasghrádú. Rinneadh 45 chigireacht in 2021. Ní raibh ach 8 de na 45 chóras ar a ndearnadh cigireacht comhlíontach.



## Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Leithdháileadh deontas de mhéid €139,043 ar Chomhairle Contae Ros Comáin ón gCiste Comhshaoil chun tacú le tionscnaimh fhorfheidhmithe thiomnaithe agus intomhaiste de réir mar atá sonraithe sa *Phlean um Chritéir Íosta Mholta maidir le Cigireachtaí Comhshaoil agus Forfheidhmiú*. Rinneadh feidhmíocht i gcoinne an phlean a thomhas agus a thuairisciú do Phríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Chonnacht - Uladh (CUWERLA) agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Cuireadh tuairisceáin mhíosúla faoi bhráid na Ghníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) trí CUWERLA.

## Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh agus CUWERLA

Tá Ros Comáin ina chuid de Réigiún Chonnacht-Uladh i gcomhthéacs bainistíocht dramhaíola. Foilsíodh Plean Dramhaíola Chonnacht-Uladh 2015-2021 i mí Bealtaine 2015. Cheap an réigiún Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an cheann réigiúnach, chun gníomhú thar ceann na n-údarás eile ag a bhfuil freagracht as cur chun feidhme rathúil an phlean.

Roghnaíodh Príomhúdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola freisin i ngach réigiún chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú. Leagann na húdaráis sin tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna síos maidir le forfheidhmiú dramhaíola laistigh de gach réigiún agus ar an mbealach sin ag cinntiú go ndéantar reachtaíocht dramhaíola a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach nuair a ghníomhaíonn pearsanra an údaráis áitiúil mar chéad fhreagróirí maidir le sáruithe sainiúla ar reachtaíocht dramhaíola. Gníomhaíonn Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Liatroma go comhpháirteach mar Phríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Chonnacht-Uladh (CUWERLA). Lean Comhairle Contae Ros Comáin le teagmháil le CUWERLA in 2021 maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus ábhair de leas réigiúnach.

## Ionaid Athchúrsála

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin le hionaid athchúrsála a oibriú ag Mainistir na Búille, Ros Comáin, Bealach an Doirín agus an Caisleán Riabhach. Cuireadh an conradh maidir le bailiú dramhaíola ag gach láithreán amach ar tairiscint arís in 2021 agus ceapadh Barna Waste trí phróiseas soláthair an chreata náisiúnta. Díoltar ticéid do na hionaid trí ionaid mhiondíola áitiúla amháin anois. Bíonn láithreáin ar oscailt don phobal 3 lá ina aghaidh na seachtaine. Léirítear an dramhaíl uile a bhailítear i dtuairisceán an *tSuirbhé Náisiúnta Dramhaíola* a chuirtear faoi bhráid an GCC. Tá ionaid fág anseo suite freisin ag 39 láthair ar fud an chontae.

## Bainistíocht ar Líonadh Talún

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar dhá láithreán líonta talún cheadúnaithe atá dúnta ag Bealach an Doirín agus Ros Comáin. Tá oibleagáid ar Chomhairle Contae Ros Comáin monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil a bhaineann leis na saoráidí dúnta sin (e.g. gás líonta talún, cáilíocht an screamhuisce, cáilíocht an uisce dromchla). Déantar oibreacha seirbhísithe agus cothabhála orthu go rialta freisin. Cuirtear *Tuarascáil Bhliantúil um an gComhshaol* agus *Tuarascáil Bhliantúil faoi Fheidhmíocht um an gComhshaol* faoi bhráid an GCC. De bhun Deimhniú Údaraithe a ceadaíodh don líonadh talún dúnta ag an gCaisleán Riabhach i mí Márta 2021, teastóidh oibreacha ón láithreán amhail tollphoill bhreise a shuiteáil chun monatóireacht bhreise a éascú. Tá conarthaí le haghaidh sainchomhairleoirí á n-ullmhú freisin chun cuidiú le hiarratais ar Dheimhnithe Clárúcháin do láithreáin líonta talún stairiúla níos lú (Béal na mBuillí ar dtús agus Mainistir na Búille agus Dún Gar ina dhiaidh sin).

## An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ceadaíodh an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2021 agus eisíodh dréacht-treoir ón rialtas maidir le *Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Údarás Áitiúil* i mí na Nollag 2021. Beidh acmhainní suntasacha de dhíth le haghaidh *Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide* do Ros Comáin a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Ghlac Comhairle Contae Ros Comáin ballraíocht le déanaí i nGníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre agus í ag dréim le riachtanais maidir le hionchur sonraí agus measúnú tionscadal a bhaineann le tionscadail agus cuspóirí an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide .

Cuireadh moltaí arna sainaithint ón gCoiste Pleanála, Comhshaoil agus Beartais Straitéisigh Corparáidigh ar aghaidh chuig an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide le haghaidh feidhmithe nó breithnithe. Beidh Ranna/Aonaid ábhartha na Comhairle freagrach as gníomhaíochtaí a shannfar. Fógraíodh an tairiscint le haghaidh físeán promóisin a tháirgeadh maidir le gníomhú ar son na h-aeráide sa 4ú ráithe de 2021. Cuireadh léirithe spéise i rannpháirtíocht sa tionscadal isteach freisin agus comhthiomsaíodh iad sa tréimhse chéanna.

## Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

Leis an gCóras Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar soláthraítear léargas beacht ar an truailliú ó bhruscar ar fud na tíre agus tomhaistear na hathruithe le himeacht ama go cruinn. Ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Tobin Consulting Engineers a d'fhorbair an córas i gcomhar leis na



Lá Bailithe Earraí Toirtiúla an Chaisleáin Riabhaigh

húdaráis áitiúla. Faoin gcóras, rinne an Chomhairle 24 Shuirbhé Cainníochtúla agus 82 shuirbhé ar thruailliú ó bhruscar. Cuireadh iad sin ar aghaidh chuig Tobin Engineering i ráithe dheireanach 2021 lena n-anailísiú agus lena dtuairisciú.

## Gníomhaíocht Frith-dhumpála/Bruscair

Fuarthas deontas de mhéid €99,781 faoi Thionscnamh Frith-dhumpála2021. Sa bhailiú earraí toirtiúla amháin bailíodh níos mó ná 62 thona de dhramhaíl móide níos mó ná 2,000 earra troscáin tí, lenar áiríodh tochtanna, boinn leapacha, toilg agus cathaoireacha uillinn. Bhí ghlantacháin spriocdhírithe ar siúl freisin ag Lios an Choill agus ar chodanna roghnaithe de bhóithre náisiúnta. Fuair an *Clár Tacaíochta Pobail Frith-bhruscair/Frith-ghraifítí* deontas de mhéid €16,000 in 2021. Cuireadh *Maoiniú Deontais Bonneagair Frith-bhruscair Covid-19* ar fáil freisin de mhéid €33,683 in 2021 d'fhonn gabhdáin bhruscair a chur ar fáil nó a athsholáthar.

## Clár na Scoileanna Glasa

Tá an clár forchéimnitheach agus leanúnach seo deartha do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon. Tá an clár bunaithe ar théamaí éagsúla an chomhshaoil, agus glactar timpeall 2 bhliain chun gach ceann a chríochnú. Ní mór do scoileanna ar a mbronntar Brat Glas a mbrat a athnuachan gach 2 bhliain. Síneadh an spriocdháta le haghaidh iarratais 2021 go dtí deireadh na scoilbhliana. Rinneadh measúnuithe go fíorúil mar gheall ar shrianta Covid-19. Chuir roinnt scoileanna na measúnuithe siar in 2021 mar gheall ar shrianta ama/deacrachtaí Covid-19. As na 98 scoil (bunscoileanna agus iarbhunscoileanna) sa chontae, bhí stádas an Bhrait Ghlais faighte ag 61 acu faoi dheireadh 2021.

## Fodhlíthe maidir le Corrthrádáil

Fógraíodh athbhreithniú ar fhodhlíthe maidir le corrthrádáil agus láithreacha bánna i mí na Samhna 2021. Tar éis aighneachtaí a mheas, ullmhófar dréacht-athbhreithniú ar na fodhlíthe le haghaidh comhairliúchán breise agus le haghaidh glactha.

## Feachtas Frith-shalú ag Madraí

Sheol Comhairle Contae Ros Comáin feachtas a bhí dírithe ar shalú ag madraí laistigh den chontae. Dáileadh roinnt stionsail, péint spraeála agus dáileoirí málaí caca/Miotóg Madraí ar ghrúpaí pobail sa 2ú ráithe de 2021. Cuireadh postálacha ar na meáin shóisialta le linn na tréimhse sin chun aird a dhíriú ar iarmhairtí diúltacha salaithe ag madraí. Cuireadh an tionscnamh um *Shiúlóirí Glasa Madraí* i bhfeidhm go céimneach ag roinnt láithreacha lenar áiríodh Béal Átha Liag, Béal na mBuillí agus Ail Finn. Ghlac Comhairle Contae Ros Comáin páirt freisin i bhforbairt chomhpháirteach litríochta agus ábhair frith-shalaithe ag madraí le 9 gcomhairle eile. Tá an t-ábhar á úsáid i bhfeachtais ar na meáin shóisialta.

## Feachtas Breosla Sholadaigh

Eagraíodh feachtas fógraíochta ar bhonn náisiúnta sna nuachtáin chun breoslaí soladacha ísealdeataigh a chur chun cinn i mí na Samhna 2021. Cuireadh fógraí i nuachtán áitiúil agus ar thairseacha meán sóisialta na Comhairle. Tiocfaidh caighdeáin nua maidir le breosla soladach i bhfeidhm in Éirinn in 2022. Beidh na caighdeáin nua, lena n-áirítear teorainneacha incheadaithe níos ísle maidir le sulfar agus cion taise, infheidhme maidir leis an tír iomlán agus ní amháin maidir le criosanna ísealdeataigh atá ann cheana.



# Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha

**Áirítear le feidhmeanna Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí tacaíochta a sholáthar do lucht bainistíochta na Comhairle; cruinnithe na Comhairle agus a fochoistí a eagrú agus fónamh orthu; clár na dtoghthóirí; árachas; bainistíocht saoráidí; feidhmeanna tréidliachta; seirbhísí rialaithe madraí; fáiltithe cathartha; imeachtaí, seirbhísí custaiméirí; gearáin ó chustaiméirí; saoráil faisnéise; rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol; cosaint sonraí; eitic agus dearbhuithe maidir le síntiúis pholaitiúla agus sláinte agus sábháilteacht.**

## Cruinnithe Chomhairle Contae Ros Comáin

Ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle, tagann 18 Comhaltaí na Comhairle le chéile chun a gcuid feidhmeanna forchoimeádta a chur i gcrích agus pléann siad le gnóthaí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe an chontae ar aon dul leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí i *bPlean Corparáideach* na Comhairle.

Tionóladh 10 gCruinniú Iomlánacha na Comhairle in 2021. Mar gheall ar shrianta Covid-19, cealaíodh cruinniú mhí Eanáir 2021. Tionóladh na Cruinnithe Iomlánacha i mí Feabhra, mí Márta agus mí Aibreáin go heisiach ar líne. Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana i mí Meithimh nuair a toghadh an Comhairleoir Joe Murphy ina Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Orla Leyden in Leas-Chathaoirleach. Tionóladh 5 chruinniú speisialta le linn na bliana chun Buan-Orduithe Forlíontacha a chomhaontú, chun *Dréacht-phlean Forbartha an Chontae* a phlé, chun athbhreithniú a dhéanamh ar nuashonruithe ar thionscadal Loch Fuinseann agus chun corrfholúntas ar an gComhairle a líonadh. Tionóladh Cruinniú an Bhuiséid i mí na Samhna 2021 d'fhonn Buiséad 2022 a fhaomhadh.

Comhthoghadh an Comhairleoir Emer Kelly an 11ú Bealtaine 2021 chun suíochán folamh a líonadh mar gheall ar dhul ar scor an Chomhairleora Ivan Connaughton an 26ú Aibreán 2021.

Thionóil Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain 9 gcruonniú in 2021. Thionóil Mainistir na Búille agus Ros Comáin líon iomlán de 10 gcruinniú an ceann le linn na bliana.

## Plean Corparáideach 2020-2024

Glac na Comhaltaí Tofa leis an bPlean Corparáideach ag an gcruinniú dá gcuid in 2020. Úsáidfear an plean sin mar chreat gníomhaíochta straitéiseach Chomhairle Contae Ros Comáin le linn shaolré na Comhairle tofa reatha agus é ar aon dul leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001. Sa phlean, leagtar amach cuspóirí faoi na 3 thosaíocht a leanas chun a misean na Comhairle a chur i gcrích, dearcthaí mhuintir an chontae a léiriú agus pobail inbhuanaithe a fhorbairt i dtimpeallacht atá ag athrú:

- Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;
- Forbairt eacnamaíoch agus pobail;
- Seirbhísí ardchaighdeáin dár ndaoine.

## Clár na dToghthóirí

Faoi na hAchtanna Toghcháin 1992 agus 1997 agus faoin Acht Toghcháin 2001 (Leasú), tháinig 2 leagan den Chlár, an Clár atá Curtha in Eagar agus an Clár Iomlán, i bhfeidhm an 15ú Feabhra 2021.

**Tábla 1 Clár na dToghthóirí**

| Toghcheantar na Dála | Toghthóirí Uachtaránachta | Toghthóirí na Dála |
|---|---|---|
| Ros Comáin - Toghthóirí Thoghcheantar na Gaillimhe | 41,710 | 43,271 |
| Toghthóirí Thoghcheantar Shligigh - Liatroma i gContae Ros Comáin | 5,708 | 5,927 |
| Toghthóirí Thoghcheantair an Láir Tíre – an Iarthuaiscirt do Pharlaimint na hEorpa | | 49,368 |
| Toghthóirí na dToghlimistéar Áitiúil | | 50,687 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Bhaile Átha Luain | | 15,305 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Mhainistir na Búille | | 17,994 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Ros Comáin | | 17,388 |

## Fáiltithe Cathartha agus Imeachtaí

Is ábhar bróid é do Chomhairle Contae Ros Comáin fáiltithe, imeachtaí agus searmanais bhronnta a óstáil do dhaoine ina limistéar riaracháin a bhfuil clú tuillte acu agus a thugann bród agus onóir chuig a bpobal trína n-éachtaí. Féadfaidh comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin saoránaigh a ainmniú. Óstálann an Chomhairle, de réir mar a thagann an ócáid chun cinn, fáiltithe cathartha chomh maith do dhaoine mór le rá ar chuairt agus óstálann sí imeachtaí ag Áras an Chontae chun ócáidí ar leith a cheiliúradh. Ní raibh fáiltithe cathartha ar bith ar siúl in 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19.

## Turais Ionadaithe Thar Lear

Ní raibh cuairteanna toscaireachtaí ar bith ar siúl thar lear in 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19.

## Sparánacht Dermot Earley

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin sparánacht bhliantúil spóirt chun ómós a thabhairt do Dhiarmuid Ó Maolmhoichéirghe (Mór) nach maireann. Trí na scoláireachtaí tugtar cúnamh airgeadais do bheirt iarrthóirí rathúla as Contae Ros Comáin (ó gach inscne) ag a bhfuil cúlra cumasach acu sa spórt agus atá ag freastal ar oideachais tríú leibhéal sa chéad bhliain. Ba iad na hiarratasóirí rathúla don bhliain acadúil 2021/2022 Shona Hanley a rinne ionadaíocht do Chlub Camógaíochta Thuilsce agus Oisin Cregg a rinne ionadaíocht do Chlub CLG Mhainistir na Búille.

## Na Meáin Shóisialta

Trí chuntais meán sóisialta de chuid na Comhairle, lena n-áirítear Facebook, Instagram, Twitter agus LinkedIn, ligeadh di cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal a fheabhsú. Bhí úsáid na meán sóisialta ríthábhachtach don Chomhairle, go háirithe trí phaindéim Covid-19. Cuireadh an tsolúbthacht ar fáil don Chomhairle leo faisnéis a chomhroinnt go gasta agus go héasca le spriocluchtmór, d'fhonn tacú le feachtais náisiúnta de réir mar ba ghá, deiseanna fostaíochta sa chomhairle a thabhairt chun suntais agus feasacht níos mó ar an obair a dhéanann an Chomhairle a chur chun cinn. Ag deireadh 2021, bhí 16 bhealach meán sóisialta i bhfeidhm ag an gComhairle lena raibh líon iomlán de 43,300 leantóirí san áireamh leo.

## Feidhmeanna Tréidliachta

Feidhmíonn Comhairle Contae Ros Comáin conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) chun maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht bia i 9 seamlas agus i 6 mhonarcha mhonaraithe feola neamhspleácha. Tá 5 ghnólacht bia cláraithe freisin le Comhairle Contae Ros Comáin. Déanann Oifigeach Tréidliachta na Comhairle agus Cigirí Tréidliachta sealadacha maoirseacht ar mharú. Déantar iniúchadh ante-mortem agus post-mortem ar gach ainmhí lena chinntiú go bhfuil an bia oiriúnach mar bhia do dhaoine. Déantar inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a dheimhniú chomh maith. Maraíodh 3,003 eallach, 5,543 chaora agus 285 mhuc in 2021 i seamlais ar a ndéanann an Chomhairle maoirseacht i gContae Ros Comáin.

## Seirbhísí Rialaithe Madraí

Faoin Acht um Rialú Madraí 1986, glacann Cúram Ainmhithe Lár na Tíre freagracht as rialú madraí sa chontae faoi chonradh seirbhíse le Comhairle Contae.

De réir an dlí éilítear ar úinéirí madraí ceadúnas reatha madraí a bheith acu agus ní mór micrishlis a chur sa mhadra. I mí Iúil 2018, thug An Post an *Clár Náisiúnta Madraí* isteach trínar féidir ceadúnais madra a cheannach ar líne. Is féidir ceadúnas a cheannach ó aon Oifig an Phoist.

In 2021, b'ionann an caiteachas maidir le seirbhísí rialaithe madraí agus €186,874 agus b'ionann an t-ioncam iomlán maidir leis na ceadúnais agus na táillí sin agus €61,212.

Leis an Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010, ceanglaítear ar áitribh iarratas a dhéanamh lena gcuimsiú ar *Clár um Bunachais Pórúcháin Madraí* na nÚdarás Áitiúil. Cuimsíodh 2 bhunachas ar chlár na Comhairle ag deireadh 2021.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 90 iarratas SF in 2021. Tá miondealú maidir le torthaí na n-iarratas sin léirithe sa tábla thíos.

**Tábla 2: Saoráil Faisnéise**

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 1ú Eanáir 2021 | 4 |
| Líon na n-iarratas a fuarthas le linn 2021 | 90 |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh | 29 |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh i bpáirt | 24 |
| Líon na n-iarratas a diúltaíodh | 28 |
| Líon na n-iarratas SF a aistríodh, a aistarraingíodh no ar déileáladh leo lasmuigh de SF | 7 |
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2021 | 6 |

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Fuair an Chomhairle 23 iarratas RFC in 2021. Tá sonraí maidir le torthaí na n-iarratas sin curtha i láthair sa tábla thíos.

**Tábla 3: Iarratais RFC**

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas RFC nár cinneadh amhail an 1ú Eanáir 2021 | 0 |
| Líon na n-iarratas RFC a fuarthas le linn 2021 | 23 |
| Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh | 6 |
| Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh i bpáirt | 9 |
| Líon na n-iarratas RFC a diúltaíodh | 6 |
| Líon na n-iarratas RFC a tarraingíodh siar. | 1 |
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2021 | 1 |

## Cosaint Sonraí

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 agus an Acht um Chosaint Sonraí 2018 forchuirtear oibleagáidí ar Chomhairle Contae Ros Comáin na sonraí pearsanta uile atá faoina smacht a chosaint. Lean an Chomhairle le beartais, nósanna imeachta agus cleachtais dá cuid a fhorbairt in 2021 chun a freagrachtaí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Phróiseáil an Chomhairle 4 Iarratas ó Dhuine ar a Shonraí/Sonraí (SARanna) in 2021.

## Dearbhuithe um Eitic, Deontais Pholaitiúla a Thuairisciú agus Nochtadh Cosanta

Chuir gach Comhalta Tofa agus Ball Foirne Ábhartha dearbhuithe um eitic isteach in 2021 i gcomhréir le ceanglais riachtanacha arna bhforordú laistigh de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus de na Rialacháin in Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Cuid 15) 2015.

In 2021 comhlíon gach Comhalta Tofa na ceanglais atá leagtha amach san Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh 1999, arna leasú), maidir le deontais pholaitiúla a nochtadh.

Ullmhaíodh an tuarascáil a leanas agus tá sí á foilsiú ag Comhairle Contae Ros Comáin, i gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014:

**Tábla 4: Nochtadh Cosanta - Tréimhse Thuairiscithe: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021**

| | |
|---|---|
| Líon na Nochtuithe Cosanta a rinneadh do Chomhairle Contae Ros Comáin | 0 |
| Beart a rinneadh (má rinneadh é) chun freagairt a dhéanamh do na Nochtuithe Cosanta sin | N/A |

## Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann Comhairle Contae Ros Comáin chun forálacha Chórais Bainistíochta Sábháilteachta na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm. Cuirtear an feidhmiú sin i gcrích tríd an athbhreithniú leanúnach ar chórais reatha, trí chlár iniúchta dian ar shláinte agus ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm agus tríd an gclár oibre a thabhairt chun críche. Déantar cumarsáid agus comhairliúchán le fostaithe agus cuirtear oiliúint um shláinte agus sábháilteacht ar fhostaithe de réir mar is gá. Tugtar tacaíocht d'fhostaithe chun córais shlána oibre a chur i bhfeidhm. Leantar le hidirchaidreamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), le hUisce Éireann agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is iomchuí.

Éilíonn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar fhostóirí, a mbainistíocht ionadaíoch agus a bhfostaithe chomh maith an tsláinte agus an tsábháilteacht a mheas mar chomhfhreagracht.

Cuimsíodh na nithe a leanas le clár oibre 2021:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an *gCóras Bainistíochta Sábháilteachta* ag Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta trí iniúchtaí leanúnacha ar obair.
- Caighdeáin Dheimhniú ISO 45001 a fhorfheidhmiú don tSeirbhís Dóiteáin.
- Forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid sláinte agus sábháilteachta atá ag an gComhairle cheana féin agus beartais um shláinte agus sábháilteacht san áireamh;
- Clár Sláinte Ceirde, Leasa agus Folláine Ball Foirne a fhorbairt agus a chur i gcrích;
- Comhoibriú ar bhonn leantach le comhlachtaí seachtracha amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Uisce Éireann;
- Monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialaithe do chonraitheoirí atá ann cheana;
- Próisis chumarsáide agus chomhoibrithe na Comhairle a fheabhsú i rith an ama
- e.g. Cruinnithe den Choiste Bainistíochta Sábháilteachta, cruinnithe le Comhordaitheoir an Cheantair Bhardasaigh agus teagmháil le h-ionadaithe sábháilteachta;
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn leantach ar Chláir Oiliúna le haghaidh Láimhsiú Sábhailte agus Ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta;
- Nósanna imeachta agus beartais Covid-19 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Comhlíonadh ar bhonn leantach an dualgais reachtúil le haghaidh iniúchtaí tríú páirtí ar threalamh tógála agus trealamh oibre de chuid na Comhairle.

## Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

I bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna, de réir Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, dhírigh Comhairle Contae Ros Comáin a haird ar an ngá leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. Deireadh a chur le hidirdhealú,

b. Comhionannas deiseanna agus caitheamh a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn, agus

c. Cearta daonna a comhaltaí, a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint.

## Acht an Gharda Síochána 2005

I bhfeidhmiú a feidhmeanna, de réir Alt 37 d'Acht an Gharda Síochána 2005, dhírigh Comhairle Contae Ros Comáin a haird ar na bearta tábhachtacha maidir le coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá réimse freagrachta.



# Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh

**Tá freagracht ag an Rannóg um Shócmhainní, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bainistíocht Fuinnimh, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí, as roinnt réimsí sonracha.**

## Sócmhainní

Is é an príomhchuspóir foriomlán leis an bhfeidhm sin gach sócmhainn de chuid na Comhairle a bhainistiú agus a thaifeadadh lena n-áirítear foirgnimh, talamh, tithe etc, i *gClár comhtháite Sócmhainní* agus cloí le hoibleagáidí reachtúla gaolmhara um thuairisciú na Comhairle. Cuirtear sonraí maidir le gach foirgneamh agus talamh atá faoi úinéireacht na Comhairle mar aon le líon iomlán na dtithe sóisialta ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn bliantúil lena gcur isteach sa *Chlár Náisiúnta Maoine*. Tá Comhairle Contae Ros Comáin ag obair i dtreo fardal caighdeánaithe de na sócmhainní comhlachtaí poiblí ar fad dá cuid a bhaint amach.

## Bainistíocht Fuinnimh

Is í feidhm phríomhúil bainistíocht fuinnimh ról na Comhairle a éascú mar chomhlacht poiblí sa dúshlán chun ár seirbhísí poiblí a dhícharbónú agus spriocanna ábhartha *Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021* a bhaint amach. Sa phlean sin leagtar amach leibhéal na hiarrachta agus na gníomhaíochta a theastaíonn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi 50% faoi 2030 agus ár n-aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de a éascú tráth nach déanaí ná 2050. Faoin bplean tá an earnáil phoiblí faoi shainordú chun laghdú iomlán de 51% ar astaíochtaí GHG a bhaint amach mar aon le feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh de 50% faoi 2030, i gcoinne bhonnlíne 2016 go 2018. San áireamh leis an bplean freisin tá sprioc le haghaidh foirgnimh phoiblí uile go mbaintear rátáil fuinnimh 'B' iontu faoi 2030.

I *gComhaontú Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí um Fhuinneamh*, a síníodh an 25ú Aibreán 2016 mar chuid d'oibleagáid chomhpháirteach idir an Chomhairle agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, leagadh amach sprioc de 33% maidir le feabhsú i dtaca le fuinneamh don Chomhairle, bunaithe ar bhonnlíne 2009, sprioc a bhí le baint amach faoi dheireadh 2020. Thuairiscigh Comhairle Contae Ros Comáin an fuinneamh a úsáideadh i 2020 i mí Bealtaine 2021. Bhain sí laghdú 38.1% amach maidir le húsáid fuinnimh faoi dheireadh 2020 agus ar an mbealach sin sháraigh sí an sprioc de fheabhsú 33%.

Leantar le hobair ar oibleagáidí tuairiscithe reachtúil agus ar dhíriú ar phríomhúsáideoirí fuinnimh na Comhairle ina gcuimsítear go príomha soilsiú poiblí, úsáid leictreachais agus breosla iompair chun tuilleadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

## Soilsiú Poiblí

Rinne Comhairle Contae Ros Comáin conradh le Energia maidir le soláthar neamh-mhéadraithe agus méadraithe fuinnimh chun an líonra soilsithe phoiblí ar fud an chontae a shoilsiú.

Rinne an Chomhairle, i gcomhar le húdaráis áitiúla eile i réigiún Chonnacht, conradh maidir le cothabháil réigiúnach i mí Dheireadh Fómhair 2020 le Electric Skyline Limited le haghaidh deisiúcháin ghinearálta ar an gcóras a raibh rátaí iomaíocha le haghaidh chothabháil dheisiú agus fheabhsú an fhardail soilsithe phoiblí mar thoradh orthu.

Rinneadh suirbhé ar shoilsiú poiblí uile i gContae Ros Comáin in 2016. Sa suirbhé sainaithníodh na soilse ar Líonra na mBóithre Náisiúnta óna dteastaigh uasghrádú go soilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh. Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe in 2019 agus críochnaíodh iad in 2021 agus maoiniú curtha ar fáil ag Bonneagar Iompair Éireann.

Tá Comhairle Contae Ros Comáin san áireamh le Réigiún 3 de *Thionscadal Athfheistithe LED Náisiúnta* agus shínigh sí Comhaontú Alt 85 Le Comhairle Contae Mhaigh Eo don *Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (PLEEP)*. Is tionscadal leanúnach é an t-uasghrádú ar shoilsiú poiblí i gContae Ros Comáin tríd an gconradh cothabhála le Electric Skyline Limited. Cuirfear an soilsiú poiblí eile atá le huasghrádú san áireamh le *PLEEP*.

# Dearbhú de réir I.R. 542 de 2009

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

In 2021 chaith Comhairle Contae Ros Comáin €1.4m ar mhuirir a bhain le fuinneamh agus is iad seo a leanas na príomhchatagóirí a bhí i gceist:

- Muirir maidir le fuinneamh agus cothabháil an tsoilsithe phoiblí;
- Muirir leictreachais maidir le soilsiú, trealamh agus téamh spáis;
- Breosla iompair.

## Gníomhaíochtaí a Rinneadh

Ó 2010 i leith rinne Comhairle Contae Ros Comáin raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh;
- Oiliúint i ndáil le fuinneamh;
- Feachtais feasachta;
- Oiliúint tiomána;
- Comhdhlúthú oifigí na Comhairle i mbaile Ros Comáin ina gCeanncheathrú Cathartha saincheaptha aonair as ar tháinig tairbhí coigilte fuinnimh;
- Uasghrádú éifeachtúla fuinnimh ar fhoirgnimh agus ar shoilsiú poiblí;

In 2021, lean Comhairle Contae Ros Comáin ar aghaidh le tionscnaimh chun a feidhmíocht um fhuinneamh a fheabhsú lenar áiríodh athfheistiú LED ar shoilsiú poiblí ar Bhóithre Príomhúla agus den Dara Grád Éagsúla agus ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar eastáit ar fud an chontae.

Curtha le chéile, tá na coigiltis sin agus bearta eile atá coigilteach ar fhuinneamh ag cur le coigiltis shuntasach ar fhuinneamh don Chomhairle. I mí Bealtaine 2021, thuairiscigh an Chomhairle gur bhain sí laghdú 38.1% amach maidir le húsáid fuinnimh faoi dheireadh 2020 bunaithe ar bhonnlíne 2009, agus ar an mbealach sin sháraigh sí an sprioc de fheabhsú 33% i gcomhthéacs cheangaltais AE agus náisiúnta na hÉireann.

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin tuilleadh feabhais a chur ar a feidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- Plean Gníomhaíochta Fuinnimh Ilbhliantúil;
- Monatóireacht agus iniúchtaí fuinnimh ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh, lena ndéanfar pleananna a threorú le haghaidh oibreacha uasghrádaithe.
- Feachtais feasachta leis an bhfoireann uile;
- Uasghrádú LED ar an stoc reatha soilsithe phoiblí ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre den Dara Grád agus ar Bhóithre Áitiúla. Chláraigh Comhairle Contae Ros Comáin mar rannpháirtithe sa
- *Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Shoilsithe* atá comhordaithe ag an Oifig Bainistíochta Bóithre a cuireadh ar bun ar bhonn náisiúnta.





# Acmhainní Daonna

**Déanann an Roinn Acmhainní Daonna cultúr ina dtugtar tús áite do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí sna bealaí seo a leanas: pleanáil fórsa saothair; earcaíocht agus roghnú ball foirne; oiliúint agus forbairt; bainistiú feidhmíochta; forbairt ar cheannasaíocht; leas na mball foirne; polasaithe agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a aontaíodh a fhorbairt agus a sholáthar; timpeallacht dhaingean oibreachais a chur ar fáil agus timpeallacht chothrom chomhairleach thacúil a chruthú.**

## Pleanáil Fórsa Saothair

Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin gurb iad na fostaithe an acmhainn is luachmhara atá ann taobh istigh den eagraíocht. Tá ról thar a bheith tábhachtach acu cuspóirí corparáideacha agus gnó na comhairle a bhaint amach agus tá siad riachtanach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm. Déanann an Roinn Acmhainní Daonna lucht saothair de chuid na Comhairle a imlonnú, a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le timpeallacht athraitheach oibre agus le seirbhís éifeachtúil éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Leanadh leis na dúshláin a cruthaíodh mar gheall ar Covid-19 le linn 2021 agus d'oibrigh an Roinn Acmhainní Daonna chun a chinntiú go ndearnadh riachtanais na foirne agus custaiméirí a shásamh sa tréimhse sin. Rinneadh an próiseas earcaíochta a oibriú go hiomlán ar líne le linn na bliana. Rinneadh gach agallamh go cianda, agus mar thoradh air sin ní raibh moill ar bith ar líonadh post bunriachtanach. Bhí 461 dhuine ar an iomlán fostaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin amhail an 31 Nollaig 2021.

## Bainistiú Feidhmíochta

Tá Plean Corparáideach na Comhairle mar bhunchloch ag *Córas Comhtháite Bainistithe Feidhmíochta na Comhairle*. Tá an Plean Corparáideach mar bhunchloch nuair atá *Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí, Pleananna Aonaid* agus *Pleananna Feidhmíochta Daoine Aonair* á gcruthú. Déanann na pleananna sin cuspóirí, spriocanna agus tréimhsí a chur ar bun lena chinntiú go gcuirfidh gach fostaí san eagraíocht le seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil don phobal.

## Oiliúint agus Forbairt na mBall Foirne

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oiliúint agus forbairt na mball foirne, a bhaintear amach i mbealaí éagsúla, ar nós réimse deiseanna oiliúna agus forbartha, cláir forbartha ceannasaíochta agus deiseanna breisoideachais le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas, an oilteacht, na hinniúlachtaí agus scileanna ag fostaithe le cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. Rinne Roinn na nAcmhainní Daonna *Clár Cuimsitheach Cothrom Oiliúna agus Forbartha* a sholáthar le linn 2021.





## Neart a Fhorbairt - Comhaontú Seirbhíse Poiblí Nua do 2021-2022

Trí *Neart a Fhorbairt - Comhaontú Seirbhíse Poiblí Nua do 2021-2022* soláthraítear síneadh leis an gcreat de comhaontuithe seirbhíse poiblí lena n-áirítear an comhaontú is déanaí an *An Comhaontú um Chobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020)* a chuaigh as feidhm an 31ú Nollaig 2020.

Tá an comhaontú seirbhíse poiblí nua seo aireach ar dhúshláin reatha, léirítear freagairt na seirbhísí poiblí ar na dúshláin sin leis, déantar iarracht leis tabhairt faoi bhuarthaí na ngrúpaí iomadúla agus éagsúla seirbhíseach poiblí atá cumhdaithe leis na comhaontuithe sin agus tugtar faoi roinnt beart leis a tugadh isteach faoi *Chomhaontú Bhóthar Haddington*.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Bíonn Roinn na nAcmhainní Daonna ag obair le haontais agus ionadaithe na mball foirne le caidreamh dearfach le fostaithe a bhaint amach agus a choinneáil. Tá an Roinn tiomanta i leith timpeallach mhaith a chur chun cinn ó thaobh caidreamh oibreachais de.

## Bainistiú Tinrimh

Tá *Polasaí Bainistithe Tinrimh* na Comhairle ina chuidiú ó thaobh timpeallacht oibre a chur ar fáil de a spreagann tinreamh na bhfostaithe agus a bhaineann sin amach ag an leibhéal is airde. Is é is aidhm don pholasaí neamhláithreachas a laghdú agus is é an toradh a bhíonn air soláthar feabhsaithe seirbhísí agus costais níos ísle. Cailleadh 3.88% de laethanta oibre in 2021 mar gheall ar thinneas nó neamhláithreachas.

## Bearta Gníomhachtaithe an Fhórsa Saothair

Rinne an Chomhairle céimí amháin a éascú faoin *gClár Earcaíochta Céimithe* reatha san Oifig Fiontar Áitiúil. Chomh maith leis sin rinne an Chomhairle printíseach amháin a éascú faoin *gClár Dreasachtaí um Printíseachtaí* i réimse an Airgeadais. Is é is aidhm don chlár go ndéanfaidh gach rannpháirtí na scileanna agus inniúlachtaí atá acu a fheabhsú faoi dheireadh an chláir sna réimsí saineolais atá roghnaithe acu.





# An Stiúrthóireacht um Airgeadas, IS agus Bunathrú Digiteach

# Cúrsaí Airgeadais

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as an méid seo a leanas;

- **Bainistíocht agus Maoirseacht Airgeadais;**
- **Cuntais Infhála lena n-áirítear Mótarcháin;**
- **Cuntais Iníoctha agus Soláthar;**
- **Iniúchadh Inmheánach;**
- **Soláthar agus Foilsiú Faisnéise Airgeadais lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Ráiteas Bliantúil Airgeadais.**

## Bainistíocht Airgeadais

Oibríonn an Chomhairle Cuntas Ioncaim le haghaidh ioncam agus caiteachas laethúil reatha agus Cuntas Caipitil maidir le hioncam agus caiteachas a bhaineann le tionscadail níos fadtéarmaí amhail soláthar bonneagair agus sócmhainní, lena n-áirítear bóithre, scéimeanna tithíochta, talamh agus foirgnimh.

B'ionann leibhéal an caiteachais don Chuntas Ioncaim do 2021 agus €71.3m agus b'ionann an caiteachas don Chuntas Caipitil agus €44.2m.

## Príomhphointí a bhaineann le Gníomhaíocht Airgeadais in 2021

- Seachadadh barrachas €25k ar an gCuntas Ioncaim;
- Thuairiscigh an Cuntas Caipitil iarmhéid creidmheasa carntha dar luach €37.9m;
- Is ionann an cúlchiste ginearálta carntha ag deireadh 2021 agus €243.9k;
- Caitheadh méid iomlán comhcheangailte de €115.5m le haghaidh Ioncaim agus Caiteachais maidir le seirbhísí a sheachadadh do shaoránaigh Ros Comáin;
- Leanann feidhm an phárolla chun oibriú trí Chomhaontú Seirbhíse mar sheirbhís chomhroinnte arna hóstáil ag Comhairle Contae Laoise;
- Íocadh 98% de na sonraisc ó sholáthraithe laistigh de 30 lá le linn 2021, méadú 1% ar an mbliain roimhe sin.

## Tacaíochtaí Airgeadais Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 sholáthair an Rialtas roinnt tacaíochtaí airgeadais do ghnólachtaí áitiúla agus don Chomhairle. Seo a leanas na tionchair ar Chuntas Ioncaim 2021:

- Íocadh €654k mar *Dheontais faoin Scéim um Chúnamh do Ghnólachtaí Beaga maidir le Covid (SBASC)* do ghnólachtaí áitiúla trí cheannteideal na Bainistíochta Forbartha.
- Aisíocadh €303k leis an gComhairle i gcomhair caillteanas ioncaim agus caiteachas méadaithe;
- Cuireadh tarscaoileadh rátaí dar luach €3m i bhfeidhm do ghnólachtaí. Fuair an Chomhairle na rátaí sin ina dhiaidh sin go díreach ón Rialtas.

## Bailiú Ioncaim

Sa tábla a leanas tugtar achoimre ar fheidhmíocht um bailiú ioncaim ó 2016:

| | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rátaí** | 89% | 68% | 89% | 86% | 83% | 91% |
| **Cíos** | 93% | 93% | 91% | 92% | 91% | 92% |
| **Iasachtaí Tithíochta** | 65% | 62% | 76% | 55% | 56% | 58% |

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tiomanta d'oibriú leis na custaiméirí ar fad chun fadhbanna a bhaineann le muirir na Comhairle a íoc a réiteach.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais) don bhliain arna chríochnú an 31 Nollaig 2021


Tugann an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais gach ioncam agus caiteachas le chéile a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

| Caiteachas de réir Rannáin | Ollchaiteachas 2021 € | Ioncam 2021 € | Glanchaiteachas 2021 € | Glanchaiteachas 2020 € |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 6,797,395 | 8,250,659 | (1,453,264) | (1,575,352) |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 32,419,692 | 25,487,238 | 6,932,454 | 7,375,027 |
| Seirbhísí Uisce | 6,069,335 | 6,088,797 | (19,462) | (2,774) |
| Bainistíocht Forbartha | 7,847,162 | 4,384,370 | 3,462,792 | 3,868,500 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 6,226,891 | 1,089,587 | 5,137,304 | 5,252,696 |
| Caitheamh Aimsire agus Áiseanna | 4,660,440 | 1,156,194 | 3,504,246 | 3,436,194 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 977,165 | 363,116 | 614,049 | 341,571 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 6,368,128 | 6,657,868 | (289,740) | (289,652) |
| Caiteachas/Ioncam Iomlán | **71,366,208** | **53,477,828** | | |
| Glanchostas na Rannán a mhaoineofar as Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil | | | **17,888,380** | **18,406,210** |
| Rátaí | | | 12,573,441 | 12,425,769 |
| Cáin Maoine Áitiúla | | | 10,825,692 | 10,817,612 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe | | | **5,510,753** | **4,837,171** |
| Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí | | | (5,485,613) | (4,820,107) |
| Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain | | | **25,140** | **17,063** |
| Cúlchiste Ginearálta amhail an 1 Eanáir | | | 218,803 | 201,740 |
| Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig | | | **243,944** | **218,803** |

Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail an 31 Nollaig 2021


| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | € | € |
| Feidhmiúil | 239,107,826 | 240,502,218 |
| Infreastruchtúrach | 1,615,664,454 | 1,615,664,454 |
| Pobal | 13,055,965 | 13,057,384 |
| Neamhfheidhmiúil | 1,236,562 | 1,311,287 |
| | **1,869,064,807** | **1,870,535,343** |
| **Obair ar Siúl agus Réamhchaiteachas** | 17,127,581 | 11,551,921 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 8,087,869 | 8,259,017 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 5,107,868 | 10,698,159 |
| Infheistíochtaí Bainc | 40,807,739 | 27,171,804 |
| Airgead Tirim sa Bhanc | 2,666,329 | 335,861 |
| Airgead faoi Bhealach | 101,408 | 252,871 |
| | **48,683,343** | **38,458,695** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 10,412,321 | 15,132,751 |
| | **10,412,321** | **15,132,751** |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | **38,271,022** | **23,325,944** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 28,590,261 | 29,004,119 |
| Éarlaisí Inaisíoctha | 740,418 | 942,375 |
| Eile | 1,605,100 | 1,458,294 |
| | **30,935,779** | **31,404,789** |
| **Glansócmhainní / (Dliteanais)** | **1,901,615,499** | **1,882,267,436** |
| **Arna Léiriú Ag** | | |
| Caipitliú | 1,869,064,807 | 1,870,535,343 |
| WIP Ioncaim | 15,619,494 | 8,927,286 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | 243,944 | 218,803 |
| Iarmhéideanna Eile | 16,687,254 | 2,586,004 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,901,615,499** | **1,882,267,436** |

# Caiteachas Buiséid Ioncaim




## Caiteachas de réir an chláir

| | 2021 € | 2021 % |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 6,797,395 | 10% |
| Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair | 32,419,692 | 45% |
| Seirbhísí Uisce | 6,069,335 | 9% |
| Bainistíocht Forbartha | 7,847,162 | 11% |
| Seirbhísí Comhshaoil | 6,226,891 | 9% |
| Caitheamh Aimsire agus Áiseanna | 4,660,440 | 7% |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 977,165 | 1% |
| Ilghnéitheach | 6,368,128 | 9% |
| **Iomlán** | **71,366,208** | **100%** |




## Cad ar caitheamh airgead air

| | 2021 € | 2021 % |
|---|---|---|
| Párolla | 26,225,190 | 37% |
| Costais Fheidhmiúla | 40,677,339 | 57% |
| Speansais Riaracháin | 2,707,493 | 4% |
| Speansais Bunaithe | 323,499 | 0% |
| Speansais Airgeadais | 1,985,767 | 3% |
| Speansais Ilghnéitheacha | -553,080 | -1% |
| **Iomlán** | **71,366,208** | **100%** |

# Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide



**Tá Ceann na gCóras Faisnéise i gceannas ar Roinn na gCóras Faisnéise agus Bunathraithe Dhigitigh, dá dtugann Foireann Oibríochtaí TFC (Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide) agus Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh agus GIS (Córais Faisnéise Geografaí) tacaíocht.**

## Oibríochtaí TFC

Cuireann Foireann Oibríochta TFC an t-ardán soláthair seirbhísí agus tacaíocht theicniúil ar fáil do gach roinn, d'aonaid ghnó agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle. Cinntítear leis sin go mbíonn trealamh agus faisnéis, de réir mar is gá, ar fáil chun an Chomhairle a chuidiú seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil do na cliaint agus do na custaiméirí dá cuid.

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, díríodh acmhainní in 2021 ar an ngá le réitigh chianoibre a thacú. Thacaigh Foireann Oibríochtaí TFC le naisc dhaingne leis an líonra corparáideach agus chuir siad gléasanna bainistithe cothrom le dáta ar fáil don fhoireann chun naisc le láithreacha cianoibre a éascú. Tugadh an deis don fhoireann leis sin obair a dhéanamh go cianda, agus rochtain acu ar chórais chorparáideacha agus sonraí uile, rud a chinntigh nár cuireadh isteach ar sheirbhísí don phobal.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de sheirbhísí a úsáid agus a fhorbairt atá ar fáil trí ardán Microsoft 365. Leis an gcur chuige sin cumasaítear rochtain shlán ar chórais chorparáideacha agus ar fhaisnéis ó láthair ar bith ar ghléasanna daingne bainistithe. Cuidíonn sé freisin le foireann na Comhairle a ligean obair a dhéanamh ar dhóigheanna nua agus an lorg carbóin a laghdú tríd an ngá le gléasanna fisiceacha a laghdú.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de dhul chun cinn a dhéanamh in 2021 maidir leis na réimsí freagrachta a leanas:

- An cumas a bhaineann le TFC na linne seo a mheas agus a fhorbairt chun cuspóirí gnó na Comhairle a fheabhsú agus tionchar uasta teicneolaíochtaí ata ag teacht chun cinn a chinntiú;
- Teicneolaíochtaí nua ar bith a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm trína gcuirfear le feabhsú, éifeachtúlacht agus feabhsú córas faisnéise atá ann;
- Slándáil agus sláine shonraí na Comhairle agus bonneagar TF a chinntiú lena n-áirítear ag tabhairt faoi chibearshlándáil;
- Réitigh um athshlánú ó thubaiste/leanúnachas gnó a fhorbairt agus a bhainistiú lena ndéantar an riosca de bhristeacha i gcórais agus de chailliúint/thruailliú sonraí a íoslaghdú.







## Bunathrú Digiteach

Tá Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh freagrach as clár oibreacha a sholáthar don eagraíocht chun bunathrú digiteach a bhaint amach, agus é mar aidhm ag an gclár sin seirbhísí ardchaighdeáin inrochtana a sholáthar atá éifeachtúil agus tarraingteach, a bhíonn ag teacht lena bhfuil saoránaigh ag súil. D'fhorbair an fhoireann 60 seirbhís ar líne go dtí seo lena gcuirtear rochtain éasc agus éifeachtúil do chustaiméirí ar sheirbhísí éagsúla na Comhairle.

Trí thairseach dhigiteach, My Online *Services*, ar a bhfuil rochtain trí www.roscommoncoco.ie, bhí custaiméirí in ann fós clárú agus leas a bhaint as líon na seirbhísí ar líne atá ag dul i méid a chuireann an Chomhairle ar fáil amhail fadhbanna a thuairisciú, iarratais a chur isteach ar dheontais nó íocaíochtaí a dhéanamh. Faoi dheireadh na bliana 2021, bhí níos mó ná 3,300 duine cláraithe mar chustaiméirí féinfhreastail ar an ardán digiteach sin. Leis sin, ligeadh dóibh seirbhísí na Comhairle a rochtain ag am ar bith, ó áit ar bith ar ghléas ar bith.

Leanadh de phróisis ghnó a fheabhsú freisin trí sheirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm go céimneach. Rinne Comhairle Contae Ros Comáin maoiniú dar luach níos mó ná €14 mhilliún a ria a bhí dírithe ar phróisis ar líne á n-úsáid lenar gineadh coigilteas nach beag maidir le ham na foirne, postas agus priontáil. Tá beagnach 8,500 custaiméir cláraithe ag an gComhairle ar an ardán seirbhísí do chustaiméirí dá cuid.

## GIS

Lean an Fhoireann GIS na córais a chothabháil agus a fhorbairt a theastaíonn chun rochtain a sholáthar d'fhoireann na Comhairle agus do bhaill an phobail ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna. San áireamh leis na córais sin tá huirlisí chun amharc ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna agus chun í a bhailiú. Mar shampla, in 2021, d'fhorbair an Fhoireann GIS feidhmchlár gréasáin chun baill na Roinne Pleanála a chumasú teorainneacha criosaithe talamhúsáide a dhréachtú do *Phlean Forbartha an Chontae*.

Lean an Chomhairle le faisnéis eile a bhailiú go digiteach in 2021. Trí chórais amhail *Report It* cuireadh ar chumas an phobail an Chomhairle a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna ina gceantar féin. Méadaigh foireann an Comhairle an úsáid dá cuid as feidhmchláir mhóibíleacha éagsúla chun sonraí a bhailiú níos éifeachtúla sa réimse.

Méadaíodh úsáid Microsoft Power BI agus deaiseanna GIS freisin in 2021 chun na huirlisí a chur ar fáil do cinnteoirí na Comhairle a theastaíonn uathu chun faisnéis a bhreathnú agus a mheasúnú go gasta. Sa bhreis air sin, d'fhorbair an Fhoireann GIS roinnt tuarascálacha gréasánbhunaithe le linn na bliana chun taispeáint mhéadracht phríomhúil a chumasú ar dhóigh shimplí agus úsáideach.

# An Oifig Leathanbhanda

**Rinne Oifig Leathanbhanda na Comhairle an Ghníomhaíocht a leanas in 2021.**

## Feidhmiú céimneach Leathanbhanda Náisiúnta Éireann

Leanadh le hobair le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann maidir le dearaí tógála agus iarratais Alt 254 ar phleanáil ar fud an líonra Tá orduithe á nglacadh faoi láthair ag ceantair imscartha Bhéal Átha na Sluaighe agus Ros Comáin maidir le naisc nua agus tá áitribh beo anois ar an líonra sa dá cheantar. Tá iarratais maidir le cuaillí á bpróiseáil faoi láthair i gCeantair Bhardasacha Mhainistir na Búille, Ros Comáin agus Bhaile Átha Luain. Fuarthas rud beag níos lú ná 400 iarratas maidir le cuaillí i mí na Nollag 2021.

## WiFi4EU

Tá Dearbháin 1 agus 2 críochnaithe anois agus tá 28 bpointe rochtana beo anois i mbailte agus i sráidbhailte Roc Comáin Thuaidh. Cuireadh tús le suiteáil Dhearbháin 3 agus 4 i mí na Samhna 2021 atá dírithe go príomha ar cheantair i Ros Comáin Theas.

## Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna)

Dámhadh €177,444 do Chomhairle Contae Ros Comáin faoin gCiste um Moil Nasctha. Bhí sé sin dírithe ar láithreacha a fheabhsú a bunaíodh mar láithreáin BCP. Táthar ag súil go ndéanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail dara sciar den mhaoiniú in 2022.

## An Clár um Nuáil Dhigiteach

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin maoiniú deontais dar luach €17,400 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an costas a bhaineann le feidhmchlár dífhibrileora a fhorbairt do Chontae Ros Comáin.




Chuaigh an Chomhairle i gcomhar le Foireann Mhearfhreagartha Ros Comáin a bhí ag oibriú cheana féin le feidhmchlár Emcall. Caitheadh an maoiniú sin ar fhorbairt agus ar fheabhsú an fheidhmchláir, ar fhorbairtí ar an suíomh gréasáin agus ar mhargaíocht agus ar fhógraíocht ar na meáin shóisialta agus i nuachtáin áitiúla.

## Eduroam

Is seirbhís fánaíochta é Eduroam le haghaidh úsáideoirí a oibríonn i dtaighde, in ardoideachas agus i mbreisoideachas. Cuireann sé rochtain ar an ngréasán ar fáil leis do thaighdeoirí,. do mhúinteoirí agus do mhic léinn agus iad ag tabhairt cuairt ar institiúid seachas a n-institiúid féin. Éascaíonn sé úsáideoirí rochtain a fháil ar an idirlíon níos fusa tríd an tseirbhís Wi-Fi ag láithreáin éagsúla. Nuair a nascann siad le Eduroam, déantar úsáideoirí Wi-Fi a fhíordheimhniú tríd an institiúid bhaile dá gcuid. Má éiríonn leis an bhfíordheimhniú tugtar rochtain don úsáideoir ar líonra gan sreang Tá rochtain ar Eduroam ar fáil faoi láthair i leabharlanna Mhainistir na Búille agus an Chaisleáin Riabhaigh agus beidh sí ar fáil i leabharlanna uile Chontae Ros Comáin faoi 2022.

## Straitéis Dhigiteach

Rinneadh straitéis dhigiteach a ullmhú le breithniú ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle.

## An Suíomh Gréasáin

Rinneadh táb Leathanbhanda agus Digiteach na Comhairle a uasghrádú agus cuireadh sé le leathanach baile shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Ros Comáin. Déantar nuashonruithe rialta a phostáil maidir le forbairtí leathanbhanda don chontae.

## Maoiniú 2021 do Chlár Téamach

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin maoiniú deontais dar luach €1,000 a ndearna BPC Ghort an Ghainimh iarratas air chun ceachtanna ceoil a fail do mhuintir na háite.

## SIRO i mBaile Ros Comáin

Rinne SIRO suirbhéanna i mbaile Ros Comáin agus chuir siad léarscáileanna isteach do limistéir an bhaile ina bhfuil sé ar intinn acu leathanbhanda ardluais a dhíriú Tá siad chun tús a chur le hoibreacha i mí Eanáir 2022.

# Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

**Tá príomhfhreagracht ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) as feidhmiú *Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil 2016-2021* a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú.**

Bhí 6 chruinniú ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ar na dátaí seo a leanas in 2021:

| Dáta | % an Tinrimh |
|---|---|
| 24ú Feabhra 2021 | 100% |
| 21ú Aibreán 2021 | 95% |
| 28ú Iúil 2021 | 75% |
| 13ú Deireadh Fómhair 2021 | 73% |
| 17ú Samhain 2021 | 83% |
| 15ú Nollaig 2021 | 84% |

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Ros Comáin
Roscommon Local Community
Development Committee

Ós rud é gur eagraíodh cruinnithe uile LCDC trí Microsoft Teams,, níor caitheadh speansais taistil ar bith in 2021.

Seo a leanas forléargas ar na míreanna a chuir an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cinn in 2021:

- *Rinneadh Tuarascáil Dheireadh na Bliana SICAP (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) 2020* a fhaomhadh;
- *Rinneadh Plean Bliantúil 2021* SICAP a fhaomhadh;
- Rinneadh Athbhreithniú *lárthéarma* 2021 SICAP a fhaomhadh;
- Lean fochoistí ar aghaidh lena gcuid oibre i réimsí SICAP, LEADER, chomh maith le measúnú ar iarratais ar scéimeanna deontais;
- D'fhaomh an CFPÁ méid iomlán de €1,593,228.73 do thionscadail LEADER.

## Ballraíocht den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil amhail an 31ú Nollaig 2021

| Colún | Gníomhaireacht / Foras Ainmnithe | Líon na nAinmnithe | Ainm an Ainmní |
|---|---|---|---|
| **Leasanna Reachtúla** | | | |
| Rialtas Áitiúil | Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin | 3 | An Comhairleoir Laurence Fallon, An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, An Comhairleoir Donal Kilduff |
| Oifigigh an Údaráis Áitiúil | Feidhmeannas Chomhairle Contae Ros Comáin | 2 | An tUasal Eugene Cummins, Príomhfheidhmeannach An tUasal. Louise Ward,Ceann na hOifige Fiontair Áitiúil (LEO) |
| Gníomhaireacht Stáit | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin | 1 | An tUasal Lynne Keery |
| Gníomhaireacht Stáit | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 1 | Folamh |
| Gníomhaireacht Stáit | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte | 1 | An tUasal Eamon Hannan |
| Gníomhaireacht Stáit | Teagasc | 1 | An tUasal Tom Kellegher |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | | | |
| Forbairt Áitiúil & Pobail | Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Ros Comáin | 1 | An tUasal Carina Lennon |
| Ionchuimsitheacht Shóisialta (Príobháideach) | Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) | 1 | An tUasal Nora Fahy |
| | PPN | 1 | Folamh |
| Pobal & Deonach (Príobháideach) | PPN | 1 | An tUasal Vincent Moran |
| | PPN | 1 | An tUasal Gerard Fallon |
| Colún an Chomhshaoil | PPN | 1 | An tUasal Alan Moran |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Feirmeoireacht & Talmhaíocht | 1 | An tUasal Jim O' Connor |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Ionadaí Gnó | 1 | An tUasal Gareth Scahill |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Ionadaí Ceardchumainn | 1 | An tUasal John Tansey |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | An Earnáil Mhíchumais | 1 | An tUasal Muireann Moyles |
| **Líon Iomlán na gComhaltaí** | | **19** | |

## Achoimre ar Chlár LEADER 2021

| Téama | Fothéama | Buiséad Bunaidh Tionscadail | Líon na dTionscadal a faomhadh go deireadh bliana 2021 | Luach na dTionscadal a faomhadh go deireadh bliana 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt an Gheilleagair Tuaithe, Forbairt Fiontraíochta agus Cruthú Post | Turasóireacht na Tuaithe | €700,000.00 | 3 | €26,106.10 |
| | Forbairt Fiontair | €1,900,000.00 | 9 | €594,030.24 |
| | Bailte Móra na Tuaithe | €750,000.00 | 2 | €23,057.89 |
| | Leathanbhanda | €250,000.00 | 0 | €0.00 |
| Ionchuimsiú Sóisialta | Seirbhísí Bunúsacha | €1,981,282.00 | 10 | €467,668.58 |
| | Óige na Tuaithe | €400,000.00 | 1 | €374,137.53 |
| Comhshaol na Tuaithe | Acmhainní Uisce | €200,000.00 | 0 | €0.00 |
| | Bithéagsúlacht | €200,000.00 | 0 | €0.00 |
| | Fuinneamh In-athnuaite | €200,000.00 | 1 | €17,656.65 |
| **Totals:** | | **€6,581,282.00** | **26** | **€1,502,656.99** |

# Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach

Rinneadh *Plean Corparáideach 2019-2024* Chomhairle Contae Ros Comáin a ullmhú i gcomhréir leis na forálacha reachtúla a leagtar amach in Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú ag Alt 49 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Ghlac Comhaltaí Tofa leis go foirmiúil ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle dá gcuid i mí Feabhra 2020.

Tá an Plean Corparáideach ag croílár ghníomhaíocht ghnó na Comhairle. Déantar an Plean a ullmhú ar bhunús cur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta lena gcuimsítear feidhmeanna agus freagrachtaí éagsúla na Comhairle. Leis an bplean cuirtear creat leathan le haghaidh gníomhaíochta ar fáil don Chomhairle thar thréimhse 5 bliana agus príomhghnéithe beartais náisiúnta agus riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha an phobail agus na saoránaigh ar a bhfreastalaíonn sí á dtabhairt san áireamh.

Ullmhaíodh *Plean Corparáideach 2019-2024* tar éis próiseas comhairliúcháin leathan agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha rannpháirteach ann. Áiríodh leis sin comhairliúchán leis an bhfoireann, le Comhaltaí Tofa agus leis an bpobal i gcoitinne trí shuirbhé a rinneadh ar ardáin na meán sóisialta..

Leis an bplean, leagtar amach cuspóirí na Comhairle leis chun í a éascú a misean a chur i bhfeidhm go rathúil, eadhon 'ag áirithiú, ***'trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, gur áit tarraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus beoga é Contae Ros Comáin chun maireachtáil ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air'.*** Tá na cuspóirí sin dírithe ar na 3 thosaíocht a leanas:

- ***Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;***
- ***Forbairt eacnamaíoch agus pobail;***
- ***Seirbhísí ardchaighdeáin dár ndaoine.***




Is é príomhchuspóir den Phlean Corparáideach creat a sholáthar ina ndéantar *Pleananna Bliantúla Seirbhíse* a fhoirmliú. I bPlean Soláthair Seirbhísí Bliantúil 2021 de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin, *rinneadh straitéisí tacaíochta mionsonraithe as cuspóirí Phlean Corparáideach 2019-2024* do gach rannóg agus aonad gnó don bhliain mar aon le gníomhaíochtaí i dtaca le seachadadh seirbhísí chomh maith le méadracht chun tomhas an dul chun cinn a éascú. Rinneadh gnéithe ar leith den *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2021* a sholáthar trí *Sceidil Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh* a d'fhorbair gach Ceantar Bardasach.

San áireamh leis na buaicphointí in 2021, i dtéarma dul chun cinn a baineadh amach *maidir le cuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí an Phlean Chorparáidighatá* san áireamh le *Plean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2021* bhí:

- Cuireadh an *Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta* i gcríich.
- Chuir an Roinn Tithíochta 106 aonad tithíochta sóisialta ar fáil faoin *gClár um Éadáil agus Tógáil* dá cuid.
- Síníodh 111 Chomhaontú Tionóntachta
- Ag deireadh 2021, bhí 369 mbaile ag fáil tacaíochta faoin *Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC).*
- Tugadh cóiríocht do 103 iarratasóir faoin *Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP).*
- Cuireadh tús le dearadh agus le hoibreacha ullmhúcháin ar *Thionscadal an Bhóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg*.
- Tionóladh próiseas an Chomhairliúcháin Phoiblí Uimh. 2 (Roghanna agus Roghanna Eile) do *Thionscadal N4 ó Chora Droma Rúisc go Dromad*.
- Dearbhaíodh Conair C-3 mar an Chonair Bhealaigh Roghnaithe do thionscadal an bhóthair *N62 Bhaile Uí Mhuirígh go dtí an Leathcheathrú (Cnoc an Chrochaire*. Foilsíodh an Tuarascáil ar Roghnú na Rogha agus eisíodh ábhair insoláthartha uile Chéim 2 do TII.
- Críochnaíodh conradh an iniúchta talún mhionsonraithe, chun próiseas an réamh-dhearaidh a threorú do *Thionscadal Athailínithe an N61 ó Thuilsce go Clais an Ghainimh*.
- Cuireadh níos mó ná 400 tionscadal i gcrích ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.
- Ullmhú *Phlean Forbartha Chontae Ros Comáin 2021-2027* curtha chun cinn trí chéimeanna reachtúla áirithe.
- Fuarthas 723 iarratas ar phleanáil.
- Sheirbheáil Comhairle Contae Ros Comáin 89 Litir Foláirimh agus 5 Fhógra Forfheidhmithe maidir le forbairt neamhúdaraithe a líomhnaíodh. Cuireadh tús le gníomh dlí i 5 chás forfheidhmithe.
- Glaodh ar aonaid briogáid dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin na Comhairle 255 uair.
- Tugadh faoi chigireachtaí sábháilteachta dóiteán ar 55 áitreabh poiblí.
- Phróiseáil an tAonad Rialaithe Foirgneamh 230 Fógra um Thosach Feidhme le haghaidh 251 foirgneamh.
- Rinne an Chomhairle €60,000 a leithdháileadh ar 89 dtionscadal faoi *Scéim Deontas Pobal agus Taitneamhachtaí*.
- Leithdháileadh ar Chomhairle Contae Ros Comáin€133,301 faoin *Clár Feabhsúcháin Phobail*. Rinneadh an t-airgead a dháileadh ar 66 grúpa pobail.
- Cuireadh tús le hoibreacha ar *Thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin*.
- Tá an conraitheoir atá i bhfeidhm ag *Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín* ag leanúint ar aghaidh le dearadh mionsonraithe molta i gcomhar leis na páirtithe ar fad.
- Cuireadh Céim 1 den *Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce* i bhfeidhm i ndiaidh próisis chomhairliúcháin phoiblí.
- B'ionann an chomhlíontacht fhoriomlán le Rialacháin An Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil agus 99.03%.
- Bhí na hionaid cóireála fuíolluisce ar fad i Ros Comáin i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach.
- Eisíodh dréacht de *Phlean Bainistíochta Abhantrach 2022-2027* do chomhairliúchán poiblí.
- Leithdháileadh deontas €139,043 ar Chomhairle Contae Ros Comáin ón *gCiste um Chomhshaol* chun tacú le tionscnaimh thiomnaithe intomhaiste um fhorfheidhmiú.
- Cuireadh 82 suirbhé ar thruailliú bruscair i gcrích faoin *gCóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar*.
- Fógraíodh an tairiscint le haghaidh físeán promóisin a tháirgeadh maidir le gníomhú ar son na h-aeráide.
- Eagraíodh feachtas fógraíochta ar bhonn náisiúnta sna nuachtáin chun breoslaí soladacha ísealdeataigh a chur chun cinn.
- Bhain Comhairle Contae Ros Comáin 38.1% de laghdú fuinnimh amach ar bhonnlíne 2009.
- B'ionann na leibhéil chaiteachais do Chuntais Ioncaim agus do Chuntais Chaipitil na Comhairle agus €71.3 milliún agus €44.2 milliún faoi seach.

Baineadh leas as Tuarascálacha gach Mí agus gach Ráithe chun tuairisciú a dhéanamh ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024 agus ar Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2021, a tugadh do na Comhaltaí Tofa. Baineadh leas chomh maith as próisis iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus as próiseas Táscaire Feidhmíochta chun é a thomhas, de réir threoirlínte de chuid an *Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)*. Tá tuairisc iomlán maidir le Táscairí Seirbhísí le haghaidh 2021 ar fáil in *Aguisín 1* sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

# Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2021

| C: CORPARÁIDEACH | |
|---|---|
| **C1: Coibhéis Lánaimseartha ar an Iomlán** | |
| A. Coibhéis lánaimseartha (CL) na mball foirne amhail an 31 Nollaig 2021 | **395.76** |
| **C2: Laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinnis** | |
| A. An céatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire a raibh teastas liachta ann ina leith in 2021 | **3.69%** |
| B. An céatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire fhéindeimhnithe in 2021 | **0.18%** |
| **C3: Úsáid a baineadh as suíomh gréasáin agus meáin shóisialta an údaráis áitiúil** | |
| A. Líon iomlán na n-amharc ar leathanaigh in aghaidh an duine ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil in 2021 | **11.91** |
| B. Líon iomlán leantóirí in aghaidh an duine ag deireadh 2021 ar chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil | **0.64** |
| **C4: Costas foriomlán ar sholáthar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) in aghaidh na coibhéise lánaimseartha** | |
| A. An caiteachas iomlán ar TFC sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021, arna roinnt ar líon na bhfostaithe CL a cuireadh ar fáil faoi tháscaire C1 | **€4,635.55** |
| **C5: Costas foriomlán TFC mar chion den Chaiteachas Ioncaim** | |
| A. Caiteachas uile ar TFC arna ríomh i C4 mar chion den chaiteachas ioncaim | **2.57** |

| E: DRAMHAÍL / COMHSHAOL | |
|---|---|
| **E1: Líon / Céatadán de na Teaghlaigh a bhfuil Rochtain acu ar Sheirbhís 3 Araid** | |
| A. Líon na dteaghlach, bunaithe ar dhaonáireamh 2016, atá suite i limistéar atá cumhdaithe ag oibritheoir ceadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araid amhail an 31 Nollaig 2021 | **5,908** |
| B. Céatadán de na teaghlaigh laistigh de limistéar an údaráis áitiúil (de réir daonáireamh 2016) arb ionann an líon ag A (bunaithe ar cheirtleáin níos mó ná 500) | **87.79%** |
| **E2: Líon na nGearán maidir le Truailliú Comhshaoil a Dúnadh** | |
| A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán i ndáil leo le linn 2021 | **883** |
| A2. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 | **943** |
| A3. Líon iomlán na gcásanna idir lámha amhail an 31 Nollaig 2021 | **320** |
| **E3: Céatadán de Limistéar an Údaráis Áitiúil taobh istigh de na 5 Leibhéal de Thruailliú Bruscair** | |
| A. An céatadán den limistéar san údarás áitiúil a bhí, nuair a rinneadh suirbhéireacht air, in 2021:<br>1. gan truailliú nó saor ó bhruscar<br>2. truaillithe de bheagán<br>3. measartha truaillithe<br>4. go suntasach truaillithe nó 5) thar a bheith truaillithe | <br>**22%**<br>**77%**<br>**1%**<br>**0%**<br>**0%** |

ar lean >

| **E4: Stádas an Bhrait Ghlais** | |
|---|---|
| Céatadán de na scoileanna a bhfuil stádas an bhrait ghlais dafa/athnuaite ina leith sa dá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021 | **53.06%** |
| **E5: Éifeachtúlacht Fuinnimh** | |
| A. An céatadán carnach de choigiltis fuinnimh a baineadh amach faoin 31 Nollaig 2021 i gcomparáid le bliain na bonnlíne (2009) | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| **E6: Soilsiú Poiblí** | |
| A. Vatacht inbhilleáilte iomlán an chórais soilsithe phoiblí | **2,715.57 MWh** |
| B. Vatacht inbhilleáilte an chórais soilsithe phoiblí ar an meán | **81.30 W** |
| C. Céatadán den chóras iomlán a bhfuil solais LED i gceist leis | **51.76%** |

## F: SEIRBHÍS DÓITEÁIN

| **F1: Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin** | |
|---|---|
| A. Sonraí caiteachais ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár E do 2021 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 don daonra a ndéanann an t-údarás dóiteáin freastal air de réir na dtuarascálacha Chéim a hAon den Chur Chuige Bunaithe ar Riosca | **€63.82** |
| **F2: Slógadh na seirbhíse** | |
| A. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le dóiteán | **N/A** |
| B. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le dóiteán | **6.8 nóiméad** |
| C. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad) | **N/A** |
| D. An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad) | **6.8 nóiméad** |
| **F3: Céatadán de na hamanna chun Freastal ar na Láithreacha** | |
| A. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | **20.45%** |
| B. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | **59.09%** |
| C. Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | **20.45%** |
| D. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | **30.84%** |
| E. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | **54.21%** |
| F. Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | **14.95%** |

## H: TITHÍOCHT

| **H1: Stoc Tithíochta Sóisialta** | |
|---|---|
| A. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 1 Eanáir 2021 | **1,380** |
| B. Líon na dteaghaisí a cuireadh le stoc an údaráis áitiúil le linn 2021 (bíodh gur tógadh nó go bhfuarthas iad) | **48** |

ar lean >

| | |
|---|---|
| C. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a díoladh in 2021 | **14** |
| D. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a leagadh in 2021 | **0** |
| E. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 31 Nollaig 2021 | **1,414** |
| F. Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad atá pleanáilte lena leagan faoi scéim faofa de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | **0** |
| **H2: Folúntais Tithíochta** | |
| A. An céatadán de líon iomlán na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a bhí folamh an 31 Nollaig 2021 | **4.03%** |
| **H3: Tréimhse agus costas ar an meán chun an teaghais a ligean ar cíos arís** | |
| A. An méid ama a glacadh ón dáta ar éirigh an teaghais folamh go dtí an dáta in 2021 nuair a chuir tionónta tús le cónaí sa teaghais, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíos arís le linn 2021 | **25.61 seachtain** |
| B. An méid a caitheadh ar thionóntaí nua a fháil in 2021 do na haonaid a bhí réidh lena ligean ar cíos arís, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíos arís le linn 2021 | **€14,705.21** |
| **H4: Costas Cothabhála Tithe** | |
| A. Caiteachas le linn 2021 ar thithíocht de chuid an údaráis áitiúil a chothabháil ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021, arna roinnt ar líon na dteaghaisí i stoc an údaráis áitiúil amhail an 31 Nollaig 2021 | **€1,517.42** |
| **H5: Iniúchtaí san earnáil cíosa príobháidí** | |
| A. Caiteachas le linn 2021 ar thithíocht de chuid an údaráis áitiúil a chothabháil ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021, arna roinnt ar líon na dteaghaisí i stoc an údaráis áitiúil amhail an 31 Nollaig 2021 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| B. Líon na dteaghaisí cíosa a ndearnadh iniúchadh orthu in 2021 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| C. Céatadán de na teaghaisí a ndearnadh iniúchadh orthu in 2021 nach raibh i gcomhréir leis na Rialacháin Caighdeán | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| D. Líon na dteaghaisí neamh-chomhlíontacha a d'éirigh comhlíontach in 2021 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| **H6: Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach** | |
| A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2021 | **20%** |

## J: FORBAIRT GHEILLEAGRACH

| | |
|---|---|
| **J1: Líon na bPost a Cruthaíodh** | |
| A. Líon na bpost in aghaidh an duine a cruthaíodh agus cúnamh faighte ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 | **161.1304** |
| **J2: Dearbháin chun Trádáil Ar Líne** | |
| A. Líon na n-iarratas in aghaidh an duine ar dhearbháin chun trádáil ar líne faofa ag an Oifig Fiontair Áitiúil in 2021 | **65.0719** |
| B. Líon na ndearbhán trádála sin in aghaidh an duine ar tarraingíodh anuas iad in 2021 | **48.0293** |
| **J3: Líon na nDaoine ar tugadh Meantóireacht dóibh** | |
| A. Líon na rannpháirtithe in aghaidh an duine ar tugadh meantóireacht dóibh le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 | **680.1562** |
| **J4: Turasóireacht** | |
| A. An bhfuil straitéis reatha turasóireachta ag an údarás áitiúil? | **Yes** |
| B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil? | **Yes** |

| L: SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE / FÓILLÍOCHTA | |
|---|---|
| **L1: Cuairteanna ar an Leabharlann agus Eisiúintí** | |
| A. Líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine den daonra do limistéar an údaráis áitiúil de réir dhaonáireamh 2016 | **0.49** |
| B. Líon na n-earraí a eisíodh do lucht iasachta ón leabharlann le linn na bliana | **78,872** |
| C. Baill chláraithe den leabharlann in aghaidh an duine den daonra. | **0.06** |
| D. Líon de bhaill chláraithe na leabharlainne sa bhliain | **2,935** |
| **L2: Costas as Seirbhís Leabharlainne a Reáchtáil** | |
| A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár F do 2021 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | **€43.72** |
| B. An caiteachas bliantúil in aghaidh an duine ar bhailiúcháin in 2021 | **€1.25** |

| M: Airgeadas | |
|---|---|
| **M1: Achoimre 5 Bliana ar Iarmhéid Ioncaim** | |
| A. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2017 | **€183,369** |
| B. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2018 | **€189,834** |
| C. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2019 | **€201,740** |
| D. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2020 | **€218,803** |
| E. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2021 | **€243,944** |
| F. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2021 mar chéatadán den ioncam iomlán in 2021 ón Ráiteas don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil | **0.32%** |
| G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine in 2021 | **€1,105.70** |
| H. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine in 2021 seachas caiteachas suntasach lasmuigh den chontae/ar sheirbhís roinnte | **€1,105.70** |
| **M2: Achoimre 5 Bliana ar an gcéatadán de na leibhéil bhailiúcháin d'fhoinsí móra ioncaim** | |
| A. Na figiúirí ar leith céatadáin sa cholún deiridh in Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil le haghaidh 2017 maidir le:<br>Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>um Iasachtaí Tithíochta | <br><br>**83%**<br>**91%**<br>**56%** |
| 2018: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>um Iasachtaí Tithíochta | **86%**<br>**92%**<br>**55%** |
| 2019: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>um Iasachtaí Tithíochta | **89%**<br>**91%**<br>**76%** |
| 2020: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>um Iasachtaí Tithíochta | **68%**<br>**93%**<br>**62%** |
| 2021: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>um Iasachtaí Tithíochta | **89%**<br>**93%**<br>**65%** |
| **M3. Éilimh faoi Dhliteanas Poiblí** | |
| A. Costas in aghaidh an duine na n-éileamh a réitíodh do 2021 | **€5.00** |
| **M4. Forchostais** | |
| A. Muirear bainistíochta láir foriomlán mar chéatadán de chaiteachas iomlán ar an gCuntas Ioncaim | **14.86%** |
| B. Costais phárolla iomlána mar chéatadán de chaiteachas ioncaim | **36.75%** |

| P: PLEANÁIL | |
|---|---|
| **P1: Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu** | |
| A. Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | **13.24%** |
| **P2: Líon / Céatadán de na Cinntí Pleanála a Dheimhnigh An Bord Pleanála** | |
| A. Líon chinntí pleanála an údaráis áitiúil a bhí mar ábhar in achomharc a rinneadh chuig an mBord Pleanála a shocraigh an Bord ar dháta ar bith in 2021 | **15** |
| B. Céatadán de na cinntí ag A nuair a dheimhnigh an cinneadh a rinne an t-údarás (le hathrú nó gan athrú) | **46.67%** |
| **P3: Céatadán de na Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a Dúnadh mar Réitithe** | |
| A. Líon iomlán na gcásanna pleanála a ndearnadh iniúchadh orthu a treoraíodh chuig an údarás áitiúil nó iad tionscanta ag an údarás áitiúil, sa tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021 | **114** |
| B. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn 2021 | **160** |
| C. Céatadán de na cásanna ag B a diúltaíodh mar mionchúiseach, fánach nó gan bhunús a bheith leo nó a dúnadh mar gheall ar urchosc reachta nó forbairt eisiata | **63.75%** |
| D. Céatadán de na cásanna ag B a réitíodh go sásamh an údaráis áitiúil de thoradh ar idirbheartaíocht | **8.12%** |
| E. Céatadán de na cásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | **28.12%** |
| F. Líon na gcásanna pleanála atá á n-iniúchadh amhail an 31 Nollaig 2021 | **149** |
| **P4: Costas per capita na Seirbhíse Pleanála** | |
| A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár D arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | **€24.77** |
| **P5: Iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán** | |
| A. An céatadán de na hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2021 a ndearnadh cinneadh maidir leo (deonaithe nó diúltaithe) taobh istigh de dhá mhí ó fuarthas an t-iarratas | **45.24%** |
| B. An céatadán de na hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2021 a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe nó diúltaithe) taobh istigh de thréimhse shínte a comhaontaíodh leis an iarratasóir | **33.33%** |

| R: BÓITHRE | |
|---|---|
| **R1: Ratálacha san Innéacs maidir le Bail Dromchla Cosán (PCSI)** | |
| A. Céatadán na mBóithre<br>(a) Réigiúnacha<br>(b) ar Príomhbhóithre Áitiúla iad<br>(c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád a fuair rátáil PCSI maidir le bail sa tréimhse 24 mhí roimh an 31 Nollaig 2021 agus<br>(d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád a fuair rátáil PCSI maidir le bail sa tréimhse 60 mí go dtí an 31 Nollaig 2021 | **93.00%**<br>**96.00%**<br>**96.00%**<br>**73%** |
| B. An céatadán de chiliméadair bóithre ar na (a) Bóithre Réigiúnacha (b) Príomhbhóithre Áitiúla (c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád agus (d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád iad dá bhfuil líon na gciliméadar ag tagairt ar an 31 Nollaig 2021, iad rátáilte i ngach ceann de na 4 ghrúpáil seo a leanas de na 10 gcatagóir rátála PSCI; 1-4, 5-6, 7-8 agus 9-10 do gach cineál bóthair. | |
| (a) Bóthar Réigiúnach | |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4 | **3.91%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6 | **16.36%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8 | **33.19%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **46.36%** |
| (b) Príomhbhóthar Áitiúil | |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4 | **7.78%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6 | **44.39%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8 | **25.26%** |
| Ar an 31 Nollaig 2021, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **22.23%** |

ar lean >

| | |
|---|---|
| (c) Bóthar Áitiúil den Dara Grád<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **13.37%**<br>**45.00%**<br>**22.41%**<br>**18.15%** |
| (d) Bóthar Áitiúil den Tríú Grád<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Amhail an 31 Nollaig 2021, an % ar chatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **19.33%**<br>**40.44%**<br>**12.16%**<br>**12.23%** |
| **R2: Oibreacha dheonacha na mbóithre réigiúnacha** | |
| A. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2021 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **19.6km**<br>**€4,359,363**<br>**€33.19** |
| B. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2021 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **0.0 km**<br>**€0**<br>**€0** |
| C. Ciliméadair de bhóithre áitiúla (i.e. líon iomlán na bpríomhbhóithre, agus na mbóithre den dara grád agus den tríú grád) a neartaíodh le linn 2021 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **146.3km**<br>**€7,438,255**<br>**€13.16** |
| D. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn 2021 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **126.8km**<br>**€2,427,655**<br>**€5.15** |
| **R3: Céatadán de na hidirbhearta mótarchánach a rinneadh ar líne** | |
| A. Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a gcaitear leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca cánach) | **78.54%** |

## W: UISCE

| | |
|---|---|
| **W1: Céatadán den uisce óil i Scéimeanna Príobháideacha i gcomhréir le Ceanglais Reachtúla** | |
| Céatadán den uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla maidir le monatóireacht ar cháilíocht soláthairtí príobháideacha uisce óil le linn 2021 | **Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála** |
| **W2: Céatadán na scéimeanna cláraithe a ndéantar monatóireacht orthu** | |
| Líon na scéimeanna cláraithe a ndéanann gach údarás áitiúil monatóireacht orthu mar chéatadán de líon na scéimeanna cláraithe ina n-iomláine | **80.00%** |

## Y: ÓIGE / POBAL

| | |
|---|---|
| **Y1: Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg** | |
| A. Céatadán na scoileanna áitiúla páirteach sa scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | **100%** |
| **Y2: Grúpaí atá bainteach leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)** | |
| A. Líon na n-eagraíochtaí atá ar Chlár an Chontae agus cion na n-eagraíochtaí sin a roghnaigh chun páirt a ghlacadh sa Choláiste Ionchuimsithe Sóisialta sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail | **15.06%** |

# Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2021

| Comhdhálacha/Seimineáir in Éirinn ar fhreastail Comhairle Contae Ros Comáin orthu in 2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Eagraí** | **Imeacht Oiliúna/Comhdhála** | **Ionad** | **Líon Comhairleoirí a d'fhreastail ar an imeacht** |
| 22/01/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | An Cinneadh a rinneadh ar an Iarratas Pleanála agus ar an Achomharc | Ar líne | 5 |
| 19/02/21 | IT Luimnigh | Cúrsa Ceannaireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ar líne | 11 |
| 26/02/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Forléargas ar Fheidhmeanna Forfheidhmithe Pleanála | Ar líne | 4 |
| 08/03/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Fóram Náisiúnta na mBan um Rialtas Áitiúil | Ar líne | 1 |
| 26/03/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Bonneagar Cumarsáide agus Údaráis Áitiúla | Ar líne | 4 |
| 30/04/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Spriocanna Soláthair Tithíochta agus Croístraitéisí | Ar líne | 3 |
| 07/05/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Tithíocht an Údaráis Áitiúil agus an Ghníomhaireacht Tithíochta | Ar líne | 3 |
| 28/05/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Pleanáil Tuaithe agus Forbairt Pholasaí | Ar líne | 4 |
| 23/07/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Soláthar Tithíochta Ardchaighdeáin atá Oiriúnach don Láthair ina bhfuil sí | Ar líne | 4 |
| 16/09/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 1 - Cinneadh an Rialtais maidir le hAthchóiriú Íocaíochtaí Iníoctha le Baill Tofa an Údaráis Áitiúil agus Nuashonrú ar an mBille Pleanála agus Forbartha | Óstán agus Ionad Fóillíochta an Túir, Port Láirge | 1 |
| 24/09/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Foinsí In-athnuaite Cois Cladaigh agus Amach ón gCósta | Ar líne | 2 |
| 07/10/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 1 - Cinneadh an Rialtais maidir le hAthchóiriú Íocaíochtaí Iníoctha le Baill Tofa an Údaráis Áitiúil agus Nuashonrú ar an mBille Pleanála agus Forbartha | Óstán Shearwater, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 2 |
| 08/10/21 | Comhdhálacha Ceilteacha | Meabhairshláinte agus Folláine | Óstán O'Donovan, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 1 |
| 29/10/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Conas Spriocanna Fuinnimh In-athnuaite Náisiúnta a Chur i bhFeidhm i bPleananna Forbartha | Ar líne | 3 |
| 03/11/21 | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Seimineár Oiliúna Meabhairshláinte agus Pleanála | Óstán na Páirce, Sligeach | 3 |
| 06/11/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 2 - Meabhairshláinte agus Folláine na gComhaltaí Tofa agus Seisiún Eolais ar an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc | Óstán Clayton, Gaillimh, Co. na Gaillimhe | 2 |
| 26/11/21 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Beartas Phlean Forbartha an Chontae | Ar líne | 1 |
| 03/12/21 | Comhdhálacha Ceilteacha | Meabhairshláinte agus Folláine | *Óstán Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú* | 2 |

B'ionann an caiteachas iomlán do Chomhaltaí Tofa maidir le freastal ar oiliúint agus ar chomhdhálacha agus €3,462.19.

# Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2021

| Liosta de Choistí Contae agus de Chomhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu in 2021 | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Choiste** | **Cuspóir an Choiste** | **Comhaltaí Tofa a ionadaíonn Chomhairle Contae Ros Comáin** |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) | Déanann an t-aontas seo clár cruinnithe a eagrú a chuidíonn le comhaltaí tuairimí a chur in iúl maidir le fadhbanna faoi láthair i saol na Comhairle. Is acmhainn líonraithe, forbartha beartas agus oiliúna an AILG do na Comhaltaí Tofa ar na 31 Chomhairle Contae agus Cathrach in Éirinn. | Comhairleoirí Connaughton*, Leyden** agus Fallon<br>**An 11 Bealtaine 2021 - Tháinig Clr. Waldron in áit Clr. Connaughton.*<br>***22 Samhain 2021 - Tháinig Clr. Fitzmaurice in áit Clr. Leyden.* |
| Tionól Réigiúnach Thuaidh agus Thiar | Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oibríochta atá maoinithe ag AE sa Réigiún Thuaidh agus Thiar. | Comhairleoirí Leyden agus Naughten |
| Fóram Oidhreachta | Comhlacht comhairleach chun maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. | Comhairleoir Murphy |
| Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin | Tá an coiste seo freagrach as rialachas na seirbhísí oideachais agus riaracháin ar fad a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar fáil. | Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Fallon |
| Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teoranta (IPB) | Tá gá le Coiste ós rud é go bhfuil IPB ina chuideachta fhrithpháirteach. | Comhairleoir Keogh |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Déanann an cumann ionadaíocht thar ceann chomhaltaí na n-údarás áitiúil ar leibhéal contae, cathrach agus bardasach. Cumann atá ann chun coinníollacha níos fearr, oideachas agus oiliúint a bhaint amach le haghaidh comhaltaí atá ann. | Comhairleoir Cummins |
| Cumann Leabharlann na hÉireann | Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann. | Comhairleoir Callaghan |
| Cumann Leabharlann na hÉireann | Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann mar thoscaire | Comhairleoirí Callaghan, McDermott agus Waldron |
| An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | Chun maoiniú forbartha pobail agus áitiúil a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú agus chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le cláir agus idirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail a reáchtáil. | Comhairleoirí D.Kilduff, Fitzmaurice agus Fallon |

| Liosta de Choistí Contae agus de Chomhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu in 2021 | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Choiste** | **Cuspóir an Choiste** | **Comhaltaí Tofa a ionadaíonn Chomhairle Contae Ros Comáin** |
| Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil | Chun comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don lucht siúil a sholáthar agus a bhainistiú. | Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Crosby |
| An Fóram Réigiúnach Sláinte Thiar | Chun a chinntiú go mbeadh deis ag comhaltaí tofa áitiúla ar bhonn leantach chun maoirsiú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chuireann FSS ar fáil. | Comhairleoirí Ward, Cummins agus Crosby |
| Comhchoiste maidir le Draenáil na Suca | Chun maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil leantach ar Cheantar Draenála na Suca | Comhairleoirí Dineen, Connaughton*, Fitzmaurice, Kilduff agus Naughten **26ú Aibreán 2021 – chuaigh an Comhairleoir Connaughton ar scor* |
| Coiste Sábháilteachta ar na Bóithre Le Chéile | Chun go mbeidh na bóithre i gContae Ros Comáin níos sábháilte d'úsáideoirí ar fad na mbóithre. | Comhairleoirí Waldron, Murphy agus Naughten |
| Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg Ros Comáin | Comhairle áitiúil na n-óg, a thugann tacaíocht do pháistí agus do dhaoine óga ionas go n-éistear leo nuair atá seirbhísí agus polasaithe áitiúla á bhforbairt. Bíonn an coiste stiúrtha ag cuidiú le daoine óga rochtain agus teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil agus le forais déanta cinntí sa chontae. | Comhairleoirí McDermott agus Crosby |
| Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Ros Comáin | Comhairle a chur ar an gcomhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, cúrsaí a bhaineann le bainistíocht riosca agus iniúchóireacht, dea-chleachtais na cuntasaíochta a chur chun cinn, cinnteoireacht níos fearr agus níos eolaí a chinntiú, agus an fócas ar luach ar airgead a fheabhsú ar fud na heagraíochta. | Comhairleoirí Cummins agus Fallon |
| Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Contae Ros Comáin | Chun fónamh mar fhóram maidir le comhairliúchán, pléití agus moltaí i dtaca le gnóthaí a bhaineann le póilíneacht i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil | Comhairleoirí Waldron, Kilduff, Shanagher, Dineen, Ward, Naughten, Fitzmaurice, Callaghan, Cummins, Fallon, Crosby, Leyden, agus Murphy **22ú Márta 2021 - cuireadh an Comhairleoir McDermott in ionad an Chomhairleora Leyden* |
| Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae | Chun comhairle a thabhairt maidir le Clár an Uisce Tuaithe a fheidhmiú agus chun monatóireacht a dhéanamh chur i bhfeidhm an chláir | Comhairleoirí Kilduff, Cummins agus Callaghan. |
| Údarás na hOllscoile, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | Freagrach as gnóthaí uile na hOllscoile a bhainistiú agus a rialú | Comhairleoir Keogh |
| Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair | Tá an coiste seo tiomanta do Chonair Iarnróid an Iarthair a athoscailt. | An Comhairleoir Crosby |

# Aguisín 4: An Struchtúr Bainistíochta 2021

**Eugene Cummins**
Príomhfheidhmeannach

## Majella Hunt
Stiúrthóir Seirbhísí

- Tithíocht
- Pobal & Fiontraíocht
- Na hEalaíona
- Seirbhísí Leabharlainne
- Oidhreacht
- Turasóireacht
- Oifig Fiontar Áitiúil
- Athnuachan & Tionscadail Speisialta
- Bainisteoir Limistéir MD Ros Comáin

## Shane Tiernan
Stiúrthóir Seirbhísí

- CBS um Iompar de Bhóithre
- Seirbhísí Éigeandála
- Rialú Foirgníochta
- Pleanáil
- Bainisteoir Limistéir MD Mhainistir na Búille

## Caitlin Conneely
Leas-Stiúrthóir Seirbhísí

- Seirbhísí Uisce
- Comhshaol & Aeráid
- Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Bainistíocht Sócmhainní & Fuinnimh
- Sláinte & Sábháilteacht
- Bainisteoir Limistéir MD Bhaile Átha Luain

## Sean Mullarkey
Leas-cheannasaí Airgeadais

- Cúrsaí Airgeadais
- TFC (agus Bunathrú Digiteach san áireamh)



*Gairdíní Theach Bhéal na mBuillí*


*Páirc Foraoise Loch Cé*

Comhairle Contae Ros Comáin
Áras an Chontae, Ros Comáin,
Contae Ros Comáin, F42 VR98

Fón: +353 (0)90 6637100
Facs: +353 (0)90 6625599
R-phost: customerservice@roscommoncoco.ie

CONSTANS HIBERNIAE COR

www.roscommon.ie

RoscommonCountyCouncil

@roscommoncoco